An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

Tuarascáil Bhliantúil 2024

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Clár Ábhar

Réamhrá an Aire Norma Foley 4

Réamhrá an Aire Stáit Higgins 6

Réamhrá an Ard-Rúnaí 7

Ár gcuid Oibre in Uimhreacha 8

Achoimre Airgeadais 2024 9

Éachtaí na Roinne in 2024 10

Fís, Misean agus Luachanna na Roinne 2023-2025 12

Ár gCuspóirí Ardleibhéil 2023-2025 13

Dul chun cinn maidir leis na spriocanna Straitéiseacha i Ráiteas Straitéise na Roinne 14

Sprioc Straitéiseach 1 14

Sprioc Straitéiseach 2 26

Sprioc Straitéiseach 3 34

Sprioc Straitéiseach 4 39

Sprioc Straitéiseach 5 43

Sprioc Straitéiseach 6 52

Aguisín I: Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2024 59

Aguisín II: Bord Bainistíochta 2024 60

Aguisín III: Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne in 2024 61

Aguisín IV: Dualgas na hEarnála Poiblí 62

Aguisín V: Nochtadh Cosanta 63

Réamhrá an
Aire Norma Foley

Tá ríméad orm Tuarascáil Bhliantúil 2024 de chuid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a chur i láthair.

An tosaíocht is mó atá agam ná tionchar dearfach a bhaint amach agus a chinntiú dóibh siúd a bhfreastalaímid orthu – leanaí, daoine atá faoi mhíchumas agus iad siúd atá thíos le neamhionannas agus míbhuntáiste inár dtír.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo tarraingítear aird ar ghníomhaíochtaí agus éachtaí a rinneadh le linn na bliana chun cuspóirí ***Ráiteas Straitéise 2023 – 2025*** na Roinne a bhaint amach.

I measc na n-éachtaí a bhain an Roinn amach in 2024 tá an méid a leanas:

- Chomhlíon an Rialtas a thiomantas arís eile d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige leis an méadú 24% i mBuiséad 2025, agus buiséad €1.37 billiún faighte aige don earnáil, figiúr nach bhfacthas riamh cheana. Mar chuid de sin bhí tacaíocht don chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE). In athbhreithniú a rinneadh ar an gclár sin, tarraingíodh aird ar an tionchar an-dearfach atá ag Cúram agus Oideachas na Luath-Óige ar fhorbairt leanaí, ar a n-ullmhacht don scoil agus an fháil atá ag tuismitheoirí ar an gclár.
- Méadú 12% ar an maoiniú do sheirbhísí míchumais agus €3.2 billiún faighte i mBuiséad 2025.
- Méadú 14% ar an maoiniú do Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus leithdháileadh €1.1 billiún i mBuiséad 2025.
- Foilsiú na ***Straitéise Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh II 2024-2028*** a bhfuil mar sprioc aici Éire a bheith níos ionchuimsithí agus níos córa do phobal an Lucht Siúil agus don phobal Romach.
- Achtú ***an Achta um Chosaint Máithreachais, Comhionannas Fostaíochta agus Caomhnú Taifead Áirithe, 2024*** lenar féidir le mná a saoire mháithreachais a chur siar i gcás tinneas tromchúiseach, agus lenar tugadh isteach saoire mháithreachais do chomhaltaí an Oireachtais. Tháinig méadú freisin ar Saoire Thuismitheora go 9 seachtaine in aghaidh an tuismitheora i gcás duine a bhfuil leanbh faoi bhun dhá bhliain d'aois aige nó aici.
- Oscailt Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán, a chuireann íocaíochtaí airgid agus sochair shláinte ar fáil d'iarratasóirí incháilithe. Faoin Scéim Íocaíochta, fuarthas 5,997 iarratas faoi dheireadh 2024 agus rinneadh íocaíochtaí dar luach €53,733,500 ina n-iomláine (íocaíochtaí ginearálta agus íocaíochtaí a bhaineann le hobair).
- Phróiseáil Tusla agus Údarás Uchtála na hÉireann 14,750 iarratas ar fhaisnéis bhreithe i gcomhréir leis an Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022.
- Ceapachán Stiúrthóir ar an tSeirbhís Náisiúnta um Chaomhnóir ad litem (GAL) chun oifig a bhunú a chinnteoidh go mbeidh guth agus leas leanaí i gcónaí i gcroílár imeachtaí cúraim leanaí poiblí agus a chuirfidh seirbhís chaighdeánaithe ardcháilíochta ar fáil do na cúirteanna agus do leanaí agus daoine óga lena mbaineann na himeachtaí sin.
- Bunú Grúpa Idirghníomhaireachta um Leanaí Leochaileacha ina dtugtar le chéile páirtithe leasmhara ó fud fad an Rialtais agus óna Ghníomhaireachtaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar leanaí leochaileacha agus ar dhaoine óga atá faoi chúram.
- Athbhreithniú Náisiúnta ar Sheirbhísí Cuairte Tí agus bunú Chlár Cuairte Tí Náisiúnta Tusla, clár a chuideoidh le cur chuige inbhuanaithe náisiúnta a fhorbairt i leith seirbhísí cuairte tí chun torthaí a fheabhsú do thuismitheoirí agus dá leanaí.

- Foilsiú ***an Phlean Gníomhaíochta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2024-2028*** chun tacaíocht a thabhairt dár ndaoine óga chun barr a gcumas a bhaint amach agus chun bheith rannpháirteach sa tsochaí agus ina forbairt.
- Bunú Chomhairle Chomhairleach Éire Óg, a thabharfaidh comhairle agus tacaíocht maidir le cur i bhfeidhm ***Éire Óg***.
- Dul chun cinn ar ***an Lárionad Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán***, lena n-áirítear iarratas ar chead pleanála a chuir Oifig na nOibreacha Poiblí faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus sraith imeachtaí rannpháirteachais inar casadh go pearsanta le marthanóirí agus le dhaoine lena mbaineann sé, chomh maith lena dteaghlaigh agus lena n-abhcóidí.
- Tháinig an ***Prótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas*** (UNCRPD) i bhfeidhm in Éirinn an 30 Samhain 2024 agus léirigh sé tiomantas na hÉireann do chur i bhfeidhm leanúnach agus forásach na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar amach in UNCRPD.

In Eanáir 2025, bhí ríméad orm a bheith ceaptha i m'Aire sa roinn nua, An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais. Faoi fheidhm na himirce, chuir foireann dhícheallach sa roinn cóiríocht ar fáil do 32,702 duine a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta agus do 75,000 duine as an Úcráin a tháinig anseo tar éis ionradh na Rúise ar a dtír. Aistríodh feidhm na himirce chuig an Roinn Dlí agus Cirt ar an 1 Bealtaine 2025, agus feidhm na hóige aistrithe chuig an Roinn Oideachais.

Ba mhaith liom an deis a thapú le haitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag mo réamhtheachtaí Roderic O'Gorman, T.D. agus ag na hiar-Airí Stáit, Anne Rabbitte agus Joe O'Brien. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Ard-Rúnaí, le foireann na Roinne agus leis na páirtithe leasmhara go léir atá ag obair le chéile chun cuspóirí na Roinne a bhaint amach.

Sheol an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais a Ráiteas Straitéise nua le déanaí ina léirítear ár dtiomantas do bheart a dhéanamh de réir ár mbriathair maidir leis na réimsí go léir atá faoinár sainchúram.

Áirítear leis sin an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030 a seoladh le déanaí, agus tús á chur le forbairt físe agus straitéise nua le haghaidh saintacaíochtaí agus sainseirbhísí míchumais faoi 2030.

Chomh maith leis sin, tá béim ar leith leagtha ar thacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do Tusla agus iad ag obair ar mhaithe le folláine agus cosaint leanaí, le deiseanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí a chur ar fáil atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus inacmhainne do chách, agus le haghaidh a thabhairt ar an gcomhionannas agus an cuimsiú mar shaincheisteanna uile-Rialtais.

Táim ag tnúth go mór le bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Aire Stáit nuacheaptha, Emer Higgins, agus le leanúint ar aghaidh ag obair leis an Ard-Rúnaí, Kevin McCarthy, le foireann agus gníomhaireachtaí na Roinne, chomh maith le heagraíochtaí ionadaíocha agus daoine aonair, chun difear fiúntach a dhéanamh do shaol na ndaoine go léir ar a bhfreastalaímid.



Norma Foley TD

An tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

Réamhrá an
Aire Stáit Higgins

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil na Roinne don bhliain 2024 i mo cháil mar an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht maidir le Míchumas.

I measc bhuaicphointí 2024, ba é seo an chéad bhliain inar cuireadh ***An Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Míchumais 2024-2026*** i bhfeidhm, plean inar díríodh ar acmhainn a mhéadú agus ar chaighdeán Seirbhísí Míchumais in Éirinn a fheabhsú.

I rith 2024, reáchtáladh an-chuid comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ar fud earnáil an mhíchumais, go háirithe le daoine atá faoi mhíchumas iad féin, rud atá tábhachtach, agus an Roinn ag obair chun barr feabhais a chur ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta. Díríodh sa Phlean Gníomhaíochta ar sheirbhísí míchumais do leanaí, cúram faoisimh, socrúcháin chónaithe agus seirbhísí tacaíochta sa bhaile a leathnú.

Ar an 26 Lúnasa 2024, seoladh ***An Straitéis Nuálaíochta um Uathachas***, tionscnamh trasrialtais atá dírithe ar dhifear fiúntach a dhéanamh do shaol daoine a bhfuil an t-uathachas ag gabháil dóibh. Sa straitéis uile-Rialtais seo, leagtar amach 83 gníomh thar ceithre philéar leathan chun dul i ngleic le dúshláin atá roimh dhaoine a bhfuil an t-uathachas ag gabháil dóibh agus chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar a riachtanais ar bhealach níos fearr ar fud an chórais phoiblí.

Tar éis próiseas comhairliúcháin tréan cuimsitheach a tugadh chun críche in 2024, tá ***An Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030*** foilsithe anois. Leanadh ar aghaidh leis an gcomhairliúchán arís is arís le grúpaí páirtithe leasmhara, ina measc Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus soláthraithe seirbhísí míchumais, chomh maith le comhlachtaí ar fud an rialtais.

In iarracht cloí le tiomantas tábhachtach atá i gClár an Rialtais, déanfaidh an ***Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030*** mórathrú don bhealach a dtéimid i ngleic le beartas míchumais, agus clár oibre uaillmhianach inti chun leanúint de chur i bhfeidhm ***Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.***

I mó ról nua mar an tAire Stáit Míchumais, fáiltím roimh an deis chun oibriú i ndlúthchomhar leis an Aire Foley chun difear mór a dhéanamh do shaol daoine atá faoi mhíchumas ar fud na hÉireann. Tá mé ag tnúth go mór freisin le bheith ag obair leis an bhfoireann dhíograiseach agus thiomanta sa Roinn chun an obair ríthábhachtach seo a chur ar aghaidh.

Emer Higgins TD

An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht maidir le Míchumas

Réamhrá an Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Roinne do 2024 a chur i láthair. Foilsítear i gcomhréir le halt 4 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, breathnaítear siar ar 2024 agus ar an tionchar dearfach a bhí againn, mar Roinn, ar shaol leanaí, daoine óga, daoine fásta, teaghlach agus pobal chun aitheantas a thabhairt don éagsúlacht, chun freagairt do riachtanais agus chun comhdheiseanna a chur chun cinn thar raon réimsí.

Cuirtear i dtábhacht inti an obair a rinneadh in 2024 agus an dul chun cinn mór a rinneadh chun na tosaíochtaí a leagtar amach inár Ráiteas Straitéise 2023-2025 a chur chun feidhme.

Mar chuid dár dtiomantas do lucht saothair sofhreagrúil, díograiseach agus spreagtha a fhorbairt a sholáthraíonn torthaí don phobal, rinneamar athbhreithniú mionsonraithe ar ár gcumas eagraíochtúil agus chuireamar feabhsuithe leanúnacha i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an gcaoi a soláthraímid ár gcuid oibre don phobal.

Mar is gnách, tá bród orm buíochas a ghabháil le foireann na Roinne as a ndíograis agus a dtiomantas dá gcuid oibre, obair a dhéanann difear dearfach don tsochaí agus dár bpobal.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith don mhéid suntasach atá déanta le roinnt blianta anuas ag foireann na hÚcráine agus na Cosanta Idirnáisiúnta a aistríodh chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus ag an bhfoireann Gnóthaí Óige a aistríodh chuig an Roinn Oideachais agus Óige, agus iad ag leanúint ar aghaidh lena n-obair thábhachtach.

Ní mór dom buíochas a ghabháil le comhghleacaithe i Ranna Rialtais eile, inár ngníomhaireachtaí agus sna comhlachtaí maoinithe as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht leanúnach. Is príomhghné dár gcuid oibre í an chomhobair thrasrialtais agus an chomhobair idir gníomhaireachtaí agus cuidíonn siad linn beartais a fhorbairt agus a sholáthar atá ceaptha chun tacú leis na daoine a bhfreastalaímid orthu.

Ba mhaith liom fáilte mhór a chur roimh ár nAire nua, Norma Foley T.D., agus roimh an Aire Stáit, Emer Higgins T.D., agus guím gach rath ar an Aire Hildegarde Naughton ina ról nua mar Aire Oideachais agus Óige. Ag machnamh ar 2024, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Aire, Roderic O'Gorman agus leis na hiar-Airí Stáit Anne Rabbitte agus Joe O'Brien as a dtacaíocht agus a gceannaireacht le linn an ama sin. Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair leis an Aire Foley agus leis an Aire Stáit Higgins agus muid ag cur raon gealltanas uaillmhianach i gClár nua an Rialtais, Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú, i bhfeidhm anois.

Kevin McCarthy

Ard-Rúnaí

Ár gcuid Oibre in Uimhreacha

106,553
An líon leanaí a bhí cláraithe i gclár ECCE

32,702[1]
An líon Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta a fuair cóiríocht

56
An líon tionscnamh a fuair maoiniú chun tacú le himeascadh Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta

75,012[2]
An líon dídine a cuireadh ar fáil dóibh siúd a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin

276
An líon dídeanaithe sa chlár ar tugadh cóiríocht dóibh trí idirghabhálacha imeasctha

219,102
An líon leanaí ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus ar scéimeanna oidhreachta spriocdhírithe eile

155,159
An líon oícheanta faoisimh in ionad a cuireadh ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas

87%
An líon leanaí atá faoi chúram nó i socrúchán cúraim altrama

185
An líon comhairliúchán agus imeachtaí rannpháirtíochta a reáchtáladh, ina raibh leanaí agus daoine óga páirteach

1.848 milliún
Líon uaireanta an chloig de chúnamh pearsanta a cuireadh ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas

24
An líon tionscnamh chun tacú le himeascadh daoine LADTA+

€6.132 milliún
An líon maoinithe a cuireadh ar fáil do 42 tionscnamh a dhéanann tairbhe do phobal an Lucht Siúil agus don phobal Romach

6,649
An líon daoine atá faoi mhíchumas a fhaigheann seirbhísí tacaíochta sa bhaile

2,446
An líon ceisteanna a fuarthas ón bpreas ar tugadh freagra orthu

101 An líon preasráiteas a eisíodh

471
An líon Iarrataí ar Shaoráil Faisnéise a próiseáladh

11,369
An líon aighneachtaí a fuair Oifig an Aire

3,898
An líon Ceisteanna Parlaiminte a fuarthas

121
An líon Ionad Acmhainní Teaghlach a fuair maoiniú

53
An líon comhlachtaí a maoiníodh faoin gCiste Lánpháirtíochta um Chosaint Idirnáisiúnta

€7.988bn
An Buiséad Iomlán in 2024

4,781
An líon leanaí agus daoine óga a bhí páirteach i struchtúir rannpháirtíochta óige a fuair tacaíocht ón Roinn

Foinse: Tuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí 2024: https://assets.gov.ie/static/documents/Public_Service_Performance_Report_2024.pdf

1 29.12.2024 Tuarascáil Sheachtainiúil faoi Staitisticí IPAS https://www.gov.ie/en/international-protection-accommodation-services-ipas/publications/december-2024/

2 Tuarascáil Sheachtainiúil faoin gCóiríocht atá tugtha do Thairbhithe Cosanta Sealadaí, 17 Nollaig 2024 https://www.gov.ie/en/department-of-justice-home-affairs-and-migration/publications/accommodation-of-beneficiaries-of-temporary-protection-botps/

Achoimre Airgeadais 2024

B'fhiú €7.988 billiún an soláthar maoinithe chomhláin a tugadh don Roinn in 2024, faoi Vóta 40. Tháinig sin tar éis meastachán forlíontach amháin agus san áireamh ann bhí €7.845 billiún le haghaidh caiteachas reatha agus €143 milliún le haghaidh caiteachas caipitiúil. B'ionann sin agus méadú €804 milliún (11%) ar an soláthar maoinithe chomhláin le haghaidh 2023, arbh fhiú €7.185 billiún é.

B'ionann táirgeacht chaiteachais chomhláin shealadach na Roinne in 2024 agus €7.866 billiún, méadú €721 milliún, nó 10% ar tháirgeacht 2023, arbh fhiú €7.145 billiún é.

Leis an gcaiteachas in 2024, bhíothas in ann méid suntasach seirbhísí a sholáthar ar fud cúig réimse den chlár.

Tábla 1.1

Caiteachas an Chláir 2024

Caiteachas an Chláir 2024[3]		Olltoradh €000
A	Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh	1,100,684
B	Cláir Earnála do Leanaí agus do Dhaoine Óga	1,237,012
C	Clár Beartais agus Reachtaíochta	106,685
D	Sochaí Chomhionann Chuimsitheach	3,120,434
E	Córas Tacaíochta atá Cothrom agus Éifeachtach do Dhaoine atá ag Iarraidh Cosaint Idirnáisiúnta	2,301,366
Ollchaiteachas		**7,866,181**
Asbhain		
F	Leithreasaí i gcabhair	30,863
Glanchaiteachas		**7,835,318**

Fíor 1.2

Caiteachas an Chláir de réir céatadáin 2024



3 Tabhair faoi deara go bhfuil na luachanna bunaithe ar fhigiúirí táirgeachta sealadacha agus go bhféadfaidís athrú go dtí go bhfoilseofar an Cuntas Leithreasa don Vóta 2024 ar an 30 Meán Fómhair 2025.

Éachtaí na Roinne in 2024

- Seoladh an chéad ***Straitéis Dhigiteach 2024 – 2028*** de chuid na Roinne riamh i Márta 2024, agus léiríonn sí ár dtiomantas comhroinnte do theicneolaíocht a threisiú, d'fheabhas a chur ar an gcaoi a n-oibrímid mar Roinn agus do na seirbhísí poiblí a chuirimid ar fáil do mhuintir na hÉireann a fheabhsú

- San Aibreán, seoladh an ***Plean Gníomhaíochta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2024-2028***, plean arb é is aidhm leis ionchuimsiú leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht ar gach leibhéal a chur chun cinn tuilleadh – sa bhaile, ar scoil, ina bpobail féin agus ar an leibhéal náisiúnta

- I mí Mheán Fómhair, seoladh ***Deiseanna don Óige: Straitéis Náisiúnta d'Obair Óige agus Seirbhísí Gaolmhara 2024-2028*** atá beartaithe le ról na hoibre óige agus seirbhísí gaolmhara a neartú i saol na ndaoine óga in Éirinn, mar shampla trí infheictheacht, inrochtaineacht agus tarraingteacht na seirbhísí óige a neartú agus trí thacú le comhordú níos fearr leis an raon seirbhísí agus conairí eile atá ar fáil do dhaoine óga. Dírítear inti freisin ar cháilíocht seirbhísí a fheabhsú, mar shampla trí riachtanais lucht saothair a chur san áireamh, agus tríd an mbeartas atá mar bhonn eolais faoin mbunachar sonraí agus fianaise a neartú, chomh maith le hinfheistíocht agus soláthar seirbhísí

- Seoladh ***Tús Cothrom*** i mí na Bealtaine 2024 in iarracht príomhthiomantas sa straitéis Chéad 5 (2019-2028) a chomhlíonadh, agus thosaigh an feidhmiú céimneach tosaigh i mí Mheán Fómhair 2024. Tá ainmniúchán Tús Cothrom tugtha do 788 suíomh (ina bhfreastalaítear ar 35,000 leanbh – 4,700 acu ó chohóirt tosaíochta) ar sainaithníodh go raibh siad ag feidhmiú i gcomhthéacs míbhuntáiste chomhchruinnithe, agus tá siad ag fáil tacaíochtaí breise anois

- Seoladh ***An Straitéis Nuálaíochta um Uathachas*** an 26 Lúnasa 2024 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na baic ar leith atá roimh dhaoine a bhfuil an t-uathachas ag gabháil dóibh agus an tuiscint agus an freastal a dhéantar ar an uathachas laistigh den tsochaí agus ar fud an chórais phoiblí a fheabhsú

- I mí an Mheithimh 2024, d'fhógair an tAire go rabhthas chun síneadh a chur ar thacaíochtaí spriocdhírithe faoin tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú do leanaí in aois ECCE i ndiaidh an ama a chaitheann siad ar an gclár ECCE. Leis sin, ó mhí Mheán Fómhair 2024 ar aghaidh, bhí leanaí in ann rochtain a fháil ar a suíomh luathfhoghlama agus cúraim leanaí ar feadh suas le 3 uair an chloig breise in aghaidh an lae le linn an téarma ECCE agus 6 uair an chloig breise in aghaidh an lae lasmuigh den téarma ECCE. Ó seoladh an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú den chéad uair in 2016, tá tacaíochtaí ón tSamhail faighte ag níos mó ná 28,000 leanbh i níos mó ná 4,400 suíomh go náisiúnta agus tá tairbhe bainte ag i bhfad níos mó leanaí as a tacaíochtaí uilíocha

- Thíolaic an Roinn an tuarascáil lár téarma faoi ghníomhartha um chearta an duine na hÉireann a chuir Éire faoi bhráid na Náisiún Aontaithe faoi phróiseas an ***Athbhreithnithe Thréimhsiúil Uilíoch agus céad tuarascáil eatramhach faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí*** de chuid na hÉireann a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Mheán Fómhair. Cuireadh Tuarascáil na hÉireann ar phróiseas Beijing+30 faoi bhráid na Náisiún Aontaithe i mí Lúnasa 2024 agus cuireadh an ***8ú Tuarascáil Stáit faoin gCoinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú*** (CEDAW) faoi bhráid Choiste CEDAW i mí na Samhna 2024. Sna tuarascálacha sin leagtar amach dul chun cinn na hÉireann maidir le moltaí faoi chearta an duine agus tionscnaimh a bhaineann le cearta ban agus leanaí, faoi seach, a chur i bhfeidhm

- I mí Mheán Fómhair, leasaíodh Cuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991 leis an ***Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2024***, ina dtugtar rialacha nua isteach a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí. Leis an leasú sin, is féidir feighlithe leanaí a chlárú agus a rialú, agus is féidir le tuismitheoirí a úsáideann a gcuid seirbhísí rochtain a fháil ar fhóirdheontais faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Tugann sé cumhachtaí forfheidhmithe feabhsaithe do Tusla freisin chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh sna seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí

- Seoladh suíomh gréasáin nua ***Éire Óg*** i mí Dheireadh Fómhair 2024. Ar an suíomh gréasáin tá faisnéis faoi chearta leanaí agus daoine óga, creat Bheartas Éire Óg lena n-áirítear na sonraí agus an taighde a chuireann bonn eolais faoi agus a struchtúir rialachais

- Seoladh Straitéis an Phobail de chuid na Roinne, ***Is Mór Againn ár bPobal – Soláthar le Chéile 2024-2026*** i mí Dheireadh Fómhair 2024. Is é cuspóir na straitéise sin go mbeadh an Roinn ina "rogha fostóra ardfheidhmíochta, ina n-aithnítear fiúntas ár ndaoine agus ina dtacaítear leo barr a bhfeabhais a bhaint amach agus ár bhfís a chur i gcrích." Díríonn sí ar ár gcultúr agus ár gceannaireacht a fhorbairt, sinn féin a fhorbairt mar eagraíocht an todhchaí, agus tacú lenár bpobal gach lá san obair a dhéanaimid

- I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhógair an tAire méadú 15% ar leithdháileadh an ***Bhunmhaoinithe*** – ó €287 milliún go €331 milliún – do thríú bliain na Scéime. Méadaíodh saoire thuismitheora freisin ó 7 seachtaine go 9 seachtaine le haghaidh leanaí a rugadh nó a uchtaíodh tar éis an 1 Lúnasa 2024

- I mí Dheireadh Fómhair 2024, achtaíodh ***an tAcht um Chosaint Máithreachais, Comhionannas Fostaíochta agus Caomhnú Taifead Áirithe, 2024***. Tá foráil sa reachtaíocht sin le haghaidh saoire mháithreachais do chomhaltaí an Oireachtais agus ceadaíonn sí go gcuirfí an tsaoire mháithreachais ar sos nuair atá an mháthair an-tinn. Foráiltear léi chomh maith go gcaomhnófaí taifid i seilbh phríobháideach a bhaineann le stair institiúideach na hÉireann, agus cuirtear srian léi ar úsáid Comhaontuithe um Neamhnochtadh i gcás ina ndéanann fostaí líomhain maidir le leithcheal, ciapadh, gnéaschiapadh nó íospairt

I mí Dheireadh Fómhair 2024, soláthraíodh infheistíocht mhéadaithe i mBuiséad 2025 sna réimsí seo a leanas:

  - Méadú 24% (€265.8m) ar infheistíocht sa Luathfhoghlaim agus Cúram Leanaí, agus €1.37 billiún faighte i mBuiséad 2025, méid nach bhfacthas riamh cheana
  - Le Scéim Leathnaithe na mBloc Tógála leithdháileadh €1.3 milliún do sheirbhísí chun tabhairt faoi athchóirithe nó spás atá ann cheana a uasghrádú chun freastal ar níos mó leanaí

- Tháinig méadú ón 1 Eanáir 2024 ar rátaí an liúntais cúraim altrama, suas go dtí €350 in aghaidh na seachtaine do leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois agus €377 sa tseachtain dóibh siúd os cionn 12 bhliain d'aois. Tháinig méadú breise ar rátaí an liúntais cúraim altrama i mí na Samhna 2024, suas go dtí €400 in aghaidh na seachtaine do leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois agus €425 sa tseachtain dóibh siúd os cionn 12 bhliain d'aois

- Méadaíodh maoiniú Tusla go dtí os cionn €1.1 billiún, méid a léiríonn an t-éileamh níos mó atá ar sheirbhísí Tusla, an méadú bliain ar bhliain ar atreoruithe san áireamh

- I mí na Samhna 2024 d'fhormheas an Rialtas dréacht-Scéim Ghinearálta d'fhorálacha reachtacha chun na hAchtanna um Chomhionannas a leasú agus chun freagairt do shaincheisteanna a tháinig chun cinn le linn an athbhreithnithe ar na hAchtanna um Chomhionannas

Fís, Misean agus Luachanna na Roinne 2023-2025

Fís

Sochaí chothrom, chomhionann agus ionchuimsitheach ina bhfuil meas ar chearta agus inar féidir le gach duine barr a chumais

Misean

Saol gach duine in Éirinn a fheabhsú, ón óige ar aghaidh trí sheasamh le cearta, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, éagsúlacht a aithint agus reachtaíocht, beartais agus seirbhísí tacúla a sholáthar

Luachanna

Meas agus Ionchuimsitheacht, Comhionannas agus Cearta an Duine, Ionracas agus Tiomantas

Meas agus Ionchuimsitheacht

- Tá gach duine in Éirinn i gcroílár ár gcuid oibre
- Tá meas againn ar chearta gach duine chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí
- Tugaimid aitheantas d'éagsúlacht shochaí na hÉireann agus don tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuilimid ag freagairt do riachtanais éagsúla
- Aithnímid an ról atá againn chun tacú leis an imeascadh
- Caithimid lena chéile agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir le meas

Comhionannas agus Cearta an Duine

- Cloímid le prionsabail an chomhionannais agus an mheasa ar chearta an duine
- Aithnímid an ról agus an tábhacht a bhaineann le gach teaghlach inár sochaí
- Éistimid le leanaí, daoine óga agus daoine fásta chun aitheantas a thabhairt dá gceart guth a bheith acu i gcinntí a théann i bhfeidhm ar a saol
- Táimid ag obair ar mhaithe le leanaí agus leis na daoine is leochailí agus is mó atá faoi mhíbhuntáiste a chosaint agus chun tacú lena riachtanais

Ionracas agus Tiomantas

- Gníomhaímid le hionracas agus bímid neamhchlaonta i gcónaí agus bímid freagrach as ár ngníomhartha
- Is mór againn ár bhfoireann agus tacaímid leo agus spreagaimid an chruthaitheacht agus an nuálaíocht chun ár bhfís agus ár misean a chur ar fáil

Ár gCuspóirí Ardleibhéil 2023-2025

1 Forbróimid, cuirfimid i bhfeidhm agus imreoimid tionchar ar bheartais agus ar reachtaíocht fhianaisebhunaithe a fheabhsóidh na torthaí dóibh siúd ar a bhfreastalaímid

2 Tacóimid le soláthar raon seirbhísí atá ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe laistigh dár sainchúram reachtach a mbeidh infheistíocht straitéiseach a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine aonair, teaghlach agus na sochaí mar bhonn faoi

3 Cuirfimid dídean ar fáil dóibh siúd atá ag teitheadh ó choinbhleacht agus tacóimid le daoine a dteastaíonn uathu go háirithe imthosca díobhálacha a shárú agus cabhróimid leo barr a gcumais a bhaint amach, bíodh leanaí, daoine óga agus daoine atá i mbaol ina measc

4 Déanfaimid forbairt sochaí forásaí, measúla agus cothroime a chur chun cinn, daoine atá faoi mhíchumas ina measc, i gcomhréir le cur chuige atá bunaithe ar chearta, agus treoraithe ag eispéiris na nglúnta romhainn, agus féachfaimid le freagairt do riachtanais marthanóirí

5 Oibreoimid i gcomhpháirt leis na daoine ar a bhfreastalaímid agus ar fud Ranna Rialtais, comhlachtaí poiblí agus na sochaí sibhialta chun torthaí níos fearr a bhaint amach

6 Coinneoimid ardchaighdeáin feidhmíochta agus rialachais chorparáidigh le baill foirne atá tiomanta, spreagtha agus ag a bhfuil tacaíocht in eagraíocht atá réidh don todhchaí.

Dul chun cinn maidir leis na spriocanna Straitéiseacha i Ráiteas Straitéise na Roinne

Tugtar achoimre sa chuid seo a leanas ar an dul chun cinn a baineadh amach le linn 2024 maidir leis na sé sprioc straitéiseacha mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2023-2025 na Roinne

Sprioc Straitéiseach 1

Forbróimid, cuirfimid i bhfeidhm agus imreoimid tionchar ar bheartais agus ar reachtaíocht fhianaisebhunaithe a fheabhsóidh na torthaí dóibh siúd ar a bhfreastalaímid.

Gníomh Straitéiseach 1.1

Cinnteoimid go mbeidh clár cuimsitheach reachtaíochta mar bhonn taca faoi sheachadadh na Straitéise agus gur léiriú a bheidh ann ar Chlár an Rialtais.

Reachtaíocht

Achtaíodh ***an tAcht um Chosaint Máithreachais, Comhionannas Fostaíochta agus Caomhnú Taifead Áirithe, 2024*** i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus foráiltear leis an méid seo a leanas:

- Sos sa tsaoire mháithreachais i gcás breoiteachta tromchúisí. Leasaíodh an tAcht um Chosaint Máithreachais, 1994 trí chuid nua a chur isteach ann a chruthaíonn teidlíocht nua d'fhostaí a dteastaíonn cóir leighis leanúnach uaithi le haghaidh breoiteacht thromchúiseach, lena n-áirítear breoiteachtaí fisiciúla agus meabhairshláinte, chun an tsaoire mháithreachais a chur siar go ceann tréimhse idir 5 agus 52 seachtain
- Saoire mháithreachais do chomhaltaí an Oireachtais. Foráiltear leis an Acht chomh maith saoire mháithreachais ar feadh tréimhse suas le 26 seachtain do chomhalta de Thithe an Oireachtais nuair a thagann a páiste ar an saol
- Rialú comhaontuithe neamhnochta i gcásanna leithcheala nó ciaptha. Cuireadh cuid nua isteach san Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 freisin chun bearta a thabhairt isteach chun srian a chur ar úsáid Comhaontuithe Neamhnochta i gcás ina ndéanann fostaí líomhain maidir le leithcheal, ciapadh, gnéaschiapadh nó íospairt
- Taifid Phríobháideacha a Chaomhnú. Áirítear san Acht freisin forálacha chun taifid maidir le stair institiúideach na hÉireann atá faoi sheilbh phríobháideach a chaomhnú

Leathnú Saoirí Teaghlaigh

I mí an Mhárta 2024, chuir an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tús le forálacha deiridh ***an Achta um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023***, lena mbunaítear an ceart d'oibrithe cianobair a iarraidh óna bhfostóirí, agus do thuismitheoirí agus caomhnóirí chun socruithe cianoibre a iarraidh a oireann dá riachtanais chúraim. Ó mhí Lúnasa 2024, faoin ***Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2021***, tugtar teidlíocht do thuismitheoirí a bhfuil páistí acu atá faoi bhun dhá bhliain d'aois chun Saoire Tuismitheora íoctha a ghlacadh ar feadh tréimhse suas le 9 seachtaine chun cúram a dhéanamh dá bpáiste.

An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú)

Le hachtú agus páirt-tosach feidhme ***an Achta um Chúram Leanaí (Leasú), 2024***, tugadh deis don Aire deireadh a chur leis an díolúine dhlíthiúil maidir le feighlithe leanaí a chláraíonn le Tusla agus feabhsaítear leis freisin cumhachtaí forfheidhmithe rialála Chigireacht Luathbhlianta TUSLA.

Leasú ar Acht na Leanaí, 2001

Ina theannta sin, in 2024 ullmhaíodh leasuithe teicniúla ar Acht na Leanaí, 2001, a bhain le comhdhéanamh Bhord Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus tá siad á dtabhairt ar aghaidh ag an Roinn Dlí agus Cirt mar chuid de Bhille na Leanaí (Leasú), 2024.

Aistriú feidhmeanna

Faoi choimirce Meabhrán Tuisceana tríthaobhach, agus tús curtha leis ***an Acht fán nGníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FBGIB), 2023, ag deireadh 2023***, d'oibrigh an Roinn agus Tusla in 2024 chun seachadadh seirbhísí FBGIB a aistriú go dtí an Roinn Dlí agus Cirt agus chun an Ghníomhaireacht FBGIB, Cuan, a bhunú.

D'oibrigh an Roinn go dlúth le Cuan nuair a bunaíodh é, ag cur tacaíocht riachtanach ar fáil le linn an chéad leath de 2024 agus ag cinntiú rannpháirtíocht leanúnach leis an earnáil FBGIB agus dáileadh réidh maoinithe chuig eagraíochtaí rannpháirteacha.

Gníomh Straitéiseach 1.2

Cuirfimid Éire Óg: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023 – 2028 i bhfeidhm, lena n-áirítear na príomhstruchtúir rialachais a thuairisceoidh ar deireadh don Choiste Comh-Aireachta um Leanaí agus Oideachas a bhunú agus tacú leo, agus Timpeallacht Chumasúcháin a fhorbairt chun breithniú córasach ar chearta leanaí a chinntiú sa chinnteoireacht.

Éire Óg – Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga

Rialachas

In 2024, bunaíodh struchtúir rialachais d'Éire Óg. Soláthraítear leis na struchtúir sin fóram do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, stiúrann siad cur i bhfeidhm gealltanas beartais atá ann cheana, agus cinntíonn siad cuntasacht i bhforbairt breis beartas a mbíonn tionchar acu ar leanaí agus ar dhaoine óga.

Cuireann Comhairle Chomhairleach Éire Óg, ar a bhfuil comhaltaí den tsochaí shibhialta, ar chumas na hearnála pobail agus deonaí, chomh maith le hacadóirí agus saineolaithe eile, chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm Éire Óg. Féadfaidh Comhairle Chomhairleach Éire Óg comhairle a chur ar fáil don ***Fhóram Beartais do Leanaí agus Daoine Óga*** agus d'fhoireann cur chun feidhme Éire Óg, ag tuairisciú do Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach agus don Choiste Comh-Aireachta um Leanaí agus Oideachas. Bíonn beirt chomhaltaí óga ó Thionól Náisiúnta na nÓg ar an gComhairle freisin. Tháinig an Chomhairle Chomhairleach le chéile den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Maoirsíonn an Fóram Beartais do Leanaí agus Daoine Óga cur chun feidhme beartas a mbíonn tionchar acu ar leanaí agus daoine óga ina réimsí freagrachta faoi seach thar Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus earnálacha, agus tugann sé tacaíocht maidir leis na beartais sin a chur i bhfeidhm freisin. Oifigigh shinsearacha ó Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha, chomh maith leis an gCathaoirleach agus beirt ghnáthchomhaltaí de chuid Chomhairle Chomhairleach Éire Óg atá ar an bhFóram Beartais. Áirítear leis an obair sin cur chun feidhme tras-rialtais ar ***Spotsolais Éire Óg*** agus na comhstraitéisí a bhaineann leis. Tháinig an Fóram Beartais le chéile den chéad uair i mí na Nollag 2024.

Timpeallacht Chumasúcháin[4]

Forbraíodh dréachtionstraim le haghaidh Measúnacht Tionchair ar Chearta an Linbh (CRIA), lena húsáid i bpróisis cinnteoireachta rialtais, mar chuid de thionscadal CERV, arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach, i gcomhar leis an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí, Ollscoil na Gaillimhe, Foróige, Tusla agus Eurochild. Tá aiseolas ar an ionstraim sin agus ionchur ina leith a fuarthas trí shraith ceardlann agus comhairliúchán in 2024 mar bhonn eolais faoin gcéad leagan eile den ionstraim. Déanfar obair ar ionstraim Measúnacht Tionchair ar Chearta an Linbh agus an Duine Óig a chur chun cinn agus a phíolótú in 2025.

Bhí feachtas feasachta poiblí maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) ar siúl ar feadh ceithre seachtaine idir mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair 2024. Bhí cumarsáid dhigiteach, meán sóisialta agus fógraíocht raidió mar chuid den fheachtas. Ba é cuspóir an fheachtais, feasacht a ardú i measc an phobail ar phrionsabail agus forálacha UNCRC agus ar chearta leanaí – sular tosaíodh an feachtas, bhí 64% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu ar an eolas maidir le UNCRC (ag leibhéil éagsúla). D'ardaigh an figiúr sin go 73% i ndiaidh an fheachtais.

Seoladh *suíomh gréasáin nua Éire Óg* i mí Dheireadh Fómhair 2024. Ar an suíomh gréasáin tá faisnéis faoi Éire Óg, lena n-áirítear na sonraí agus an taighde a chuireann bonn eolais faoi, a struchtúir rialachais, agus cearta leanaí agus daoine óga. Úsáidtear é chun dul chun cinn faoin gCreat, chomh maith le forbairtí ábhartha eile, a chur in iúl.

Dul chun cinn maidir le beartas Cúraim Gaoil a fhorbairt:

In 2024, lean an tAonad um Beartas Tacaíochta Tuismitheoireachta ar aghaidh ag forbairt páipéar scóipe beartais chun beartas náisiúnta a fhorbairt maidir le cúram neamhfhoirmiúil gaoil. Tháinig na Grúpaí Stiúrtha agus Comhairleacha maidir le forbairt an bheartais náisiúnta le chéile go rialta le linn na bliana.

Cuireadh céim phíolótach na gcomhairliúchán le leanaí agus daoine óga maidir lena n-eispéiris le cúram gaoil neamhfhoirmiúil i gcrích in 2024.

Cuirfear comhairliúcháin níos leithne ar bun in 2025.

Cuireadh tús le taighde cáilíochtúil ar eispéiris cúramóirí neamhfhoirmiúla gaoil i mí Dheireadh Fómhair 2024, tar éis cheapadh na dtaighdeoirí. Tá an tionscadal ar bun fós agus cuirfear i gcrích é faoi dheireadh R2 2025. Tá an taighde ar cheann den chuid mhór acmhainní a chuirfidh bonn eolais faoi fhorbairt an bheartais náisiúnta maidir le gaol neamhfhoirmiúil.

Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta maidir le Cearta Leanaí

Sna breithnithe deiridh a thug Coiste na NA um Chearta an Linbh ar chúigiú agus séú comhthuarascáil thréimhsiúil na hÉireann mhol sé go "ndéanfadh Éire athbhreithniú cuimsitheach ar a reachtaíocht ar fad chun í a ailíniú leis an gCoinbhinsiún". I mí an Mhárta 2024, rinne an Roinn conradh leis an Ollamh Ursula Kilkelly san Ionad um Chearta an Linbh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus lena foireann chun an t-athbhreithniú reachtúil sin a dhéanamh agus cuireadh tús leis an obair sin i bhFómhar 2024. Is é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a rinne an dá phíosa saothair a bhí mar bhonn faoin obair sin agus rinne an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais athbhreithniú orthu in 2024, athbhreithniú ar raon leathan na litríochta idirnáisiúnta, chomh maith le tuarascáil den anailís ar na bearnaí maidir le beartas reatha agus cur i bhfeidhm chomh maith leis an raon iomlán reachtaíochta príomhúla agus tánaistí. Meastar go mbeidh an tuarascáil deiridh, ina mbeidh torthaí na n-athbhreithnithe seo, ar fáil i R3 2025.

Féachann an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí leis an eisiamh sóisialta a chosc agus dul i ngleic leis trí íoschaighdeán rochtana ar phríomhsheirbhísí a chinntiú do gach leanbh san Aontas Eorpach. Tá sé mar aidhm ag an Ráthaíocht freisin na deiseanna céanna a chur chun cinn do leanaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, agus chun deireadh a chur le fáinní fí an mhíbhuntáiste idirghlúine. Rinneadh cur i bhfeidhm agus monatóireacht Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann a chur san áireamh i struchtúir rialachais agus mhonatóireachta Éire Óg. Rinneadh tuarascáil eatramhach na hÉireann maidir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí – an chéad eagrán de na tuarascálacha débhliantúla a moladh i bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta na Ráthaíochta – a sheoladh chuig an Aontas Eorpach i mí an Mheithimh 2024. Foilsíodh an tuarascáil ar https://www.gov.ie/ga/ agus bhí preasráiteas ag gabháil léi.

Tháinig Comhairle Chomhairleach Éire Óg le chéile den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus chuir siad clár oibre le chéile. Mar chuid den chlár oibre sin beidh athbhreithniú ar mar a cuireadh an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí i bhfeidhm in Éirinn, a úsáidfear le haghaidh timthriallacha tuairiscithe amach anseo.

4 Tá sé mar aidhm ag ***Éire Óg: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028*** timpeallacht chumasúcháin a chruthú ina bhfuil cearta agus riachtanais leanaí agus daoine óga ar fad lárnach i mbeartas agus i gcinnteoireacht in Éirinn.

Gníomh Straitéiseach 1.3

Leanfaimid ar aghaidh le beartas atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun rochtain ar Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus ar Chúram Leanaí ar Aois Scoile (ELC agus SAC) atá ar ardchaighdeán agus inacmhainne a fheabhsú, rud a sholáthróidh torthaí níos fearr do leanaí, teaghlaigh, don gheilleagar agus don tsochaí.

Feighlíocht Leanaí

I ndiaidh páirt tosach feidhme ***an Achta um Chúram Leanaí (Leasú), 2024***, i mí Mheán Fómhair 2024, agus tar éis rialacháin a bhaineann go sonrach le feighlíocht leanaí a thabhairt isteach, tá gach feighlí leanaí incháilithe anois chun clárú le Tusla. Cinntíonn na leasuithe reachtacha freisin go mbíonn tuismitheoirí a úsáideann feighlithe leanaí atá cláraithe le Tusla incháilithe d'fhóirdheontais faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

Nuashonrú ar Chreatchuraclam Aistear

Rinne an Roinn agus an Roinn Oideachais Aistear nuashonraithe[5], creatchuraclam luath-óige do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, a fhoilsiú i gcomhpháirt lena chéile i mí na Nollag 2024. Sin an chéad nuashonrú ó bhí 2009 ann. Is do gach leanbh ó bhreith go sé bliana d'aois i ngach suíomh seachas na bunscoileanna agus scoileanna speisialta é Aistear nuashonraithe agus is féidir le duine ar bith a thacaíonn le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga é a úsáid, mar shampla, tuismitheoirí, feighlithe leanaí agus oideoirí luathbhlianta. Stiúrfaidh an Roinn taithíocht agus cur chun feidhme an chreata nuashonraithe laistigh den earnáil le linn 2025.

Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus an Roinn seo ***Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta*** agus plean forfheidhmithe tacaíochta cúig bliana i gcomhpháirt in 2024. Tugann an straitéis aitheantas do thábhacht na luath-óige maidir le bunchlocha na scileanna riachtanacha amhail an litearthacht agus an uimhearthacht a leagan síos. Aithnítear sa straitéis freisin an ról ríthábhachtach a bhíonn ag seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim maidir le tacú leis an bhforbairt luath-óige, ag teacht leis an ról lárnach a bhíonn ag tuismitheoirí agus teaghlaigh.

Scileanna a Chothú

Ba é 2024 an tríú bliain de chur chun feidhme Scileanna a Chothú: An Plean Fórsa Saothair d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus do Chúram Leanaí in Aois Scoile 2022-2028. As an 57 gníomh le haghaidh 2024, bhí 47 acu críochnaithe nó ar siúl. Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar Dhul Chun Cinn maidir le Scileanna a Chothú i R1 2025. Príomhéacht amháin a baineadh amach le linn 2024 ná tosú an Chiste um Scileanna a Chothú d'Fhoghlaimeoirí ar bhonn píolótach. Tacaíonn an Ciste leo siúd atá i mbun oibre luathfhoghlama agus cúraim faoi láthair chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna go cáilíocht céime Leibhéal 7 nó Leibhéal 8 ar chúrsa ceadaithe ag an mBord Comhairleach Cáilíochtaí, i gcomhréir leis an ngealltanas bogadh i dtreo lucht saothair faoi stiúir céimithe. Ceadaíodh 350 iarratas chun tús a chur lena gcuid staidéir i mí Mheán Fómhair 2024.

Comhchoiste Saothair na Seirbhíse Luathbhlianta

Tháinig dhá ***Ordú Rialaithe Fostaíochta*** nua i bhfeidhm an 24 Meitheamh 2024, ag cur leis an méid a tugadh isteach leis na chéad Orduithe Rialaithe Fostaíochta in 2022. Le hOrduithe 2024 méadaíodh na rátaí íosta pá in aghaidh na huaire do gach grád san earnáil agus baineadh an ceanglas go mbeadh 3 bliana taithí ag céimithe sula mbeidís incháilithe do rátaí íosta pá céimithe. Leis an méadú sin meastar go raibh tionchar dearfach ar bhreis is 50% den lucht saothair.

Tacaíonn an Rialtas le torthaí phróiseas an Chomhchoiste Saothair tríd an scéim Bunmhaoinithe, a bhfuil leithdháileadh €331 milliún aici don bhliain chláir 2024/25 amháin. Ina theannta sin, cuireadh €15 milliún ar leataobh go sonrach i mBuiséad 2025 chun tacú le fostóirí chun costais na méaduithe breise ar na rátaí íosta pá san earnáil a chomhlíonadh ó Mheán Fómhair 2025 agus tá sé seo coinníollach ar chomhaontú EROnna nua (arb ionann é agus €45 milliún i mbliain iomlán).

Uirlis don phleanáil chun cinn

Tá samhail phleanála chun cinn deartha agus forbartha chun an bunús a leagan síos le haghaidh tuiscint a fháil ar sholáthar cineálacha éagsúla áiteanna cúraim leanaí d'aois luathfhoghlama agus d'aois scoile ar fud na tíre agus ar shuíomhanna leanaí sna catagóirí aoise comhfhreagracha. Beidh sé sin ina uirlis thábhachtach chun cineál an ailínithe nó an mhí-oiriúnaithe idir soláthar agus éileamh a aithint, agus cabhróidh sé le freagairtí beartais amach anseo a chruthú.

5 Ba é Aistear céad chreatchuraclam na hÉireann don oideachas luath-óige nuair a tugadh isteach é in 2009.

Sa bhliain 2024, rinneadh na gníomhaíochtaí seo a leanas i ndáil leis an obair phleanála chun cinn:

- Rannpháirtíocht ar fud na n-aonad laistigh den rannán chun tuiscint a fháil ar shonraí riaracháin atá ar fáil a d'fhéadfaí a chumrú i méadracht le haghaidh soláthair
- Comhoibriú leis an Aonad Sonraí agus Anailísíochta chun sonraí don éileamh a dhaingniú
- Bunú caidrimh le mapálaí Seirbhísí Faisnéise Rialtais chun breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun sonraí casta soláthair agus éilimh a léiriú ó amharc agus
- Cruinnithe le comhghleacaithe na Roinne Oideachais chun a gcur chuige maidir le pleanáil chun cinn a thuiscint

Athbhreithniú Neamhspleách ar chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige

In 2024, críochnaíodh athbhreithniú neamhspleách ar chlár ECCE mar réamhtheachtaí chun an clár a chur ar bhonn reachtúil, mar a gealladh i gCéad 5. Rinneadh measúnú san athbhreithniú ar cibé an raibh clár ECCE ag comhlíonadh a phríomhchuspóirí agus breithníodh aon athrú nó feabhsú a d'fhéadfadh a bheith ann. Leagadh béim san athbhreithniú ar an tionchar an-dearfach atá aige ar fhorbairt leanaí, ar ullmhacht scoile agus ar inrochtaineacht do thuismitheoirí. Aithníodh freisin feabhsuithe a d'fhéadfadh a bheith ann don chlár, lena n-áirítear athruithe ar chritéir incháilitheachta, chomh maith le céimeanna breise chun tacú le rochtain do ghrúpaí imeallaithe.

Samhail Oibriúcháin Nua d'Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus do Chúram Leanaí in Aois Scoile (ELC agus SAC)

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2024 maidir le pleananna a chur chun cinn le haghaidh gníomhaireacht Stáit tiomnaithe do ELC agus SAC.

Táthar ag súil go nglacfaidh an ghníomhaireacht seo leis na feidhmeanna atá á ndéanamh faoi láthair ag Luathbhlianta Pobal (lena n-áirítear Tús Níos Fearr), an 30 Coiste Cúraim Leanaí Cathrach/Contae (CCC), chomh maith le feidhmeanna oibríochtúla atá á ndéanamh ag an Roinn faoi láthair. D'fhostaigh an Roinn comhairleoirí neamhspleácha, Indecon, chun céim taighde, anailíse agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a dhéanamh chun dearadh na gníomhaireachta a threorú. Cuireadh tús leis an gcéim sin i mí na Nollag 2023 agus meastar go mairfidh sé 12-18 mí.

Gníomh Straitéiseach 1.4

Forbróimid beartas óige ardchaighdeáin atá bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear trí Struchtúr Náisiúnta Rannpháirtíochta nua d'Earnáil na hÓige a bhunú agus Straitéis athnuaite don Óige a tháirgeadh.

Deiseanna don Óige

Deiseanna don Óige: FoilsíodhAn Straitéis Náisiúnta d'Obair Óige agus Seirbhísí Gaolmhara ar an 18 Meán Fómhair 2024. Tugadh eolas d'fhorbairt na Straitéise trí chomhairliúchán fairsing le daoine óga, oibrithe óige, earnáil na hóige i gcoitinne, agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis cur chuige níos straitéisí, sonraíbhunaithe, agus comhtháite a sholáthar maidir le seirbhísí oibre don aos óg a sheachadadh in Éirinn. Cuireadh tús freisin le hobair ar chur i bhfeidhm na Straitéise, go háirithe ar na gníomhartha a bhaineann le Plean Forbartha Lucht Saothair a fhorbairt agus ar mhapáil seirbhísí.

Comhar agus Beartas atá Bunaithe ar Fhianaise

Ghlac an Roinn páirt i gcur i bhfeidhm na Straitéise um Cheartas i leith an Aosa Óig, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht sna grúpaí maoirseachta il-pháirtithe leasmhara gaolmhara.

Forbróimid beartas óige ardchaighdeáin atá bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear trí Struchtúr Náisiúnta Rannpháirtíochta nua d'Earnáil na hÓige a bhunú agus Straitéis athnuaite don Óige a tháirgeadh.

Gníomh Straitéiseach 1.5

Beidh ról ceannaireachta againn i ndáil le beartas tacaíochta teaghlaigh agus tuismitheoireachta a fhorbairt. Áireofar leis sin treoir shoiléir beartais maidir le soláthar agus coimisiúnú seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus tuismitheoireachta ag Tusla agus seirbhísí ábhartha eile, agus maoirseacht orthu.

Tacaíochtaí agus seirbhísí comhairleoireachta, síciteiripe agus teiripeacha do leanaí agus daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch

Leithdháileadh €1.5 milliún de mhaoiniú na gCuntas Díomhaoin ar 90 eagraíocht phobail agus dheonach - trí Tusla. Chabhraigh an maoiniú le dul i ngleic leis an riachtanas nach rabhthas ag freastal air agus le liostaí feithimh a laghdú do sheirbhísí comhairleoireachta agus teiripeacha pobalbhunaithe.

Tacaíochtaí Tuismitheoirí

Is é cuspóir ***Tacaíocht do Thuismitheoirí*** feasacht níos fearr a chothú ar sheirbhísí tacaíochta tuismitheoireachta. Le linn 2024, leanadh le Bliain 2 den ***Fheachtas um Thacaíocht a Thabhairt do Thuismitheoirí***, atá beartaithe ar feadh trí bliana, agus rinneadh cur chun cinn ar thacaíochtaí tuismitheoireachta áitiúla agus náisiúnta ar chainéil shóisialta na Roinne agus rinneadh nuashonrú ar leathanaigh ghréasáin Tacaíocht do Thuismitheoirí ar gov.ie, mar fhoinse tacaíochta tuismitheoireachta iontaofa, fianaise-bhunaithe do gach céim den tuismitheoireacht.

Fuair gach Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) €5,000 an ceann chun seirbhísí tacaíochta tuismitheoireachta atá ann cheana féin ina gceantair a chur chun cinn, agus chun seirbhísí tacaíochta tuismitheoireachta a chur chun cinn do thuismitheoirí - ar líne trí sheimineáir ghréasáin, maidineacha caife, cláir oiliúna agus uirlisí freastail scoile. Fuair 37 seirbhís éagsúla, lena n-áirítear eagraíochtaí a oibríonn le tuismitheoirí leanaí LADTA+ agus tuismitheoirí leanaí faoi mhíchumas, €2,000 an duine ón ***gCiste Tacaíochta Piaraí do Thuismitheoirí.***

Chuir an tAonad um Beartas Tacaíochta do Thuismitheoirí tús le hobair le Tusla ar chatagóiriú seirbhísí tacaíochta tuismitheoireachta. Is é an cuspóir léarscáil gheospásúil ar líne de thacaíochtaí tuismitheoireachta a choimisiúnú a chabhróidh le tuismitheoirí agus cleachtóirí seirbhísí tacaíochta tuismitheoireachta a aimsiú ina gceantar.

Cuartaíocht Bhaile

I gcomhréir le An Chéad 5, rinne Ollscoil Mhá Nuad ***Athbhreithniú Náisiúnta ar sheirbhísí Cuairteanna Baile do theaghlaigh le naíonáin agus leanaí óga*** in 2024, agus rinneadh taighde eacnamaíoch ar na buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i gcuairteanna baile mar chomhlánú air sin. Déanann na torthaí eolas do Chlár Náisiúnta Cuairteanna Baile Tusla.

Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (IAT) – Méaduithe ar Bhunmhaoiniú

Fógraíodh beart cothromúcháin bunmhaoinithe do na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh, ar chostas €1.5 milliún, rud a chinnteoidh íosmhéid €160,000 do gach IAT ó 2025 ar aghaidh agus a rachaidh chun tairbhe 54 IAT.

Gníomh Straitéiseach 1.6

Déanfaimid athchóiriú ar sheirbhís an Chaomhnóra *ad litem* (GAL) in imeachtaí cúraim leanaí a chur chun cinn, ag ullmhú do thosach feidhme an Achta um Chúram Leanaí (Leasú), 2022 agus bunú seirbhíse náisiúnta nua Chaomhnóra ad litem i gcomhréir le hathchóiriú níos leithne ar chóras an Cheartais Teaghlaigh

Lean an Roinn ag obair i dtreo bhunú na ***Seirbhíse Náisiúnta um Chaomhnóir ad litem (GAL)*** i rith na bliana. Cinnteoidh an tSeirbhís Náisiúnta GAL go mbeidh guth agus leas is fearr leanaí i gcroílár imeachtaí poiblí cúraim leanaí i gcónaí agus cuirfidh sí seirbhís ardchaighdeáin, chaighdeánaithe ar fáil do na cúirteanna agus do leanaí agus do dhaoine óga lena mbaineann na himeachtaí seo.

I rith 2024, leanadh den rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara tábhachtacha, chun tacú le hathchóiriú na socruithe reatha maidir le Caomhnóir ad litem. Lean an grúpa Idir-Rannach a bunaíodh faoin Straitéis um Cheartas Teaghlaigh ag bualadh le chéile le linn 2024 agus bhí ról lárnach acu maidir le hobair na Roinne a stiúradh maidir leis an tSeirbhís Náisiúnta a bhunú. Áiríodh leis sin cúnamh le forbairt na samhla oibriúcháin, lámhleabhair chleachtais, straitéis lucht saothair agus plean aistrithe, a chabhróidh le tógáil na seirbhíse nua.

Rinne an Roinn dul chun cinn ar cheapachán Stiúrthóir na Seirbhíse Náisiúnta GAL in 2024 agus lean sí leis na hullmhúcháin le haghaidh ceapachán tábhachtach breise. Is cloch mhíle ríthábhachtach i mbunú na Seirbhíse Náisiúnta an dul chun cinn atá déanta maidir le hearcaíocht chuig an Oifig Feidhmiúcháin.

Gníomh Straitéiseach 1.7

Foilseoimid bille (leasú) a eascraíonn as an Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí, agus leanfaimid leis sin go dtí go n-achtófar é lena chinntiú go ndéanfar an tAcht a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhealach a chuireann leas is fearr leanaí i bhfeidhm.

Dréachtóirí Parlaiminte agus Comhairleoirí Comhairleacha

I rith 2024, lean oifigigh orthu ag obair go dlúth le Dréachtóirí Parlaiminte agus Comhairleoirí Comhairleacha chun tús áite a thabhairt do théacs na leasuithe reachtaíochta i gcomhréir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) a foilsíodh i mí Aibreáin 2023. Chuir an obair seo san áireamh an raon leathan saincheisteanna a ardaíodh le linn grinnscrúdú réamh-reachtaíochta agus nithe eile a d'ardaigh páirtithe leasmhara.

In 2024, roinneadh an togra ina dhá Bhille, le leasuithe chun nósanna imeachta forfheidhmithe agus rialála a fheabhsú agus a neartú ar fud earnáil na luathbhlianta dá bhforáiltear san ***Acht um Chúram Leanaí (Leasú) 2024*** a achtaíodh i mí Iúil 2024. Lean oifigigh orthu ag plé leis na Dréachtóirí Parlaiminte chun téacs an dara Bille a chur chun cinn, chun Acht um Chúram Leanaí, 1991, a nuashonrú chun athruithe ó 1991 i seirbhísí leasa agus cosanta leanaí a léiriú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thrasnacha leanúnacha ar leibhéal oibríochtúil trí raon nuálaíochtaí chun bearta cosanta leanaí a neartú. Bhí foilsiú an Bhille sin ina thosaíocht i rith na bliana.

Rinne an Roinn monatóireacht ar an dul chun cinn agus chuaigh sí i mbun oibre de réir mar ba chuí le hoifigigh na Roinne Dlí agus Cirt maidir le dul chun cinn an Bhille Ath-ghrinnfhiosrúcháin atá beartaithe, agus maidir leis an mBille Cúirteanna Teaghlaigh a achtaíodh i mí na Samhna 2024 agus tá pleanáil chur chun feidhme ar siúl anois. Chomh maith leis sin, bhí an Roinn i mbun oibre le hoifigigh na Roinne Sláinte agus iad ag cur chun cinn an Bhille Meabhair-Shláinte 2024, a bhfuil baint aige leis an Acht um Chúram Leanaí.

Gníomh Straitéiseach 1.8

Déanfaimid maoirseacht ar chreat uchtála éifeachtach, agus leas is fearr leanaí mar chroílár an chreata, ag tiomáint athchóirithe beartais agus reachtaíochta, agus béim leanúnach ar rochtain ar fhaisnéis bhreithe agus ar sheirbhísí rianaithe agus ar an dea-chleachtas san uchtáil.

Údarás Uchtála na hÉireann

Dheimhnigh Údarás Uchtála na hÉireann (AAI) 131 ordú uchtála in 2024, lena n-áirítear uchtálacha leastuismitheoirí, uchtálacha ó chúram altrama fadtéarmach, uchtálacha naíonán agus uchtálacha ag daoine muinteartha. Ina theannta sin, rinneadh 183 iontráil ar Chlár na nUchtálacha Idir Tíortha.

Cuireadh tús le tionscadal Ionstraime um Thacaíocht Theicniúil AE chun creat dea-chleachtais agus treochlár a fhorbairt le haghaidh athchóiriú ar uchtáil intíre i mí na Samhna 2024. Tá an tionscadal á stiúradh ag an Roinn agus tacaíonn rannóg um Chosaint Leanaí Oifig Réigiúnach CÉINAL don Eoraip agus don Áise Láir leis i gcomhar le Tascfhórsa Athchóirithe agus Infheistíochta an Choimisiúin Eorpaigh (SG REFORM). Cuirfidh an creat ar chumas an Rialtais a chóras uchtála intíre a athchóiriú chun torthaí níos fearr a chinntiú do na páirtithe uile lena mbaineann, go háirithe an leanbh.

I rith 2024, lean Údarás Uchtála na hÉireann agus Tusla ag próiseáil iarratas ar sheirbhísí a bunaíodh leis an Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022.

Seirbhísí Faisnéise agus Rianaithe Breithe 2022-2024	
Iarratais ar fhaisnéis	14,899
Iarratais ar fhaisnéis a cuireadh i gcrích	14,750
Iarratais le haghaidh rianaithe	7,608
Iontrálacha ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála	4,034
• Meaitseanna idir gaolta	393
• Gaolta a cuireadh i dteagmháil le chéile	201

Cuireadh tús le hAthbhreithniú Reachtúil ar oibriú an Achta um Fhaisnéis agus Rianú Breithe 2022 i mí Dheireadh Fómhair 2024. Is é cuspóir an athbhreithnithe measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na seirbhísí a bunaíodh faoin Acht ag comhlíonadh na gcuspóirí a bhí mar bhonn le forbairt na reachtaíochta.

Chomh maith leis sin, chuir an Roinn ***Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (PCR)*** ar Údarás Uchtála na hÉireann chun cinn i gcomhar le hionadaithe ón Údarás agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR) chun éifeachtacht an Údaráis a mheas agus chun athchóirithe féideartha a aithint a chuirfeadh ar chumas an Údaráis freagairt do dhúshláin amach anseo. Críochnófar an próiseas PCR in 2025.

Gníomh Straitéiseach 1.9

Leanfaimid orainn ag tiomáint an mhúnla nua seachadta do "Ag Fás Aníos in Éirinn, an staidéar náisiúnta fadama ar leanaí agus daoine óga."

An tAonad Taighde agus Meastóireachta

Lean an tAonad Taighde agus Meastóireachta (REU) de bheith ag tiomáint an mhúnla nua seachadta do ***Ag Fás Aníos in Éirinn, an staidéar náisiúnta fadama ar leanaí agus daoine óga.***

Cuireadh fiche páipéar ó thaighdeoirí seachtracha a úsáideann sonraí Ag Fás Aníos in Éirinn leis an mbunachar sonraí foilseachán in 2024. Cuireadh ocht bpáipéar déag a d'úsáid sonraí ó Ag Fás Aníos in Éirinn i láthair ag an gcomhdháil bhliantúil, chomh maith le príomhchur i láthair ón Ollamh Michelle Kelly-Irving ó Ollscoil Toulouse, agus rannchuidithe ó Chomhairle na nÓg. Foilsíodh ceithre thuarascáil dhoimhne mar chuid den chomhpháirtíocht taighde leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, agus tháirg agus d'eisigh an fhoireann Ag Fás Aníos in Éirinn sa Roinn ceithre fhoilseachán eile.

Rinneadh 109 iarratas chuig Cartlann Sonraí Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann le haghaidh tacair sonraí 'AMF' Ag Fás Aníos in Éirinn[7] in 2024. Ina theannta sin, cheadaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh 35 tionscadal ag baint úsáide as na tacair sonraí i bhformáid níos srianta 'RMF'[6].

Reáchtáil an fhoireann Ag Fás Aníos in Éirinn sa Roinn trí cheardlann sonraí agus thug siad isteach ábhar nua go sonrach do lucht déanta beartas. Ghlac an fhoireann páirt i ngníomhaíochtaí scaipthe breise freisin, lena n-áirítear páipéir thaighde a chur i láthair ag comhdháil taighde idirnáisiúnta Chumann na Staidéar Fadaimseartha agus Cúrsa Saoil.

Thacaigh an Roinn freisin le comhghleacaithe san Oifig Staidrimh Láir chun an cohórt breithe nua (Cohórt '24) a sheoladh, a thosaigh agallaimh a chur ar an gcéad cheann de thart ar 10,000 teaghlach a raibh naíonáin acu i mí Dheireadh Fómhair tar éis ócáid sheoladh oifigiúil leis an Taoiseach Simon Harris, T.D. agus an Aire Hildegarde Naughton, T.D.

Gníomh Straitéiseach 1.10

Forbróimid agus cuirfimid beartais chomhionannais inscne agus beartais chomhionannais níos leithne i bhfeidhm.

Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní

Leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 ceanglaítear ar fhostóirí tuairisc a thabhairt ar a mbearna phá idir na hinscní thar raon méadrachtaí, mar a leagtar amach sna Rialacháin faoin Acht.

Cuireadh tús leis an tuairisciú in 2022 d'fhostóirí ag a bhfuil os cionn 250 fostaí agus síneadh amach é chuig fostóirí a bhfuil breis is 150 fostaí acu in 2024. Rinneadh dul chun cinn in 2024 ar an obair chun bunachar sonraí tuairiscithe láraithe a fhorbairt ina ndéanfaidh fostóirí a gcuid sonraí a thuairisciú. Táthar ag súil go mbeidh sé de dhualgas ar fhostóirí a dtuarascálacha ar an mbearna phá idir na hinscní a fhoilsiú ar an tairseach láraithe seo.

Tionól Náisiúnta na nÓg maidir le Comhionannas Inscne

Thionóil an Roinn i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta agus Grúpa Comhairleach tiomnaithe don Óige ***Tionól Náisiúnta na nÓg maidir le Comhionannas Inscne*** an 24 Meán Fómhair 2024 mar chuid den phróiseas comhairliúcháin maidir leis an Straitéis a thiocfaidh i gcomharbacht ar an Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní.[7]

An Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní

Áiríodh i gClár an Rialtais, "Ár dTodhchaí Comhroinnte" (2020), gealltanas chun ***Straitéis Náisiúnta nua do Mhná agus do Chailíní*** a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Sa bhliain 2024, rinne an Roinn conradh le IPSOS B&A don chéim chomhairliúcháin maidir le forbairt na Straitéise comharba.

6 Cuirtear tacair sonraí Ag Fás Aníos in Éirinn ar fáil do thaighdeoirí ar bhonn rúnda agus gan ainm trí Chartlann Sonraí Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann. Tugtar Comhaid Mhicreashonraí Anaithnidithe (AMFanna) ar na comhaid seo. Féadfar comhaid níos mionsonraithe, ar bhonn gan ainm agus faoi rún daingean freisin, a chur ar fáil do thaighdeoirí de rogha na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO). Tugtar Comhaid Mhicreashonraí Taighdeoirí (RMFanna) ar na comhaid seo.

7 Le haghaidh tuilleadh eolais féach Gníomh Straitéiseach 5.3

> I rith 2024, chuir Tusla cóiríocht ar fáil do thart ar 299 mionaoiseach gan tionlacan ón Úcráin agus bhí 157 acu fós faoi chúram nó i gcóiríocht ag deireadh 2024.

Gníomh Straitéiseach 1.11

Forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm beartais a éascaíonn lánpháirtíocht daonraí imirceacha, a chuireann cuimsiú agus rannpháirtíocht an Lucht Siúil, na Romach agus daoine atá faoi mhíchumas chun cinn agus a thabharfaidh aghaidh ar idirdhealú ciníoch aonair agus struchtúrach agus a thionchair tríd an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais a chur i bhfeidhm.

Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh

In 2024, ba phríomhfhócas d'obair na Roinne maidir le hionchuimsiú an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh forbairt na Straitéise comharba agus an chéad ***Phlean Gníomhaíochta 2 bhliain***, agus d'fhormheas an Rialtas an dá cheann i mí Iúil 2024 (Tagairt do Ghníomh 5.3).

Tá freagracht maoirseachta ar an Roinn as an ***Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh*** (NTRIS). Bhí dhá chruinniú de Choiste Stiúrtha NTRIS ann in 2024.

Leanadh leis an obair ar roinnt de na cuspóirí sa Straitéis in 2024, lena n-áirítear:

- Leithdháileadh maoiniú €6.132m ar chomhlachtaí ionadaíocha an Lucht Siúil agus na Romach, agus chun gníomhaíochtaí NTRIS a chur chun cinn i réimsí amhail fostaíocht, cultúr agus oidhreacht, ionchuimsiú, oideachas, comhionannas inscne, meabhairshláinte agus idirghabháil. Fuarthas €1.340m breise ó Mhaoiniú na gCuntas Díomhaoin chun tacú le tionscnaimh Lucht Siúil agus Romaigh
- Bhí comóradh 80 bliain Chinedhíothú na Romach ar bun i dTeach an Ard-Mhéara an 18 Meán Fómhair 2024. (Gníomh 64 de chuid NTRIS II)
- Cuireadh maoiniú ar fáil chun Seachtain Bhród an Lucht Siúil 2024 agus Lá Idirnáisiúnta na Romach a cheiliúradh. (Gníomh 64 de chuid NTRIS II)
    - Críochnaíodh athbhreithniú ar fheidhmeanna, ar phróisis agus ar bhallraíocht Choiste Stiúrtha NTRIS II sa ráithe dheireanach de 2024 (Gníomh 70 de chuid NTRIS II)
    - Críochnaíodh na hathchóirithe ar shocruithe tuairiscithe chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm NTRIS II agus na dréacht-théarmaí tagartha don Choiste Stiúrtha (Gníomh 71 de chuid NTRIS II)

Lean an Roinn ag glacadh leis an ról mar Phointe Teagmhála Náisiúnta na Romach chun críche chreat straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le comhionannas, ionchuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach.

Straitéis náisiúnta nua um Imeascadh agus Ionchuimsiú Imirceach

Tar éis comhairliúchán poiblí go déanach in 2023, rinne foireann na Straitéise um Imeascadh Imirceach dara comhairliúchán níos spriocdhírithe in 2024 chun dul i gcion ar phobail imirceacha a raibh tearcionadaíocht déanta orthu sa chéad chéim. Tá torthaí an dá chomhairliúchán ag déanamh eolais d'fhorbairt ***straitéise náisiúnta nua um Imeascadh agus Ionchuimsiú Imirceach.***

Ba chloch mhíle thábhachtach i gcur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais 2023-27 ceapachán ***Rapóirtéir Speisialta ar Chomhionannas Ciníoch agus ar Chiníochas*** in 2024, le tacaíocht ó Ghrúpa Comhairleach neamhspleách a dhéanann ionadaíocht ar shampla ionadaíoch de shochaí na hÉireann.

Trasuíomh na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht (EAA)

Rinneadh ***an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht*** a thrasuíomh go hiomlán i mí na Nollag 2023. Tugadh isteach leis an Ionstraim ceanglais éigeantacha inrochtaineachta maidir le táirgí agus seirbhísí áirithe ar fud an Aontais. Is réamhriachtanas lárnach í an inrochtaineacht chun rannpháirtíocht agus ionchuimsiú iomlán a bheith againn inár sochaí. Is é an 28 Meitheamh 2025 dáta éifeachtach na hIonstraime. Soláthróidh an Ionstraim tairbhí tábhachtacha do dhaoine a bhfuil riachtanais inrochtaineachta acu agus do ghnólachtaí atá ag trádáil in earraí agus i seirbhísí inrochtana, a bhainfidh leas as comhchuibhiú caighdeán ar fud an Mhargaidh Aonair. Tá Grúpa Idir-rannach (IDG) bunaithe ag an Roinn chun rannpháirtíocht a éascú idir na Ranna agus na Gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil tionchar ag an reachtaíocht orthu agus chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm.

Tá sé mar aidhm ag an ***Treoir maidir le Cárta Míchumais Eorpach*** saoirse gluaiseachta saoránach faoi mhíchumas san AE a éascú trí bhacainní taistil ar fud AE a bhaint. Forálfar leis maidir le haitheantas frithpháirteach ag na Ballstáit ar Chárta Míchumais Eorpach agus ar Chárta Eorpach Páirceála feabhsaithe. Tá sé sin beartaithe chun go mbeidh saoránaigh AE atá i seilbh an chárta/na gcártaí in ann leas a bhaint as coinníollacha agus cóireáil speisialta i ndáil le soláthar seirbhísí, gníomhaíochtaí nó áiseanna agus coinníollacha agus áiseanna páirceála, nuair a thaistealaíonn siad chuig Ballstát eile den AE ar feadh tréimhse gearrfhanachta. Foilsíodh an Treoir an 14 Samhain 2024. Tá go dtí an 5 Meitheamh 2027 (30 mí) ag na Ballstáit anois chun an Treoir a thrasuí sa dlí náisiúnta agus go dtí an 5 Meitheamh 2028 (42 mí) chun na Cártaí a thabhairt isteach.

An Úcráin

Lean an Roinn de thacaíocht a thabhairt do Tusla chun cóiríocht agus seirbhísí a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh in Éirinn, atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. I rith 2024, chuir Tusla cóiríocht ar fáil do thart ar 299 mionaoiseach gan tionlacan ón Úcráin agus bhí 157 acu fós faoi chúram nó i gcóiríocht ag deireadh 2024. Chun costais an chúraim cónaithe agus na cóiríochta eile do leanaí agus daoine óga scartha atá ag teacht ón Úcráin a chomhlíonadh, cuireadh €31.4m ar fáil in 2024. Áirítear leis an maoiniú sin soláthar d'Ionaid Acmhainní Teaghlaigh chun tacaíochtaí a sholáthar sa phobal.

Leanaí Scartha atá ag Iarraidh Cosaint Idirnáisiúnta (SCSIP)

Lean Tusla ag tabhairt faoi deara líon suntasach leanaí a bhí scartha óna dteaghlach, ag teacht go hÉirinn ó thíortha seachas an Úcráin. Sa bhliain 2024, chuir an Roinn buiséad €13m ar fáil chun tacú le Tusla le linn dó cúram agus seirbhísí a sholáthar do na leanaí sin.

Bhí an leibhéal éilimh in 2024 chomh mór sin nárbh leor an maoiniú sin chun freastal ar an gcostas a thabhófaí chun freastal ar riachtanais leanaí scartha. D'oibrigh an Roinn le Tusla chun brúnna costais buiséid a aithint agus d'éirigh léi Meastachán Forlíontach €28.660m a fháil do Tusla, rud a thugann an maoiniú iomlán do 2024 go €41.660m. Ag deireadh 2024, bhí 555 SCSIP nach de bhunadh na hÚcráine iad ag fáil seirbhísí ó Tusla, 298 faoi chúram nó i gcóiríocht agus 257 ag fáil seirbhís iarchúraim.

Gníomh Straitéiseach 1.12

Ag obair thar earnálacha, beimid i gceannas ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTIA+.

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTIA+ 2024 – 2028 (NLIS II)

Ar an 22 Deireadh Fómhair 2024, cheadaigh an Rialtas foilsiú ***an dara Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LADTIA+ II 2024–2028 (NLIS II).*** Forbraíodh an Straitéis tar éis próiseas comhairliúcháin láidir le daoine LADTIA+, iad siúd a bhíonn ag plé le saincheisteanna LADTIA trína dtaithí saoil féin, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar thuairimí phobal LADTIA+ agus le Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit. Léiríonn an Straitéis NLIS II tiomantas Uile-Rialtais chun sochaí shábháilte, chóir agus chuimsitheach a chothú don phobal LADTIA+. Na Piléir ar a bhfuil Straitéis NLIS II bunaithe: Tá sé mar aidhm ag Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine, Rannpháirtíocht agus Ionchuimsiú, agus Comhionannas agus Neamh-Idirdhealú aghaidh a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha atá roimh dhaoine LADTIA+ inniu.

Gníomh Straitéiseach 1.13

Forbróimid straitéisí agus beartais atá ar ardchaighdeán agus bunaithe ar fhianaise agus cuirfimid chun feidhme iad chun cabhrú le torthaí níos fearr a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá gealltanas tugtha ag Rannán Míchumais na Roinne beartais a fhorbairt i roinnt réimsí sonracha de sheirbhísí speisialaithe míchumais. Ceann de na príomhghnéithe sin an ***Treochlár um Fheabhsú Seirbhísí 2023-2026 - Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus Daoine Óga,*** a seoladh ag deireadh 2023.

In 2024, rinne an Roinn dul chun cinn nach beag maidir le gníomhartha spriocdhírithe éagsúla ón bplean sin a chur i bhfeidhm. Tá na gníomhartha sin ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus chun feabhas a chur ar na seirbhísí a fhaigheann leanaí agus a dteaghlaigh.

Agus muid ag obair lenár gcomhpháirtithe, lena n-áirítear FSS, agus páirtithe leasmhara eile sa réimse míchumais, rinneadh dul chun cinn in 2024 i réimsí éagsúla, lena n-áirítear:

- Bunú agus oibriú struchtúr rialachais den ***Treochlár um Fheabhsú Seirbhísí 2023-2026***
- In ainneoin na ndúshlán earcaíochta, mhéadaigh lucht saothair Fhoireann Líonra Míchumais Leanaí (CDNT) 17% ó 2023 go 2024. Léiríonn sé sin fás +272 ball foirne CL ag obair ar fud CDNTanna agus laghdú ar an ráta folúntais ó 29% go 22%
- Leis ***an Tionscnamh um Liosta Feithimh Measúnaithe Riachtanais (AON)*** in 2024 bhíothas in ann 2,479 AON príobháideach a sholáthar idir Meitheamh agus Nollaig 2024 ar chostas €8.2m
- Críochnaíodh 4,162 AON san iomlán in 2024, méadú 30% ar 2023

D'fhoilsigh an Roinn an ***Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Míchumais 2024-2026*** go déanach in 2023 freisin. Is plean é sin chun acmhainn agus rochtain ar sheirbhísí míchumais a mhéadú. Leagtar amach sa phlean gníomhartha don tréimhse 2024-2026 faoi thrí phríomhréimse – rochtain níos fearr ar sheirbhísí a sholáthar, tionchar sheachadadh na seirbhísí a uasmhéadú agus pleanáil agus bainistíocht fheabhsaithe trí fhaisnéis agus córais níos fearr.

Tacaíodh leis an bPlean Gníomhaíochta in 2024 le €74m i maoiniú Bearta Forbartha Nua chun áiteanna breise a sholáthar i Seirbhísí Cónaithe, áiteanna i Seirbhísí Lae, uaireanta Cúnaimh Phearsanta, cúntóirí teiripe nua d'Fhoirne Líonra Míchumais Leanaí, seirbhísí Faoisimh breise agus chun an Straitéis Néara-athshlánúcháin Náisiúnta a fhorbairt tuilleadh.

- Cuireadh 220 áit chónaithe nua tosaíochta 1 ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, agus ina theannta sin, cuireadh 155,159 oíche faoisimh bunaithe i lárionad ar fáil san iomlán
- Tacaíodh le 21,657 duine ag Seirbhísí Lae do Dhaoine Fásta atá maoinithe ag an FSS
- Soláthraíodh 1.848m uair an chloig de Chúnamh Pearsanta do dhaoine faoi mhíchumas chomh maith le 3.85m uair an chloig de Thacaíocht Baile

Cuireadh tús le struchtúir faireacháin agus maoirseachta an Phlean Gníomhaíochta agus cuireadh le chéile iad in 2024 freisin agus bunaíodh Grúpa Faireacháin Neamhspleách. Bhuail an grúpa sin le chéile i mí Iúil 2024 chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn lár na bliana agus arís in 2025 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an seasamh ag deireadh na bliana do 2024 don Phlean Gníomhaíochta. Léiríonn na sonraí seachadta seirbhísí atá ar fáil go bhfuil feidhmíocht láidir ar siúl thar a lán de na príomh-mhéadrachtaí atá sa Phlean.

Fuarthas leibhéil mhaoinithe is airde riamh do Sheirbhísí Míchumais i mBuiséad 2025, a fógraíodh i mí Dheireadh Fómhair 2024. Áiríodh leis sin méadú 11.6% arb ionann é agus €336m, rud a thugann an buiséad foriomlán go €3.2 billiún. Tacaíonn an leithdháileadh ó Bhuiséad 2025 le cur i gcrích an Phlean Gníomhaíochta trí €42m i maoiniú Bearta Forbartha Nua, agus maoiniú chun soláthar a dhéanamh d'athrú déimeagrafach tríd an leithdháileadh Leibhéal Reatha Seirbhíse.

I gcomhar leis an Roinn, eagraíochtaí soláthraithe seirbhíse, agus daoine atá faoi mhíchumas, bunaíodh Grúpa Athbhreithnithe um Chúnamh Pearsanta faoi stiúir an FSS sa dara leath de 2023 chun clár oibre a chur chun cinn chun eolas a thabhairt do bhreithnithe beartais. Lean obair an Ghrúpa ar aghaidh ar feadh 2024.

Lean an Roinn uirthi ag plé leis an Roinn Sláinte i rith 2024 chun forbairt ar chreat rialála do sholáthraithe seirbhísí tacaíochta baile a chur chun cinn.

Ina theannta sin, seoladh an ***Straitéis Nuálaíochta Uathachais*** an 26 Lúnasa 2024. Cuireann an Straitéis Nuálaíochta Uathachais leis agus feabhsaíonn sí an beartas atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas a cuireadh chun cinn i rith na bliana, trí dhíriú ar réimsí ina bhfuil riachtanais shaincheaptha do dhaoine a bhfuil an t-uathachas ag gabháil dóibh nach bhfuil freastal orthu faoi láthair laistigh den soláthar príomhshrutha. Sa Straitéis, sainaithnítear 83 gníomh a fhéadfaidh difríocht shuntasach a dhéanamh i saol daoine a bhfuil an t-uathachas ag gabháil dóibh, mar aon le gníomhartha a chuireann bunús láidir ar fáil chun feabhas a chur ar an gcóiríocht phríomhshrutha d'uathachas, thar thréimhse 18 mí na Straitéise.

Leanadh leis an rannpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta, DHLGH, ar feadh 2024 maidir leis an ngá atá le seirbhísí cónaithe ar fud raon beart, lena n-áirítear do dhaoine atá ina gcónaí sa phobal agus a bhfuil seirbhís chónaithe de dhíth orthu anois, daoine faoi bhun 65 bliain d'aois atá ina gcónaí go míchuí i dtithe altranais, agus daoine a aistríonn ó sheirbhísí cónaithe comhchoiteanna go cúram cónaithe pobalbhunaithe. Chuir an FSS tús le hobair freisin chun scrúdú a dhéanamh ar stádas na suíomhanna comhchoiteanna reatha.

Tionóladh imeacht do pháirtithe leasmhara i mí Mheán Fómhair 2024 chun plé a dhéanamh ar sheirbhísí faoisimh. Beidh toradh na hócáide ina eolas le haghaidh tuilleadh machnaimh ar threo na seirbhísí faoisimh (lena n-áirítear páipéar oibre ar fhaoiseamh atá le críochnú in 2025).

Fuarthas leibhéil mhaoinithe is airde riamh do Sheirbhísí Míchumais i mBuiséad 2025, a fógraíodh i mí Dheireadh Fómhair 2024. Áiríodh leis sin méadú 11.6% arb ionann é agus €336m, rud a thugann an buiséad foriomlán go €3.2 billiún.

I rith na bliana 2024, neartaíodh acmhainneacht an Lucht Saothair do Dhaoine faoi Mhíchumas trí chur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Gníomhaíochta do Sheirbhísí do Mhíchumas agus an Treochlár do Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga faoi Mhíchumas.

Sprioc Straitéiseach 2

Tacóimid le soláthar raon seirbhísí atá ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe laistigh dár sainchúram reachtach a mbeidh infheistíocht straitéiseach a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine aonair, teaghlach agus na sochaí mar bhonn faoi.

Gníomh Straitéiseach 2.1

Cinnteoimid go mbeidh soláthar ár dtosaíochtaí ar fad bunaithe ar infheistíocht straitéiseach agus pleanáil airgeadais stuama. Áireofar leis sin fócas láidir ar phleanáil lucht saothair d'fhonn a chinntiú go bhfuil an acmhainn agus an soláthar ag an gcóras seachadta chun freagairt don riachtanas a shainaithnítear.

Seirbhísí Míchumais Phobalbhunaithe

I rith na bliana 2024, neartaíodh acmhainneacht an Lucht Saothair do Dhaoine faoi Mhíchumas trí chur i bhfeidhm leanúnach an ***Phlean Gníomhaíochta do Sheirbhísí do Mhíchumas*** agus an ***Treochlár do Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga faoi Mhíchumas.*** Lean an Grúpa Stiúrtha Idir-rannach um Lucht Saothair, faoi chathaoirleacht an Aire Stáit um Míchumas, ag díriú ar iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar láithreach agus fadtéarmach lucht saothair.

Baineadh amach roinnt gníomhartha tábhachtacha in 2024 chun acmhainn a neartú agus lucht saothair méadaithe a sholáthar i seirbhísí míchumais, lena n-áirítear:

- Cheap an FSS Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta, Ceannaire Lucht Saothair & Acmhainní faoi Mhíchumas i mí na Bealtaine chun tionscnaimh lucht saothair faoi mhíchumas a thiomáint le béim ar leith ar Fhoirne Líonra Míchumais Leanaí (CDNTanna). In 2024, mhéadaigh lucht saothair FSS agus míchumais alt 38 faoi 963 fostaí coibhéiseach lánaimseartha, rud a léiríonn méadú 45% ar na leibhéil fáis a baineadh amach in 2023
- I rith 2024, threisigh an Roinn agus FSS a n-iarrachtaí earcaíochta ar fud an FSS, eagraíochtaí alt 38 agus alt 39[8] chun aghaidh a thabhairt ar rátaí folúntais, agus iad i mbun oibre le meánscoileanna agus Institiúidí Ardoideachais (HEInna) chun gairmeacha beatha i seirbhísí míchumais a chur chun cinn. Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm réimse tionscnamh chun earcaíocht agus coinneáil i róil na nGairmeacha Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (HSCP) a mhéadú, lena n-áirítear an chéad fheachtas earcaíochta náisiúnta CDNT.

8 Maoinítear eagraíochtaí Alt 38 chun seirbhísí a sholáthar thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ach oibríonn eagraíochtaí alt 39, atá maoinithe go páirteach ag FSS, go neamhspleách ach soláthraíonn siad seirbhísí sláinte agus sóisialta riachtanacha a chomhlánaíonn an córas cúraim sláinte poiblí. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach anseo

Ina theannta sin, tá meascán scileanna leathnaithe ag FSS trí ról an Chúntóra Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Cúntóir Teiripe) a fhorbairt agus trí shocrúcháin oideachais chleachtais a mhéadú laistigh de CDNTanna

- I gcomhréir le Comhaontú an WRC i mí Dheireadh Fómhair 2023 maidir le maoiniú le haghaidh pá d'oibrithe in eagraíochtaí pobail agus deonacha agus tar éis comhaontú ar bheart pá earnála poiblí ina dhiaidh sin, tháinig Ranna, gníomhaireachtaí, ionadaithe fostóirí agus ceardchumainn le chéile arís le haghaidh cainteanna ag an WRC i mí an Mheithimh. Rinneadh dul chun cinn ar chomhaontú nua le linn an dara leath den bhliain. Bhain oibrithe in eagraíochtaí alt 399 tairbhe as cur i bhfeidhm théarmaí Chomhaontú 2023, lena n-áirítear méadú 3% ón 1 Márta 2024. [Tabhair faoi deara gur bhain an comhaontú sin freisin le ENRanna a sholáthraíonn seirbhísí do Tusla faoi alt 56 d'Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013.]

Gníomh Straitéiseach 2.2

Forbróimid agus feabhsóimid soláthar seirbhísí don aos óg in Éirinn, lena n-áirítear trí athchóiriú a dhéanamh ar chláir mhaoinithe don aos óg agus trí thionscnaimh cháilíochta don aos óg a neartú.

Scéim Deontais Seirbhíse don Aos Óg

Tá athchóiriú suntasach déanta ar an ***Scéim Deontais Seirbhíse don Aos Óg*** (YSGS), rud lena bhfuiltear in ann scéim phíolótach a oscailt in 2024. Tugadh isteach an YSGS in 1984 agus tá sé deartha chun maoiniú a sholáthar d'eagraíochtaí óige a sholáthraíonn seirbhísí oibre óige uilíocha do leanaí agus do dhaoine óga idir 10 agus 24 bliain d'aois. Tá 30 eagraíocht á maoiniú faoin YSGS atá ann faoi láthair. Thug an scéim phíolótach deis d'eagraíochtaí nua a sholáthraíonn tacaíochtaí nó gníomhaíochtaí do dhaoine óga chun tacú lena bhforbairt shóisialta agus phearsanta nó d'eagraíochtaí a thacaíonn le hobair eagraíochtaí óige eile iarratais ar mhaoiniú a chur isteach.

Tionscnamh Tacaíochta Infhostaitheachta Spriocdhírithe don Óige

Bunaíodh a***n Tionscnamh Tacaíochta Infhostaitheachta Spriocdhírithe don Óige (TYESI) 2024-2027*** in 2024 tar éis meastóireacht a dhéanamh ar scéim phíolótach a seachadadh in 2021-2022. Tá an tionscnamh dírithe ar 'infhostaitheacht' na ndaoine óga a fheabhsú trí scileanna boga a bhaineann leis an saol oibre a fhorbairt.

Tá sé mar aidhm ag idirghabhálacha dírithe tacaíocht phobalbhunaithe a sholáthar chun cabhrú le daoine óga leibhéal muiníne agus gníomhaireachta a bhaint amach chun dul i mbun raon leathan bealaí dul chun cinn, clár nó seirbhísí atá ar fáil faoi láthair, lena n-áirítear Ógtheagmháil, Ionaid Oiliúna Pobail, Scéimeanna Fostaíochta Pobail, Cúrsaí Oiliúna, Printíseachtaí, Conairí chun na hOibre agus/nó chun dul chun cinn i bhfostaíocht.

Bunaíodh ocht seirbhís déag, a bhí dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thart ar 3,000 duine óg faoi dheireadh 2027. Tacaíodh le breis is 400 duine óg sa dara leath de 2024 agus taifeadadh breis is 2,000 teagmháil. Rinneadh iad sin den chuid is mó trí thacaíocht duine le duine, meantóireacht agus obair i ngrúpaí beaga. Déanann sé Bhord Oideachais agus Oiliúna déag na TYESInna a riar agus déanann Seirbhísí Oibre don Óige iad a sheachadadh. Is é aidhm TYESI dul i ngleic le daoine óga idir 15 agus 24 bliain d'aois a bhfuil sé níos deacra teacht orthu agus nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna faoi láthair agus tacú leo.

Cuireadh tús le forbairt uirlisí agus modheolaíochtaí chun tionchar TYESI a thomhas ó pheirspictíocht na rannpháirtithe óga in 2024 mar chuid de thomhas cháilíocht an tionscnaimh iomláin.

Tacaíocht imeasctha do Dhaoine Óga as an Úcráin in Éirinn

Sa bhliain 2024, leithdháileadh €2m le haghaidh ***tacaíochtaí deontais imeasctha do dhaoine óga (imirceacha) as an Úcráin.*** Tacaíonn an scéim deontais seo le heagraíochtaí óige agus clubanna óige chun cabhrú le daoine óga a theith ón gcogadh san Úcráin agus atá á n-imeascadh i bpobail ar fud na hÉireann.

Ciste Gníomhachtaithe Oibrithe Deonacha

Sa bhliain 2024, bhunaigh an Roinn ***Ciste Gníomhachtaithe Oibrithe Deonacha*** chun tacaíocht bhreise a sholáthar d'eagraíochtaí seirbhísí don aos óg maidir le hoibrithe deonacha a earcú, a choinneáil agus a thacú. Is é príomhchuspóir an Chiste líon na n-oibrithe deonacha san earnáil óige agus líon na gclubanna faoi stiúir oibrithe deonacha atá ag feidhmiú ar fud na tíre a mhéadú. Tá €812,500 san iomlán á chur ar fáil ag an Roinn do sheacht dtionscadal idir 2024 agus 2025 chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá gach tionscadal a mhaoinítear faoin gCiste Gníomhachtaithe Oibrithe Deonacha á sheachadadh ag eagraíocht náisiúnta óige a mhaoinítear faoi Scéim Deontais Seirbhísí Óige na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Gníomh Straitéiseach 2.3

Soláthróimid raon scéimeanna agus tionscnamh d'fhonn a chinntiú gur féidir le leanaí agus teaghlaigh Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) ar ardchaighdeán agus inacmhainne a rochtain. Cinnteoimid go mbeidh infheistíocht Rialtais á húsáid ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir trí fhaireachán a dhéanamh ar sholáthar, clár láidir meastóireachta agus feabhas cáilíochta leanúnach lena n-áirítear aiseolas ó úsáideoirí seirbhíse.

An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS)

Rinneadh roinnt feabhsuithe ar an ***Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí*** (NCS) in 2024 chun inacmhainneacht agus infhaighteacht áiteanna san Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus sa Chúram Leanaí in Aois Scoile (ELC agus SAC) a fheabhsú do theaghlaigh a bhaineann leas as an Scéim.

- Ó mhí Mheán Fómhair 2024 i leith, méadaíodh an fóirdheontas uilíoch íosta ón Scéim ó €1.40 go €2.14 in aghaidh na huaire. Ina theannta sin, méadaíodh an fóirdheontas urraitheora go €5.30 in aghaidh na huaire do leanaí os cionn 1 bhliain d'aois. Ar deireadh, ceadaíonn rialacháin nua feighlíochta leanaí do theaghlaigh atá ag baint leasa as feighlí leanaí fóirdheontas NCS a éileamh anois
- Bhain 218,352 leanbh leas as fóirdheontais NCS faoi dheireadh na bliana 2024 - méadú 20% ar an mbliain roimhe sin (2023).
- Bhí 106,551 leanbh cláraithe ar chlár ECCE in 2023/24.

Deontais do Thuismitheoirí agus do Lapadáin

Leithdháileadh maoiniú €360,626 ar ***Ghrúpaí Tuismitheoirí agus Lapadán*** trí Choistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae áitiúla in 2024 agus béim á leagan ar thacú le Grúpaí Tuismitheoirí agus Lapadán a chuir fáilte roimh gach teaghlach a tháinig go hÉirinn le déanaí.

Bunmhaoiniú

- Leithdháileadh €287 milliún ar Bhunmhaoiniú i mBliain 2 (Meán Fómhair 2023-Lúnasa 2024) agus chláraigh 94% de sholáthraithe leis an scéim
- Leithdháileadh €331 milliún ar Bhunmhaoiniú i mBliain 3 (Meán Fómhair 2024-Lúnasa 2025)

I measc phríomhéachtaí na scéime go dtí seo tá:

- Rátaí arda rannpháirtíochta i measc na seirbhísí. Cé gur laghdú beag é an 93% de sholáthraithe a ghlac páirt i mbliain 3 den scéim i gcomparáid leis an bhfigiúr 94% a baineadh amach i mbliain 2, mheall an scéim líon níos airde soláthraithe i ndearbhthéarmaí ná mar a bhí i mblianta roimhe sin
- Reo táillí i bhformhór na seirbhísí agus forbairtí breise ar bhainistíocht táillí, lena n-áirítear próiseas measúnaithe ar ardú táillí agus uasteorainneacha táillí
- Méadú 20% ar líon na seirbhísí a thairgeann an NCS ó 2022
- Thacaigh an Roinn le comhaontú Orduithe Rialaithe Fostaíochta in 2022 a raibh feabhas ar phá níos mó ná 70% díobh siúd a bhí ag obair san earnáil mar thoradh air agus arís in 2024 a raibh feabhas ar phá níos mó ná 50% díobh siúd a bhí ag obair san earnáil mar thoradh air
- Tacaíocht leathnaithe do sholáthar faoi stiúir céimithe lasmuigh den chlár ECCE, agus beagnach 3,000 seirbhís ag fáil Préimheanna Céimithe anois
- Cobhsaíocht fheabhsaithe maoinithe do sheirbhísí a chuireann leis an líon is ísle dúnadh seirbhísí le 6 bliana anuas
- Méadú suntasach ar acmhainn, agus anailís lena léirítear gurb é an acmhainn mhéadaithe an cineál acmhainne is mó éileamh i gcoibhneas le soláthar.

Foráladh i mBuiséad 2025 go rachaidh leithdháileadh an Bhunmhaoinithe do Bhliain 4 den Scéim (Meán Fómhair 2025 go Lúnasa 2026) thar €390 milliún. Áirítear leis sin imfhálú €45 milliún de mhaoiniú nua chun tacú le hOrduithe Rialaithe Fostaíochta nuashonraithe.

Maoiniú le haghaidh uas-sciliú

In 2024, bronnadh 363 sparánacht ar chéimithe ó chláir chéime faofa de chuid na Roinne trí ***Scéim Sparánachta Iarchéime Chiste na bhFoghlaimeoirí.*** Ina theannta sin, seoladh an ***Ciste um Chothú Scileanna Foghlaimeoirí*** i mí na Samhna 2023 do bhaill foirne atá ag obair in earnáil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Chúram Leanaí d'Aois Scoile. Cuireann an ciste go mór leis an gcostas tosaigh a bhíonn le híoc ag Oideoirí Luathbhlianta atá ag déanamh staidéir ar cháilíochtaí Leibhéal 7 agus 8 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus iad ag leanúint orthu ag obair san earnáil. Bhí ró-éileamh ar an gCiste um Chothú Scileanna d'Fhoghlaimeoirí. Fuarthas 617 iarratas comhlánaithe, agus díobh sin, ceadaíodh 350 iarratas tar éis na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm.

Cáilíochtaí Lucht Saothair

Coinníonn an Roinn liosta cáilíochtaí a chomhlíonann ceanglais rialála agus conarthacha maidir le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige. Lean ***Tús Níos Fearr*** ag cuidiú leis an Roinn ina measúnú leanúnach ar iarratais ar aitheantas cáilíochtaí. Próiseáladh thart ar 1,908 iarratas in 2024. San áireamh san fhigiúr seo tá an Próiseas Mear do Mhic Léinn agus tabhairt isteach measúnuithe ar cháilíochtaí neamhchríochnaithe ag Leibhéal 6 agus níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Tacaíochtaí Feabhsúcháin Cáilíochta

Le linn 2024, lean an Roinn ag soláthar maoirseachta agus maoinithe, agus ag tacú le comhordú agus comhsheasmhacht, i dtacaíochtaí cleachtais cháilíochta arna soláthar ag raon eagraíochtaí san earnáil ELC/SAC, lena n-áirítear ***Tús Níos Fearr,*** tionscnamh náisiúnta arna bhunú ag an Roinn agus arna óstáil ag Pobal.

Bloic Thógála

Cuireadh ***Clár Caipitil na mBloc Tógála*** i bhfeidhm in 2024. Cuireadh scéim ar fáil chun Deontais Leathnaithe a thairiscint a mhaoinigh 23 seirbhís luathfhoghlama agus cúraim leanaí agus cúram leanaí d'aois scoile chun oibreacha inmheánacha a dhéanamh chun freastal ar líon níos mó leanaí 1–3 bliana d'aois. Osclaíodh an scéim Deontais Sínithe in 2024 agus den chéad uair le blianta fada thairg sí tacaíocht do sheirbhísí pobail chun foirgnimh nua a cheannach nó a thógáil chomh maith le maoiniú a thabhairt do sheirbhísí pobail agus príobháideacha araon chun síntí a dhéanamh ar áitribh atá ann cheana féin.

Gníomh Straitéiseach 2.4

Cuirfimid an chéim is déanaí de Chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe (IRPP) i gcrích trí sheirbhísí éifeachtúla, láidre agus dírithe ar an gcustaiméir chun tacú le roghnú, teacht agus imeascadh dídeanaithe cláir ar fud na tíre.

Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe (IRPP)

D'fhormheas an Rialtas an chéim nua de Chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe (IRPP) a chlúdaíonn an tréimhse 2024 – 2027, an 27 Márta 2024.

Chuir an IRPP fáilte roimh 276 dídeanaí le linn 2024, lena n-áirítear athlonnú náisiúnach as an tSiria agus ligean isteach ar chúiseanna daonnúla ón Afganastáin.

Athlonnaíodh dídeanaithe sa phobal tar éis a n-ionduchtaithe i gceann de na hIonaid Fáiltithe agus Treoshuímh (ROCanna). Éascaíodh an t-athlonnú sa phobal le tacaíocht ó údaráis áitiúla, a fhaigheann maoiniú ó IRPP. Le linn 2024, athlonnaíodh 196 duine ar fud 8 limistéar údaráis áitiúil.

Tar éis athbhreithnithe go déanach in 2023, chuir an IRPP ***clár Urraíochta Pobail*** nua i bhfeidhm ón 1 Iúil 2024 chun cabhrú le brúnna ar thithíocht Údaráis Áitiúil le haghaidh athlonnaithe a mhaolú.

Tionóladh misin roghnúcháin athlonnaithe i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna 2024 sa Tuirc agus sa Bhanglaidéis faoi seach. Ba é sin an chéad uair do mhisean athlonnaithe Éireannach go dtí an Tuirc agus an chéad cheann go dtí an Bhanglaidéis le beagnach 20 bliain.

Gníomh Straitéiseach 2.5

Forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm samhail nua cóiríochta agus tacaíochtaí gaolmhara do dhaoine atá sa phróiseas um Chosaint Idirnáisiúnta, a bheidh dírithe ar chur chuige neamhbhrabúis, agus ar sheachadadh seirbhísí ardchaighdeáin d'iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.

Straitéis Chuimsitheach Cóiríochta

D'fhormheas an Rialtas ***Straitéis Chuimsitheach Cóiríochta (CAS) nua d'iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta*** an 27 Márta 2024. Tá sé mar aidhm ag an CAS an córas cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta a athchóiriú sa mheántéarma go dtí an fadtéarma agus bogadh ar shiúl ó bheith ag brath go hiomlán ar sholáthraithe príobháideacha agus i dtreo croílár cóiríochta faoi úinéireacht an Stáit, agus 14,000 leaba faoi úinéireacht an Stáit a sholáthar faoi 2028. Déanfar é seo a fhorlíonadh, de réir mar is gá, le soláthraithe tráchtála ardchaighdeáin.

Tá an chóiríocht sa straitéis nua á seachadadh tríd an gcur chuige il-shnáithe seo a leanas:

- Úsáid talún Stáit le haghaidh aonaid réamhdhéanta agus modúlacha
- Tiontú foirgneamh tráchtála
- Ceannach spriocdhírithe maoine meánmhéide agus móra lándéanta
- Dearadh agus tógáil Ionad Fáiltithe agus Imeasctha nua
- Uasghrádú ionad IPAS

Tá tús curtha le hobair chun an straitéis a chur i gcrích agus béim á leagan ar sheachadadh cóiríochta modúlaí agus ar cheannach spriocdhírithe maoine meánmhéide agus móra atá réidh le húsáid trí phróiseas Léirithe Suime agus foinsiú díreach.

Tagann an CAS in ionad an Pháipéir Bháin chun Deireadh a Chur le Soláthar Díreach agus Seirbhís Tacaíochta um Chosaint Idirnáisiúnta nua a Bhunú, a foilsíodh i mí Feabhra 2021. Ó foilsíodh an Páipéar Bán, tháinig fás as cuimse ar líon na n-iarratas ar Chosaint Idirnáisiúnta le breis is 30,000 duine nua tagtha isteach ó Eanáir 2022.

Chuir an méadú sin brú mór ar chumas na Roinne cóiríocht inmharthana a aimsiú do dhaoine nua a tháinig isteach in 2023 agus bhí athscrúdú le déanamh ar na toimhdí bunúsacha ar a raibh an Páipéar Bán bunaithe. Is tosaíocht ríthábhachtach é seachadadh leapacha Stáit go dtí 2025 agus ina dhiaidh sin.

Gníomh Straitéiseach 2.6

Tacóimid le Tusla lena ghealltanas maidir le feabhsuithe leanúnacha ar sholáthar agus feidhmíocht seirbhíse chun torthaí do leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh a bharrfheabhsú.

Maoiniú do Tusla:

Don bhliain 2024, bhí leithdháileadh buiséid lárnach de €1,011.148m (€993.648m Reatha, agus €17.5m Caipiteal) ag Tusla. Ina thuairisciú airgeadais i rith na bliana, léirigh Tusla go raibh seans maith ann go mbeadh easnamh maoinithe ag deireadh 2024 mar thoradh ar bhrúnna costais in 2024. Lorg an Roinn Meastachán Forlíontach €52.0m ar a bhunbhuiséad do Tusla agus d'éirigh leis é a fháil chun a róchaiteachas in 2024 a chlúdach, lena n-áirítear íocaíocht dhúbailte do chúramóirí altrama in 2024, a fógraíodh i mbuiséad 2025.

Ba é €1,063.148m bunbhuiséad deiridh Tusla do 2024, agus tharraing Tusla anuas go hiomlán é faoi dheireadh na bliana. Ní áirítear leis sin foinsí maoinithe eile ón Roinn, amhail maoiniú i leith na hÚcráine, Cosaint Idirnáisiúnta, na Luathbhlianta, a raibh níos mó ná €50 milliún san iomlán iontu le chéile ná ní áirítear leis maoiniú arna sholáthar ag an Roinn Oideachais a raibh níos mó ná €50 milliún san iomlán iontu freisin.

Tá an Roinn ina cathaoirleach ar an nGrúpa Idir-rannach ar a bhfuil ionadaíocht ag Ranna na bpáirtithe leasmhara (an Roinn, an Roinn Sláinte, an Roinn Dlí agus Cirt) agus na Gníomhaireachtaí (Tusla, an Garda Síochána, FSS, Sláinte Leanaí Éireann). Tá ról beartais agus comhairleach aici maidir leis an tseirbhís ina iomláine agus déanann sí maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an struchtúir rialachais chun tacú le seachadadh seirbhíse.

Thosaigh samhail Barnahus na hÍoslainne, atá oiriúnaithe do chomhthéacs na hÉireann, ag fáil atreoruithe i Barnahus Thiar (Gaillimh) in 2020. Tá sé ag feidhmiú go hiomlán i bhfoirgneamh atá deartha do leanaí agus ag leanaí ina bhfuil seomra agallaimh atá so-úsáidte do leanaí, seomraí leighis agus teiripe, agus limistéir fheithimh agus súgartha chompordacha do leanaí agus do dhaoine óga. Thosaigh Barnahus Theas (Corcaigh) ag fáil atreoruithe i mBealtaine 2024. Tá maoiniú caipitil faighte ag Tusla agus ag FSS trí phróiseas buiséadach lena máthair-Roinn le haghaidh spáis atá tógtha chun na críche sin. Rinneadh obair ollmhór agus Barnahus Thoir (Baile Átha Cliath) á ullmhú dá thosach seirbhíse agus tá sé anois sna céimeanna deiridh den ullmhúchán.

Trí Chomhthionscadal AE-Chomhairle na hEorpa "Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Thionscadal Barnahus in Éirinn", bhí na Ranna agus na Gníomhaireachtaí páirteach i roinnt sruthanna oibre in 2024, lena n-áirítear forbairt ar Straitéis Cumarsáide, Straitéis agus Plean Gníomhaíochta chun Barnahus a Mhéadú in Éirinn, doiciméid um Chosaint Sonraí, agus clár oiliúna um Chúram Eolasach Tráma.

€m	Reatha	Caipiteal	Iomlán
Leithdháileadh Bunaidh 2024	993.648	17.500	**1,011.148**
Leithdháileadh Forlíontach	52.000	0.000	**52.000**
Leithdháileadh Deiridh 2024	1,045.648	17.500	**1,063.148**

Samhail Barnahus in Éirinn

Le linn 2024, lean an Roinn ag obair le Tusla ar ***chur i bhfeidhm náisiúnta shamhail Barnahus*** in Éirinn. Is éard atá i gceist leis sin cur chuige idir-rannach agus ilghníomhaireachta a thugann le chéile na seirbhísí ábhartha go léir faoi aon díon amháin chun freagairt chomhordaithe agus éifeachtach a sholáthar do leanaí a d'fhulaing, nó a bhféadfadh sé gur fhulaing siad, mí-úsáid gnéis. Tá sé mar aidhm ag Barnahus ath-thráma a laghdú trí rochtain thráthúil ar chúram atá dírithe ar an leanbh a chinntiú, líon na n-agallamh a chaithfidh leanbh a dhéanamh le linn measúnú na mí-úsáide líomhnaithe a íoslaghdú, agus a chinntiú go gcoimeádtar go hiomlán cearta leanaí chun sábháilteachta, téarnaimh agus rochtana ar cheartas.

Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC)

D'oibrigh an Roinn leis an Ionad um Staidéir Éifeachtacha chun ***athbhreithniú na gCoistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga*** (CYPSC) a chur chun cinn. Críochnaíodh príomhobair an athbhreithnithe, agus fuair an Roinn dréacht-thuarascáil i R4 2024. Lean an Roinn lena teagmháil le hOifig Náisiúnta CYPSC chun beartas agus treo straitéiseach CYPSC a bhreithniú agus a chur chun cinn.

Ó foilsíodh an Páipéar Bán, tháinig fás as cuimse ar líon na n-iarratas ar Chosaint Idirnáisiúnta le breis is 30,000 duine nua tagtha isteach ó Eanáir 2022.

"Cad a Oibríonn"

Leithdháileadh €1.27m de mhaoiniú ó Chuntais Dhíomhaoine ar ***Cad a Oibríonn*** in 2024 ag tacú le roinnt tionscadal a raibh sé mar aidhm acu tionchar na mbeart coisctheach agus luath-idirghabhála a uasmhéadú. I measc na dtionscadal a fuair tacaíocht bhí:

- €378,000 chun ceithre Phlean Gníomhaíochta Píolótacha Ceantair Áitiúil maidir le Bochtaineacht Leanaí a bhunú chun torthaí a fheabhsú do leanaí, daoine óga faoi mhíbhuntáiste agus a dteaghlaigh. Tá na treoirthionscadail sin mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí
- Cuireadh €402,000 ar fáil do Tusla chun (inter alia) tionscadal píolótach a fhorbairt a thacóidh le teiripe súgartha chun tacú le leanaí cumarsáid a dhéanamh nó dul i ngleic le cásanna deacra agus tionscadal píolótach chun tacú le tuismitheoirí agus a naíonáin le linn chéad 18 mí saoil linbh
- Rinne Tusla cleachtadh scóipeála agus meastóireachta ar na 6 shuíomh phíolótacha de chuid na bhFóram Tuismitheoirí[9] chun cabhrú le cur i bhfeidhm breise fóram tuismitheoireachta i gceantair nua in 2025
- Rinne Tusla cleachtadh scóipeála ar na Moil Tuismitheoireachta atá ann cheana féin agus ar róil na gcomhairleoirí tuismitheoireachta gaolmhara ar fud na tíre

CSE+ a chur chun cinn agus tacú go gníomhach le cur i bhfeidhm agus rialachas Thionscadail Tacaíochta Teaghlaigh CSE+ Tusla

- Is é ***Ciste Sóisialta na hEorpa Plus*** (CSE+) príomhionstraim an Aontais Eorpaigh (AE) chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus chun tacú le cur i bhfeidhm Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tá roinnt tionscadal tacaíochta teaghlaigh á gcómhaoiniú ag an CSE+ agus le linn 2024:
    - Earcaíodh 15 de na 17 gCleachtóir Tacaíochta Teaghlaigh, atá ag obair le teaghlaigh atá ina gcónaí i gcóiríocht IPAS agus le teaghlaigh ón Úcráin
    - Bunaíodh ceithre láithreán úrnua don ***Chlár Tacaíochta do Thuismitheoirí Óga***
    - Leathnaíodh trí shuíomh de chuid an Chláir Tacaíochta do Thuismitheoirí Óga atá ann cheana féin i nDún na nGall, i Lú agus i gCill Chainnigh
    - Fuarthas maoiniú ón Státchiste, le cómhaoiniú ón ESF+, chun Comhairleoir Tacaíochta Tuismitheoireachta tiomnaithe a earcú i ngach ceann de 30 Limistéar Líonra nua Tusla An tAonad um Rialachas AD Seachtrach agus Anailís ar Lucht Saothair Earnála

Leanann Aonad Rialachais Acmhainní Daonna Seachtraigh agus Anailíse Lucht Saothair Earnála na Roinne ag soláthar maoirseachta dírithe ar Acmhainní Daonna agus ar chaidreamh tionsclaíoch ar iarrachtaí Tusla chun earcaíocht agus coinneáil a fheabhsú i réimsí tábhachtacha, lena n-áirítear Cúram Speisialta agus Obair Shóisialta le linn 2024.

In 2024, d'oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar le Tusla, trí Acmhainní Daonna Seachtracha agus an Rannán um Beartas Leanaí agus Rialachas Tusla, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna coinneála agus earcaíochta a raibh tionchar acu ar sheirbhís Cúraim Speisialta Tusla. I mí Mheán Fómhair 2024, cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe scála pá nua do ***ghrád nua "Oibrí Cúraim Speisialta".*** Tá sé mar aidhm ag an ngrád nua leibhéil soláthair foirne ar an líne thosaigh i suíomhanna Cúraim Speisialta a mhéadú. Tar éis thabhairt isteach an ghráid nua sin, tá an Roinn ag soláthar maoirseachta agus tacaíochta agus Tusla ag obair chun an grád nua-cheadaithe sin agus an scála pá níos airde a ghabhann leis a thabhairt isteach. Ag barr an scála, cuireann an grád nua sin méaduithe os cionn 20% ar fáil d'Oibrithe Cúraim Shóisialaigh, agus os cionn 3% do Cheannairí Cúraim Shóisialta.

Faoi thionchar staidéir oibre sóisialta in 2023 a choimisiúnaigh an Roinn, thug Coláiste na hOllscoile Corcaigh isteach dhá chlár nua oibre sóisialta a bhfuiltear ag súil go méadóidh siad líon na gcéimithe oibre sóisialta bliantúla faoi 20%. Ansin, thacaigh an Roinn le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus le Tusla, chun Scéim Printíseachta Oibre Sóisialta dhá bhliain a thabhairt isteach, rud a sholáthraíonn taithí agus scileanna láníoctha ar an láthair oibre do phrintísigh agus iad ag déanamh staidéir ar chéim tríú leibhéal san obair shóisialta. Chuir Tusla fáilte roimh 36 printíseach chuig a mbonn foirne ón gcéad chohórt printíseach a bhí ag gabháil don scéim seo, i Meán Fómhair 2024.

Go déanach in 2024, d'fhorbair an t-aonad feachtas feasachta sna meáin dar teideal ***Social Work Changes Lives (Athraíonn Obair Shóisialta Saol Daoine)*** chun dearcadh an phobail ar obair shóisialta mar ghairm a fheabhsú agus líon na mac léinn atá i mbun staidéir ar an obair shóisialta a mhéadú. Reáchtálfar an feachtas go luath in 2025. Rinne an t-aonad páipéar taighde inmheánach freisin ar shaincheisteanna earcaíochta agus coinneála san Obair Shóisialta, i gcomparáid le tíortha eile, chun eolas a dhéanamh do Réimsí Tosaíochta Taighde ár Roinne le haghaidh 2025.

9 Tagraíonn na 6 Fhóram Tuismitheoirí phíolótacha do chlár ina bhfuil sé scoil speisialta i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh ag glacadh páirte i gclár píolótach chun feabhas a chur ar thacaí teiripe ionscoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh sin, atá ceadaithe ag an rialtas, uaireanta teiripe a mhéadú do leanaí atá ag freastal ar na scoileanna sin agus torthaí a fheabhsú. Is gníomh ríthábhachtach é faoin Treochlár um Fheabhsú Seirbhísí do Sheirbhísí Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga

Gníomh Straitéiseach 2.7

Déanfaimid maoirseacht ar fheabhsuithe leanúnacha i soláthar seirbhísí agus tacóimid leo chun torthaí a bharrfheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí rialachas níos láidre, tuairisciú airgeadais agus monatóireacht feidhmíochta.

Cuireadh ***Comhaontú Maoirseachta idir an Roinn agus FSS*** i bhfeidhm agus cuireadh i bhfeidhm é i rith na bliana, ina léirítear freagracht na Roinne as maoiniú, beartas agus maoirseacht ar sheirbhísí míchumais, agus freagrachtaí FSS maidir le seirbhísí míchumais a sholáthar. Chuir sé socruithe struchtúrtha ar fáil maidir le cumarsáid, tuairisciú, cuntasacht agus rialachas. Forbraíodh, comhaontaíodh agus cuireadh i bhfeidhm in 2024 Samhail Rannpháirtíochta Feidhmíochta a dhíríonn ar sheachadadh seirbhísí, ar an lucht saothair agus ar fheidhmíocht airgeadais.

Chinntigh an Roinn go raibh cúrsaí seirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh go cuí in athchóirithe eagraíochtúla agus seachadta seirbhísí faoi Sláintecare agus go leantar leis sin. Tá poist bhreise mar Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta um Míchumas atá sainiúil do mhíchumas i bhfeidhm anois in Ionad FSS agus tá Oifig Náisiúnta Míchumais nua bunaithe. Tacófar leis an gcumas sin trí cheannairí Míchumais a earcú ar leibhéal an Réigiúin Sláinte agus struchtúr bainistíochta agus cur chun feidhme comhlántach ar leibhéal an Limistéir Sláinte Chomhtháite laistigh de FSS.

D'fhormheas an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ***Plean Seirbhíse Náisiúnta*** FSS an 17 Nollaig 2024 agus, tar éis don Aire Sláinte é a fhormheas, d'fhoilsigh FSS é ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2025. Tar éis níos mó infheistíochta san earnáil ná mar a bhí riamh, leagann an Plean amach na seirbhísí a chuirfear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas i rith na bliana atá romhainn. Sainaithnítear ann freisin réimse tionscnamh atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin aitheanta laistigh den earnáil.

I gcomhréir leis an ***Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas, Plean Gníomhaíochta na Roinne do Sheirbhísí Míchumais*** agus an ***Treochlár um Fheabhsú Seirbhísí,*** tá FSS i mbun plean caipitil straitéiseach ilbhliantúil do mhíchumais a fhorbairt. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun dul chun cinn a spreagadh maidir le forbairt an phlean sin agus cinnteoidh sé go mbeidh an plean curtha chun cinn luath go leor chun eolas a thabhairt do na díospóireachtaí maidir le hathbhreithniú an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Aonad Rialachais Acmhainní Daonna Seachtraigh agus Anailíse Lucht Saothair Earnála

Lean Aonad Rialachais Acmhainní Daonna Seachtraigh agus Anailíse Lucht Saothair Earnála na Roinne ag cuidiú le hiarrachtaí FSS earcaíocht agus coinneáil a fheabhsú i réimsí tábhachtacha ar feadh 2024, lena n-áirítear ceadú an ***ghráid nua de Chúntóir Sláinte agus Cúraim Shóisialta*** i FSS.

Gníomh Straitéiseach 2.8

Cabhróimid le daoine a bhfuil deacrachtaí cumais acu trí thacú leis an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta agus le hoibriú iomlán agus éifeachtach an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015, arna leasú.

An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015

Tháinig an t***Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015*** i bhfeidhm i mí Aibreáin 2023, mar aon leis an gcuid is mó den ***Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú) 2022,*** lena bhforáiltear córas nua socruithe tacaíochta cinnteoireachta ilchisealacha, lena gcuirtear deireadh le coimircíocht sa Stát do dhaoine fásta, agus lena mbunaítear an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta. Is é ról na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta cearta agus leasanna daoine a bhféadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil uathu le cinnteoireacht a chur chun cinn trí chreat a leagann béim ar thoil agus rogha gach duine aonair.

Chláraigh an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta 2,227 socrú tacaíochta cinnteoireachta san iomlán in 2024, lena n-áirítear Cumhachtaí Aturnae Buana, comhaontuithe cúnaimh cinnteoireachta, comhaontuithe comhchinnteoireachta, agus orduithe ionadaíochta cinnteoireachta. Cuireann na socruithe sin ar chumas daoine a bhfuil deacrachtaí acmhainne acu an oiread neamhspleáchais agus is féidir a choinneáil maidir lena gcinntí agus lena saol féin.

Déanann Grúpa Idir-rannach monatóireacht agus maoirseacht ar oibriú na nAchtanna um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn. Leanfaidh an Grúpa sin de bheith ag bualadh le chéile chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh an reachtaíocht um Chinnteoireacht Chuidithe go hiomlán agus go héifeachtach, ag cinntiú go dtacaítear leo siúd a bhfuil deacrachtaí cumais acu ar an mbealach is iomchuí agus is lú sriantach is féidir, agus go n-urramófar mianta na ndaoine ar mian leo pleanáil roimh ré má chailleann siad cumas ag dáta níos déanaí.

I mí Iúil 2024, d'fhógair an Rialtas go raibh ***Coinbhinsiún na Háige maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta*** daingnithe ag Éirinn. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm sa Stát an 1 Meán Fómhair 2024. Foráiltear sa Choinbhinsiún do chomhchuibhiú dlíthiúil, agus do chomhoibriú agus cumarsáid níos fearr i measc Stát Conarthach an Choinbhinsiúin, rud a chinntíonn go gcosnaítear daoine nach bhfuil cumas acu thar lear i gcásanna idirnáisiúnta. Ainmníodh an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta mar an tÚdarás Lárnach d'Éirinn i leith comhlíonadh dualgas áirithe faoin gCoinbhinsiún.

Sprioc Straitéiseach 3

Cuirfimid dídean ar fáil dóibh siúd atá ag teitheadh ó choinbhleacht agus tacóimid le daoine i ngátar faoi leith imthosca díobhálacha a shárú agus cabhróimid leo barr a gcumais a bhaint amach, leanaí, daoine óga agus daoine atá i mbaol ina measc.

Gníomh Straitéiseach 3.1

Déanfaimid cláir agus scéimeanna Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí (ELC) a fhorbairt tuilleadh chun a chinntiú gur féidir le leanaí agus teaghlaigh a bhfuil an gá is mó acu le seirbhísí rochtain a fháil orthu. Áireofar leis sin leanaí atá ina gcónaí faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus tuismitheoirí atá ag iarraidh dul i mbun oibre nó filleadh ar an obair.

Tús Cothrom

Is samhail mhaoinithe agus sraith de bhearta uilíocha agus spriocdhírithe gaolmhara é ***Tús Cothrom*** chun tacú le rochtain agus rannpháirtíocht bhríoch i bhfoghlaim agus cúram luath (ELC) agus i gcúram leanaí aoise scoile (SAC) do leanaí agus dá dteaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste. Seoladh Tús Cothrom i mí na Bealtaine 2024 ag comhlíonadh gealltanas tábhachtach i straitéis na gCéad 5 (2019-2028), agus cuireadh tús leis an rolladh amach tosaigh i mí Mheán Fómhair 2024. Áirítear le Tús Cothrom sraith tacaí uilíocha, tacaí atá dírithe ar leanaí, agus tacaí atá dírithe ar shuíomhanna chun a chinntiú go mbainfidh gach leanbh agus gach suíomh luathfhoghlama agus cúram leanaí leas as leanúnachas tacaí a léiríonn leanúnachas riachtanas. I measc na leanaí a bhainfidh leas as tacaíochtaí atá dírithe ar leanaí beidh leanaí atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste, leanaí den Lucht Siúil, leanaí Romacha, leanaí atá ag baint leasa as an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí trí chomhlacht urraíochta, leanaí atá gan dídean agus leanaí atá sa chóras Cosanta Idirnáisiúnta. Tugadh ‘sonrú tosaíochta’ do 769 suíomh (a fhreastalaíonn ar 35,000 leanbh - 4,700 as cohórt tosaíochta) ar sainaithníodh go bhfuil siad ag feidhmiú i gcomhthéacs míbhuntáiste comhchruinnithe agus tá siad ag fáil tacaíochtaí breise anois.

Ó Mheán Fómhair 2024 i leith, tá maoiniú á fháil ag na suíomhanna sin le haghaidh foireann bhreise ar féidir a úsáid chun tacú le rannpháirtíocht idir na suíomhanna agus teaghlaigh, chomh maith le seirbhísí tacaíochta eile do leanaí agus do theaghlaigh.

Fuair Buiséad 2025 maoiniú freisin chun tacú leis na nithe seo a leanas:

- Dearadh agus cur i bhfeidhm ***Clár Cothaithe Breise*** i seirbhísí leis na leibhéil riachtanais is airde
- Cur i bhfeidhm ***an Chláir Tacaíochta Tuismitheoireachta don Lucht Siúil*** le freagrachtaí ar Oibrithe Nasc Teaghlaigh chun dul i ngleic le tuismitheoirí leanaí óga ón Lucht Siúil, agus tacú leo freastal ar Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí in Aois Scoile agus páirt a ghlacadh iontu
- Forbairt ról nua Idirchaidrimh Teaghlaigh agus Pobail agus oiliúint ghaolmhar, rolladh amach ***Treisiú na Luath-Labhartha (Early Talk Boost)*** – idirghabháil le haghaidh moilliú ó thaobh teanga – chuig suíomhanna a bhfuil sonrú tosaíochta tugtha dóibh
- Ceapachán Speisialtóirí Comhairleacha don Lucht Siúil agus do Romaigh chun oibriú i ***Tús Níos Fearr*** chun Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí in Aois Scoile chuimsitheach a chur chun cinn
- Athbhreithniú agus cur i bhfeidhm ar ***Threoirlínte nuashonraithe maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú*** agus ar an oiliúint ghaolmhar

Straitéis Oideachais do Phobal an Lucht Siúil agus na Romach

Bhí an Roinn Oideachais i gceannas ar fhorbairt na Straitéise Oideachais do Lucht Siúil agus do Romaigh (TRES) i ndlúthchomhar leis an Roinn sin agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Foilsíodh an chéad phlean cur chun feidhme 2024 - 2026 in éineacht leis an straitéis sin. Díríonn an Straitéis ar rath leanaí agus daoine óga de chuid an Lucht Siúil agus na Romach i dtrí réimse: rannpháirtíocht i bhfoghlaim agus i gcúram luath, críochnú na hArdteistiméireachta agus iontráil agus críochnú oideachais bhreise agus ardoideachais. Rinne Mol na nÓg éascú ar chomhairliúchán le leanaí agus daoine óga maidir leis an Straitéis Oideachais do Lucht Siúil agus do Romaigh.

An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú

In 2024, leathnaíodh tacaí spriocdhírithe den ***tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú*** (AIM) a chuir tacaí ríthábhachtacha ar fáil do leanaí faoi mhíchumas in aois ECCE chun a chinntiú gur féidir leis na leanaí sin páirt iomlán a ghlacadh i luathfhoghlaim agus i gcúram ardchaighdeáin agus leas a bhaint astu. Ó Mheán Fómhair 2024, tá leanaí in ann rochtain a fháil ar a suíomh luathfhoghlama agus cúram leanaí ar feadh suas le 3 huaire an chloig breise in aghaidh an lae i dtéarma ECCE agus 6 uair an chloig in aghaidh an lae lasmuigh de théarma ECCE.

Leabharlann Bheag

Reáchtáil ***tionscnamh na gCéad 5 Leabharlann Bheaga*** comhoibriú rathúil le Leabharlanna Éireann arís in 2024. Tairgeadh mála leabhar saor in aisce do gach leanbh óg a chríochnaigh an réamhscoil agus a thosódh ar scoil i Meán Fómhair 2024, ina raibh leabhair scéalta agus acmhainní do thuismitheoirí maidir le tacú le haistriú an linbh chuig an scoil. Fuair leanaí cuireadh chun freastal ar a leabharlann áitiúil chun a mála a bhailiú agus clárú le haghaidh ballraíochta.

Chuaigh breis is 25,000 leanbh isteach sa leabharlann in 2024 mar gheall ar an tionscnamh sin.

Gníomh Straitéiseach 3.2

Leanfaimid orainn ag neartú cumhdach agus cosaint leanaí trí cheannaireacht ar fud an Rialtais, treoir agus tacaíocht láidir do Tusla agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile chun leas agus cosaint leanaí a fheabhsú.

Aguisín le Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí (2017)

I rith 2024, d'fhorbair an Roinn ***dréacht-aguisín le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017),*** ag teacht le comhairle dlíthiúil agus i gcomhairle leis an ***nGrúpa Idir-Rannach um Chur i bhFeidhm Leanaí ar dTús (CFIDIG).*** Is é cuspóir an aguisín Treoirlínte 2017 a thabhairt i gcomhréir le Cinneadh na Cúirte Achomhairc i gcás McGrath v FSS (Nollaig 2023) a shoiléirigh freagrachtaí dlíthiúla daoine sainordaithe i gcásanna nochta mí-úsáide leanaí siarghabhálach ag daoine fásta.

Grúpa Cur Chun Feidhme Idir-Rannach Reachtúil um Thús Áite do Leanaí

Tá ionadaithe ó gach Roinn, ó FSS, ó Tusla agus ón nGarda Síochána sa ***Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí*** (CFIDIG) reachtúil, atá faoi chathaoirleacht na Roinne seo. Tháinig an Grúpa le chéile faoi dhó in 2024 agus lean sé de bheith ag díriú ar mhonatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015. Foilsíodh tuarascáil bhliantúil CFIDIG do 2023 i mí an Mheithimh 2024.

Áiríodh sa tuarascáil cúnamh ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí ina leagtar amach tionscnaimh agus gníomhartha chun Tús Áite do Leanaí agus cosaint agus leas leanaí a chur chun cinn ina n-earnálacha.

Tacú le cur i bhfeidhm ghníomhartha na Roinne i Straitéis Cheartais Teaghlaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus páirt a ghlacadh sna Grúpaí Oibre:

Lean an Roinn de bheith ag cur chun cinn gníomhartha straitéiseacha ábhartha i Straitéis Cheartais Teaghlaigh 2022-2025 na Roinne Dlí agus Cirt in 2024. Lean grúpa oibre a raibh sé de chúram air cinneadh a dhéanamh maidir le suíomh na seirbhíse náisiúnta nua de chuid an Chaomhnóra *ad litem* (GAL) agus ullmhú d'oscailt oifig GAL ag bualadh le chéile. Beidh Seirbhís Náisiúnta GAL lonnaithe ar dtús mar oifig feidhmiúcháin laistigh den Roinn sin. Chuidigh an grúpa freisin leis na hullmhúcháin do bhunú na seirbhíse nua GAL.

Faoi Ghníomh 4.8 den Straitéis um Cheartas Teaghlaigh, lean an Roinn de bheith ag fiosrú úsáid sásraí um ***Réiteach Malartach Díospóidí*** (ADR) chun saincheisteanna tánaisteacha i bpleananna cúram leanaí poiblí a réiteach agus chun caidrimh níos dearfaí a thógáil idir na páirtithe uile in imeachtaí cúraim leanaí poiblí.

Bhí an Roinn rannpháirteach go fóill i ngrúpaí oibre a bunaíodh faoin straitéis um Cheartas Teaghlaigh in 2024, lena n-áirítear an grúpa oibre maidir le guth an linbh a chloisteáil i ndlí teaghlaigh príobháideach agus i bpróisis ADR agus an grúpa oibre oiliúna um cheartas teaghlaigh.

Gníomh Straitéiseach 3.3

Déanfaimid tuilleadh forbartha ar an gcur chuige beartais agus straitéiseach i leith leanaí atá faoi chúram (Cónaitheach, Altrama agus Cúram Speisialta) agus oibreoimid le páirtithe leasmhara chun torthaí a fheabhsú agus chun a chinntiú go gcloífear le cearta leanaí atá faoi chúram rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha.

Mar chuid de Bhuiséad 2024, d'éirigh leis an Roinn méadú suntasach a bhaint amach ar an liúntas cúraim altrama. Tháinig méadú ón 1 Eanáir 2024 ar rátaí an liúntais cúraim altrama, suas go dtí €350 in aghaidh na seachtaine do leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois agus €377 sa tseachtain dóibh siúd os cionn 12 bhliain d'aois. Méadaíodh an liúntas cúraim altrama tuilleadh i mí na Samhna 2024, suas go €400 in aghaidh na seachtaine do leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois agus €425 in aghaidh na seachtaine dóibh siúd os cionn 12 bhliain d'aois. Ó 2025 ar aghaidh, gheobhaidh cúramóirí altrama €3,900 sa bhreis i rith na bliana.

Cinntíodh maoiniú breise le húsáid chun bónas a sholáthar ag tús gach socrúcháin cúraim altrama tosaigh ó 2025 ar aghaidh. Beidh sé mar aidhm ag an mbónas na costais shuntasacha as póca a mhaolú le linn na tréimhse socrúcháin tosaigh, rud a d'fhéadfadh lagmhisneach a chur ar chúramóirí altrama ar spéis leo é agus a d'fhéadfadh brú a chur ar acmhainní na ndaoine atá ag plé leis an altramú cheana féin.

Chomh maith leis sin, in 2024, íocadh seachtain dhúbailte den liúntas cúraim altrama le cúramóirí altrama i leith gach linbh faoi chúram altrama.

Bunaíodh ***Grúpa Idirghníomhaireachta um Leanaí Leochaileacha*** ar bhonn eatramhach agus tháinig siad le chéile den chéad uair i mí an Mhárta 2024. Tá tús curtha le hobair freisin ar fhorbairt Chreat Beartais nua um Chúram Malartach.

Gníomh Straitéiseach 3.4

Déanfaimid measúnuithe foirmiúla ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta chun cinneadh a dhéanamh maidir le haon riachtanais ghlactha speisialta do dhaoine leochaileacha, leanaí san áireamh.

Go luath in 2024, lean foireann Leasa Cónaitheoirí na Seirbhíse Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS) le Measúnuithe Leochaileachta a dhéanamh ar iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.

Is é aidhm na measúnuithe, a rinne Oifigigh Measúnaithe agus Oibrithe Sóisialta, aon iarratasóirí a bhfuil leochaileacht amháin nó níos mó acu de réir bhrí I.R. Uimh. 230/2018 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Glactha) 2018 a shainaithint. Mar thoradh ar an measúnú, is féidir tacaíocht agus treoracha a chur ar fáil do dhaoine chuig na seirbhísí ábhartha.

Mar sin féin, chuir an méadú suntasach ar líon na ndaoine a tháinig isteach agus na srianta ar an gcóiríocht atá ar fáil ar fud phunann na Seirbhíse Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS) brú mór ar acmhainní IPAS, lena n-áirítear an Clár Measúnaithe Leochaileachta. Mar thoradh air sin, rinneadh cinneadh i mí an Mhárta 2024 conraitheoir seachtrach a fhostú chun an clár sin a bhainistiú. Leis an gcinneadh sin, bhíothas in ann acmhainní inmheánacha a atreorú chun tacú le hoibríochtaí ar fud na Foirne Leasa Cónaitheoirí agus IPAS i gcoitinne, lena n-áirítear Triáis Leochaileachta a dhéanamh ar iarratasóirí fireanna singil atá díreach tar éis teacht agus iad siúd a bhfuil riachtanais an-ard acu a shainaithint, daoine a dteastaíonn tús áite a thabhairt dóibh i gcomhair cóiríochta, nuair a bhíonn sí ar fáil. Faoin gclár triáise, rinneadh 6,613 measúnú in 2024.

Cuireadh tús arís leis an gClár Measúnaithe Leochaileachta an 11 Samhain 2024 do theaghlaigh a raibh iarratas déanta acu ar Chosaint Idirnáisiúnta. Tá Measúnuithe Leochaileachta á dtairiscint dóibh siúd a bhí sa scuaine le haghaidh measúnaithe sular cuireadh an clár ar fionraí.

Gníomh Straitéiseach 3.5

Déanfaimid maoirseacht ar chúram sábháilte agus slán do dhaoine óga ar gearradh pianbhreith orthu nó atá ar athchur ag na Cúirteanna ar bhealach a fhreastalaíonn ar a riachtanais sláinte agus oideachais, a thacaíonn leo imeacht ón gciontú agus a ullmhaíonn iad chun filleadh ar a dteaghlaigh

Lean an Roinn dá dlúthmhaoirseacht ar fheidhmíocht agus ar chomhlíonadh Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh in 2024. Déanann an Roinn monatóireacht ghéar ar leibhéil laethúla áitíochta ó orduithe athchuir agus coinneála araon. Déanann Oifigeach de chuid na Roinne ionadaíocht ar an Aire ar an mBord Bainistíochta agus ar Fhochoistí an Bhoird.

Bunaithe faoi Acht na Leanaí, 2001, cuireann Campas Bhaile an Oibricigh an cúram agus an t-oideachas is fearr is féidir atá dírithe ar leanaí agus bunaithe ar chearta ar fáil do dhaoine óga. Cuirtear é sin ar fáil trí chur chuige ilghairmiúil comhtháite a chuireann ar chumas daoine óga aghaidh a thabhairt ar a n-iompar lena sáraíonn siad an dlí agus faigheann siad deis filleadh ar an tsochaí. Tá an Roinn ag obair go dlúth le lucht bainistíochta Champas Bhaile an Oibricigh lena chinntiú go bhfuil an Creat um Chearta Leanaí i gcroílár na hoibre a dhéantar ar an gcampas.

Gníomh Straitéiseach 3.6

Leanfaimid lenár ról ceannaireachta i ndáil le nuálaíochtaí a bhaineann le cosc agus luath-idirghabháil chun torthaí do leanaí, do dhaoine óga, dá dteaghlaigh agus do phobail a bharrfheabhsú.

Ceannairí Cliniciúla agus Teiripeacha in Ionaid Acmhainní Teaghlaigh

I mí na Bealtaine 2024, d'fháiltigh an tAire roimh bhunú Ceannairí Cliniciúla agus Teiripeacha in ocht nIonad Acmhainní Teaghlaigh, rud a chinntíonn go bhfuil Ceannaire Cliniciúil i ngach ceann de na sé réigiún ina bhfeidhmíonn Tusla. Is é ról an Cheannaire speisialachais theiripeacha a fhorbairt, ag freagairt do riachtanais de réir mar a thagann siad chun cinn, an tseirbhís chomhairleoireachta a leathnú chun uaireanta breise comhairleoireachta a thairiscint, agus seirbhísí teiripe súgartha a leathnú.

Gníomh Straitéiseach 3.7

Oibreoimid le comhpháirtithe ar fud an Rialtais, sna hÚdaráis Áitiúla, i bPobail, in Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, i nGníomhaireachtaí agus i measc Páirtithe Leasmhara de chuid AE lena chinntiú go bhforbróidh Éire beartais atá ceaptha lena chinntiú:

(i) go gcomhlíonfar a hoibleagáid dhlíthiúil cosaint shealadach a sholáthar dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin agus

(ii) go dtabharfar aghaidh ar fhreagairt mheántéarmach an Rialtais don Úcráin.

Chomh maith leis sin, leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfuilimid ag comhlíonadh cheanglais na Treorach Sealadaí ar bhealach atá ar aon dul lenár gcomhghleacaithe san Eoraip agus leanfaimid leis an teagmháil de mar is gá san Eoraip maidir le forbairtí beartais.

Tithíocht Mearthógála agus Aonaid Mhodúlacha

Tugadh seachadadh an ***Chláir um Thithíocht Mearthógála*** agus Tithe Modúlacha chun cinn go suntasach in 2024. Chomh maith leis na seacht suíomh Mearthógála a seachadadh in 2023, críochnaíodh trí shuíomh bhreise eile ag soláthar 262 aonad breise chun freastal ar 1,072 Tairbhí Cosanta Sealadaí (BOTPanna). Tugann sé sin líon iomlán na n-aonad a seachadadh faoin gclár Mearthógála go 572 agus líon iomlán na BOTPanna ar féidir freastal a dhéanamh orthu sna socruithe maireachtála atá níos neamhspleáiche sin go 2,312. Bhíothas ag súil go seachadfaí suíomh amháin deiridh in 2025 leis an gclár a chríochnú, rud a chuirfeadh cóiríocht ar fáil in 82 aonad breise do 328 BOTP breise. Leithdháileadh go hiomlán in 2024 freisin an tionscadal cóiríochta modúlaí de chineál cruthúnais coincheapa atá lonnaithe i nDún Mhic Coluim, ina bhfuil 62 aonad modúlach le hacmhainn do 257 BOTP ann.

D'oibrigh an Roinn go dlúth le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Tuath agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce chun áitíocht na dtithe mearthógála agus na n-aonad modúlach a uasmhéadú. Déantar tréimhsí foilmhe a íoslaghdú chun luach ar airgead a chinntiú, agus athdháileadh 43 aonad go tapa ar fud na 11 shuíomh go léir in 2024.

Tá ár gcomhoibriú le Ranna Rialtais eile, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus Údaráis Áitiúla chun tacú le riachtanais agus ábhair imní BOTP tar éis a n-imeascadh i bpobail áitiúla agus sna ceantair máguaird a éascú. Tá cuid mhaith daoine tar éis leas a bhaint as deiseanna fostaíochta agus oideachais go háitiúil, rud a laghdaíonn an t-ualach ar an Stát agus a mhéadaíonn a n-ionchais maidir le maireachtáil inbhuanaithe agus neamhspleách.

Cigireachtaí ar Chóiríocht BOTP

Tar éis próiseas tairisceana a tharla go déanach in 2023 le haghaidh seirbhís cigireachtaí leathnaithe, síníodh conarthaí i mí Feabhra 2024, agus seoladh prótacal cigireachtaí nua. Déanann an prótacal sin lárú ar na hiarratais ar chigireachtaí, tugtar tosaíocht do na hiarratais sin agus éascaítear monatóireacht ar threochtaí torthaí faoi fhoireann amháin i Rannán na hÚcráine. Chomh maith le cigireachtaí ad hoc, a bhíonn á spreagadh de ghnáth ag ábhar ar leith a ardaítear i ndáil le réadmhaoin, rinneadh foráil sa tairiscint freisin maidir le cigireachtaí sceidealaithe ar chuid den phunann BOTP gach bliain. Críochnaíodh 229 cigireacht san iomlán ar chóiríocht dóibh siúd a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin in 2024, méadú nach beag ar an 72 cigireacht in 2023. As na cigireachtaí a críochnaíodh in 2024, ba chigireachtaí ad hoc iad 147 díobh agus bhí 82 ceann sceidealaithe.

Mol Idirthurais Iarthar na Cathrach

Is é príomhfheidhm fhoireann na Roinne i Mol Idirthurais Iarthar na Cathrach (CWTH) ná cóiríocht éigeandála a sholáthar do BOTPanna atá tar éis teacht le déanaí. Laghdaigh líon na BOTPanna a próiseáladh in 2024 go suntasach ó bheagnach 31,000 in 2023 go dtí 6,887 san iomlán in 2024.

Ón 14 Márta 2024, mar thoradh ar bheartas nua 90 lá an Rialtais, tá cóiríocht á cur ar fáil do Thairbhithe na Cosanta Sealadaí in Ionaid Chóiríochta Ainmnithe (DACanna). Daoine ar bronnadh Cosaint Shealadach orthu roimhe seo ní dhearna an beartas 90 lá difear dóibh agus leantar ag freastal orthu in áit éigin eile i réadmhaoine a bhfuil an Roinn ag íoc astu. Freastalaíodh ar 3,639 Tairbhí na Cosanta Sealadaí ar an iomlán in Ionaid Chóiríochta Ainmnithe in 2024. Bronnadh díolúine ón mbeartas ar 449 Tairbhí eile tar éis an beartas 90 lá a thabhairt isteach agus freastalaíodh orthu i réadmhaoine eile ar fud phunann na Roinne.

D'oibrigh an fhoireann in Iarthar na Cathrach i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus le hÚdaráis Áitiúla aonair ar fud na tíre chun ionaid scíthe éigeandála a sholáthar. Dúnadh na hionaid sin go córasach agus cuireadh ar ais sa phobal iad ar feadh 2024 de réir mar a thit an t-éileamh ar leapacha éigeandála.

Cuireadh tús le hoibríochtaí na Roinne in Ionad Emmaus an 26 Márta 2024, a chuir cóiríocht thar oíche agus ar an deireadh seachtaine ar fáil le haghaidh Tairbhithe na Cosanta Sealadaí a bhí tagtha isteach agus a aistríodh ina dhiaidh sin chuig Mol Idirthurais Iarthar na Cathrach chun iad a phróiseáil ar an gcéad lá oibre eile. In 2024, tugadh cóiríocht thar oíche do 5,283 duine ag an ionad.

Straitéis don Úcráin agus Bainistíocht Páirtithe Leasmhara

D'éirigh leis an Roinn an Beartas Cóiríochta nua 90 lá a chur i bhfeidhm do Thairbhithe na Cosanta Sealadaí. Ó tháinig an beartas i bhfeidhm an 14 Márta 2024, táthar tar éis freastal ar 4,238 duine in Ionad Cóiríochta Ainmnithe 90 lá, sin 75% de na daoine go léir a bhí ar thóir cóiríochta sa stát. Go dtí seo, d'fhág 3,566 duine ionaid chóiríochta ainmnithe 90 lá, agus bhog 52% díobh isteach i gcóiríocht phríobháideach in Éirinn, agus bhog 34% eile isteach i gcóiríocht trí scéim de chuid an rialtais.

Tá an beartas cóiríochta sin atá faoi cheangal ag am i gcomhréir le beartais i mBallstáit eile na hEorpa. Rannchuidigh na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil trí Ionaid Chóiríochta Ainmnithe faoin mbeartas le daoine chun maireachtáil go neamhspleách in Éirinn. I measc na dtacaíochtaí sin tá faisnéis ar thithíocht a rochtain (go príobháideach nó tríd an nGealltanas nó an Tairiscint ar scéimeanna Tithe), tacaíochtaí fostaíochta, tacaíochtaí i mBéarla agus seisiúin faisnéise ar shaol agus ar chultúr na hÉireann chun imeascadh a éascú.

Mar gheall ar chomh maith is a d'éirigh leis an mbeartas bhí deis ann freisin laghdú a dhéanamh ar an acmhainn conraithe sna hIonaid Chóiríochta Ainmnithe agus tacaíodh le comhdhlúthú foriomlán phunann cóiríochta na Roinne, agus as sin tháinig laghduithe ar chostais.

Gníomh Straitéiseach 3.8

Leanfaimid ag bunathrú agus ag feabhsú ár bpróisis eagraíochtúla, ár n-acmhainn agus ár gcumas ionas go mbeimid in ann freagairt dá n-oibleagáidí maidir leis an Treoir um Chosaint Shealadach a chomhlíonadh go héifeachtach.

D'éirigh leis an Roinn réiteach teicneolaíochta ***(P2P)*** a sheoladh do phunann soláthraithe cóiríochta na hÚcráine ar bhonn céimnithe ar feadh 2024. Thug sé deis do na soláthraithe dul i dteagmháil leis an Roinn trí thairseach ar líne i dtaca le hathnuachan conarthaí agus chun aon fhoirceannadh conarthaí a thionscnamh. Tugann an córas deis don Roinn freisin athnuachana conarthaí a phróiseáil ar bhealach níos láidre agus níos éifeachtúla, ag cinntiú gur cruinníodh na doiciméid uile a bhí ag teastáil le linn an phróisis athnuachana. Tionscnaíodh os cionn 800 athnuachan conartha trí P2P ó mhí Márta 2024, agus eisíodh os cionn 400 fógra foirceanta. Cinntítear freisin leis an gcóras P2P go mbeidh faisnéis staidrimh chruinn ar fáil go héasca. Aithníodh an tionchar dearfach a bhí ag dearadh agus ag cur i bhfeidhm rathúil an chórais P2P ag Gradaim Barrmhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse áit ar bhuaigh sé an gradam faoin gcatagóir "Ag Seachadadh i dTimpeallacht Dhinimiciúil".

Sprioc Straitéiseach 4

Déanfaimid forbairt sochaí forásaí, measúla agus cothroime a chur chun cinn, daoine atá faoi mhíchumas ina measc, i gcomhréir le cur chuige atá bunaithe ar chearta, agus treoraithe ag eispéiris na nglúnta romhainn, agus féachfaimid le freagairt do riachtanais marthanóirí.

Gníomh Straitéiseach 4.1

Leanfaimid ag tacú le freagairt an Stáit do riachtanais agus ábhair imní thosaíochta marthanóirí tráma institiúidigh, agus do Thuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Fhorais Máithreacha agus Naíonán.

Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán

D'oscail ***Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán*** le haghaidh iarratas an 20 Márta 2024. Soláthraíonn an Scéim Íocaíochta íocaíochtaí airgeadais agus tacaíochtaí sláinte d'iarratasóirí incháilithe mar aitheantas ar a dtaithí fad is a bhí cónaí orthu i bhforais máithreacha agus naíonán agus forais teaghlaigh contae in Éirinn. Sa tréimhse suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2024 fuair an Scéim Íocaíochta 5,997 iarratas agus rinneadh íocaíochtaí airgeadais arbh fhiú €53,733,500 ar an iomlán iad. Ina theannta sin, d'eisigh FSS 860 cárta leighis ar bhonn cáilitheachta a bhfuair siad fógra ina leith ó Oifig na Scéime Íocaíochta agus tugadh an íocaíocht tacaíochta sláinte aonuaire €3,000 do 408 iarratasóir atá ag cur fúthu thar lear in ionad cárta leighis a thabhairt dóibh.

An dara tuarascáil bhliantúil ar chur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an Rialtais.

Foilsíodh ***an dara tuarascáil bhliantúil ar chur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta do Mharthanóirí agus d'Iar-Chónaitheoirí i bhForais Máithreacha agus Naíonán agus Forais Teaghlaigh Contae.*** Seoladh nuashonruithe ráithiúla freisin chuig marthanóirí ar feadh na bliana.

Ionadaí Speisialta do Mharthanóirí Mí-úsáide Institiúide

Ceapadh an tUasal Patricia Carey mar ***Ionadaí Speisialta do Mharthanóirí*** an 25 Márta 2024. Is é ról an Ionadaí Speisialta, a oibríonn go neamhspleách, leasanna uile na marthanóirí a chur chun cinn, agus a nglórtha a neartú mar ionchur lárnach, riachtanach i bpléití an Rialtais ar chúrsaí a théann i bhfeidhm orthu.

Sa ról tábhachtach seo, tá Patricia tar éis dul i mbun mór-phróiseas rannpháirtíochta cheana féin, ag bualadh le agus ag plé le marthanóirí aonair agus le daoine ar imríodh tionchar orthu, le grúpaí marthanóirí, chomh maith le heagraíochtaí comhpháirtíochta agus tacaíochta in Éirinn agus thar lear.

Oifig an Stiúrthóra um Idirghabháil Údaraithe, Tuaim

In 2024 lean ***Stiúrthóir na hIdirghabhála Údaraithe, Tuaim*** do na hoibreacha ullmhúcháin ba ghá chun taisí leanaí ag láithreán Thuama a thochailt, a fháil ar ais, a shainaithint (más féidir é) agus a athadhlacadh. Cuireadh na réamhoibreacha talún i gcrích ag deireadh 2024. Lean an Oifig leis an teagmháil a bhí aici leis na teaghlaigh, na marthanóirí agus a n-ionadaithe mar thosaíocht in 2024 agus ceapadh Oifigeach Teagmhála Pobail chun tacú leis an teagmháil sin le háitritheoirí áitiúla. Cuireadh an suíomh gréasáin, www.odait.ie, ar líne freisin in 2024.

Lárionad Náisiúnta Cuimhneacháin

I mí an Mhárta 2024 cheadaigh an Rialtas an réamhchás gnó do champas iomlán an ***Lárionaid Náisiúnta Cuimhneacháin*** ina bhfuil músaem agus cartlann, tithíocht shóisialta, agus saoráidí oideachais agus pobail. Baineadh mórsprioc amach i mí na Samhna 2024, tráth ar chuir Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) iarratas ar chead pleanála faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuireadh sraith imeachtaí rannpháirtíochta duine le duine do mharthanóirí agus do dhaoine ar imríodh tionchar orthu, a dteaghlaigh agus a n-ionadaithe ar bun ag deireadh 2024 (agus ag tús 2025). Cabhróidh an t-aiseolas go léir a bhailítear trí na himeachtaí sin le bonn a chur faoin obair leanúnach ar an Lárionad Náisiúnta, agus don rannpháirtíocht amach anseo.

Reachtaíocht

Tháinig reachtaíocht i bhfeidhm i mí na Samhna 2024 lena ndéantar foráil maidir le caomhnú taifead riaracháin agus taifead eile atá faoi úinéireacht phríobháideach a bhaineann le stair institiúideach na hÉireann. Is é ***Cuid 3 den Acht um Chosaint Máithreachais, Comhionannas Fostaíochta agus Caomhnú Taifead Áirithe, 2024*** atá sa reachtaíocht.

Rochtain ar Fhaisnéis

Lean an Roinn ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí chun rochtain a chur ar fáil ar thaifid do dhaoine aonair in 2024 trí fhreagairt do 202 iarraidh ar rochtain ábhair ó dhaoine aonair agus 20 iarraidh um Shaoráil Faisnéise i ndáil le taifid Choimisiúin. Leanann sí le tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair ar mian leo iarraidh duine ar a shonraí a dhéanamh agus oibríonn sí líne faisnéise teileafóin thiomnaithe a sholáthraíonn faisnéis do ghlaoiteoirí ar nósanna imeachta chun iarratais a dhéanamh. Ina theannta sin is amhlaidh in 2024 a fuair an Roinn 4 iarraidh ar fhaisnéis ó Tusla ar mhaithe le rianú a chur ar aghaidh faoi Alt 34 den Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú 2022.

Sásamh Mhaigdiléana

Lean an Roinn ag fáil iarratais ó mhná a bhí in árais Mhaigdiléana, agus chun sásamh a chur ar fáil dóibh faoin ***Scéim Ex-Gratia um Cheartas Aisiríoch i leith Neachtlanna Mhaigdiléana.***

Gníomh Straitéiseach 4.2

Forbróimid beartais agus reachtaíocht chun comhionannas inscne agus comhionannas go ginearálta a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní a bhfuil cosc á gcur acu ar dhaoine aonair ó pháirt iomlán a ghlacadh i sochaí na hÉireann.

An Straitéis maidir le Sonraí Comhionannais

Leanadh leis an obair in 2024 chun ***Straitéis Náisiúnta maidir le Sonraí Comhionannais*** a fhorbairt, faoi stiúir na Príomh-Oifige Staidrimh i gcomhpháirtíocht leis an Roinn. Tá an Straitéis beartaithe le feabhas a chur ar bhailiú na sonraí comhionannais uile, agus cuirfear feabhas léi ar chumas na gcomhlachtaí poiblí monatóireacht a dhéanamh ar bheartais agus tionscnaimh, agus beidh sí mar chomhlánú don tionscnamh um Buiséadú don Chomhionannas faoi stiúir na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe. Tá sé i gceist an Straitéis a fhoilsiú in 2025.

Píomhshruthú Inscne

Lean an Roinn lena rannpháirtíocht i dtionscadal Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (ITT) arna chistiú ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh chun príomhshruthú inscne níos mó agus buiséadú atá freagrúil don inscne a chur ar aghaidh in Éirinn. Áirítear leis an tionscadal roinnt údarás is tairbhithe lena n-áirítear an Spáinn, an Phortaingéil, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil agus an Rómáin. Cuireadh tús leis in 2022 agus cuirfear i gcrích é i mí Lúnasa 2025. Le tionscadal na hÉireann cuirfear oiliúint agus treoir fhairsing ar fáil maidir le gach gné de mheasúnacht tionchair inscne agus comhionannais, agus próisis nua á gcur ar bun ar bhonn píolótach chun príomhshruthú inscne agus comhionannais a fheabhsú thar an timthriall buiséid uile.

Is í sprioc fhoriomlán ***Thionscadal TSI maidir le Príomhshruthú Inscne*** cumas na Ranna Rialtais a fhorbairt chun comhionannas inscne a chomhtháthú leis an bpróiseas buiséadaithe agus ceaptha beartais. Mar thionchar níos fadtéarmaí, is féidir leis an tionscadal rannchuidiú chun éagothromaíochtaí inscne a laghdú agus chun úsáid níos forleithne a bhaint as uirlisí príomhshruthaithe inscne agus buiséadaithe sa bheartas poiblí sna stáit is tairbhithe a ghlacann páirt ann. Ach úsáid níos forleithne a bhaint as uirlisí príomhshruthaithe inscne agus buiséadaithe, tá an cumas ann tairbhí eacnamaíocha a bhaint as úsáid níos barainní an chaipitil agus na n-acmhainní daonna.

Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas

I mí na Samhna 2024 d'fhormheas an Rialtas dréacht-***Scéim Ghinearálta forálacha reachtacha chun na hAchtanna um Chomhionannas a athchóiriú*** agus chun freagairt do shaincheisteanna a tháinig chun cinn le linn an athbhreithnithe ar na hAchtanna um Chomhionannas. Múnlaíodh an Scéim Ghinearálta ón taighde arna choimisiúnú ag an Roinn chomh maith leis na haighneachtaí a fuarthas le linn an athbhreithnithe.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha den Scéim Ghinearálta:

- Aisghairm ar alt 19 den Acht um Dheochanna Meisciúla, 2003
- Athruithe ar an sainmhíniú atá ar fhreastal réasúnta
- Leasuithe chun Airteagal 5 de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Trédhearcacht Phá a thrasuí
- Leasú ar an sainmhíniú ar 'ghairmoiliúint'
- Baint an phádhifréalaigh i gcás duine faoi mhíchumas
- Leasuithe ar na sásraí sásaimh faoi na hAchtanna um Chomhionannas
- Leasú ar choincheap na híospartha
- Éifeacht iolraitheach an leithcheala

Cuireadh an Scéim Ghinearálta faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Leanaí agus Comhionannas le haghaidh grinnscrúdú réamhreachtach in 2025.

Gníomh Straitéiseach 4.3

Tacóimid leis an Rialtas chun tograí a fhorbairt le haghaidh Reifreann Bunreachtúil ar Chomhionannas Inscne.

Reifrinn

Reáchtáladh reifreann an 8 Márta 2024 maidir le tograí ar leasuithe ar an mBunreacht bunaithe ar na moltaí ón Tionól Saoránach um an gComhionannas Inscne. Ba iad seo a leanas na leasuithe a moladh a dhéanamh ar an mBunreacht:

- Leasú a dhéanamh ar Airteagal 41 den Bhunreacht chun foráil a dhéanamh maidir le coincheap níos leithne den Teaghlach
- Airteagal 41.2 den Bhunreacht a scriosadh leis an téacs faoi ról na mban sa bhaile a bhaint, agus Airteagal 42B nua a chur isteach chun aitheantas a thabhairt don chúram teaghlaigh

Níor ghlac an pobal le ceachtar den dá thogra.

Gníomh Straitéiseach 4.4

Éascóimid forbairt agus cómhaoirseacht ar chlár uile-rialtais d'obair faoin gcéad Straitéis Náisiúnta Míchumais eile chun cearta a chur ar aghaidh tuilleadh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CNACDMC).

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas

Ar an 8 Deireadh Fómhair 2024 d'fhógair an rialtas a chinneadh chun aontú leis an ***bPrótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas*** (CNACDMC). Tháinig an Prótacal Roghnach i bhfeidhm in Éirinn an 30 Samhain 2024. Léiríodh tiomantas na hÉireann san aontachas don Phrótacal Roghnach chun na cearta agus oibleagáidí a leagtar amach in CNACDMC a fhíorú go leanúnach agus go forásach.

An Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030

Tá an próiseas forbartha don chéad ***Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas*** beagnach tugtha chun críche. In 2024, bhí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, (thar ceann DCDE), i gceannas ar phróiseas fairsing comhairliúcháin phoiblí, agus chuir sé i gcrích é, ina measc 5 chruinniú i halla an bhaile, 484 freagra ar shuirbhé náisiúnta, 34 fócasghrúpa agus níos mó ná 80 aighneacht i scríbhinn.

Leis an méid sin, múnlaíodh rannpháirtíocht leanúnach fhairsing le Ranna ar fud an rialtais agus Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas chun bailchríoch a chur ar straitéis uile-rialtais atá uaillmhianach agus claochlaitheach chun dul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas in Éirinn.

Gníomh Straitéiseach 4.5

Cuirfimid an cuimsiú chun cinn trí fheachtais faisnéise poiblí agus tionscadail um chuimsiú míchumais a chistiú.

Ciste Rannpháirtíochta agus Feasachta Míchumais

Ar an 26 Feabhra 2024, fógraíodh an ***Ciste Rannpháirtíochta agus Feasachta Míchumais*** ar fiú €3.5 milliún é chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach sa phobal. Is é is cuspóir don chiste feasacht agus oiliúint faoi mhíchumas a chur chun cinn i bpobail áitiúla, rannpháirteachas i measc daoine atá faoi mhíchumas i ngníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha, ealaíon, agus spóirt a mhéadú, agus tacú le bealaí do dhaoine óga faoi mhíchumas chun dul tríd an oideachas. Leithdháileadh an maoiniú i gcomhpháirtíocht le Rethink Ireland, ar réimse tionscadal rathúil thar ceithre théama ar leithligh. Tacaíonn an sruth cistiúcháin sin tuilleadh le tiomantais na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD).

Cumarsáid

D'oibrigh an tAonad Cumarsáide i gcomhar le comhghleacaithe i rannáin ar fud na Roinne chun tacú le sé fheachtas mhóra faisnéise poiblí a sholáthar ó cheann ceann 2024. Ba iad seo a leanas na feachtais sin:

- **Ag Tacú le Tuismitheoirí:** Tionscnaimh tras-rialtais a chur chun cinn ina dtugtar le chéile acmhainní iontaofa tuismitheoireachta in aon áit amháin
- **An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí:** Feasacht phoiblí ar na tacaíochtaí atá ar fáil do thuismitheoirí a spreagadh chun cúnamh a thabhairt le costas na luathfhoghlama agus cúraim leanaí
- **Athruithe ar Bheartas Cóiríochta:** Feachtas idirnáisiúnta dírithe ar fheasacht a mhúscailt faoi na hathruithe ar bheartas cóiríochta na hÉireann dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin
- **Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán:** Feachtas idirnáisiúnta faisnéise poiblí inar tugadh spreagadh do dhaoine atá incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar shásamh
- **Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní:** Gnólachtaí a chur ar an eolas faoina gcuid oibleagáidí faoi reachtaíocht nua maidir leis an mbearna phá idir na hinscní agus a chinntiú go gcomhlíonann siad iad
- **UNCRC:** Feachtas faisnéise poiblí i leith Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

Rinneadh monatóireacht chúramach ar na feachtais lena chinntiú gur baineadh amach spriocanna, agus sáraíodh go deimhin cuid mhaith de na spriocanna. Rinne an Roinn iniúchadh freisin ar bhealaí nua, nuálacha chun a chinntiú go ndeachaigh feachtais faisnéise poiblí i gcion ar ár sprioc-lucht féachana, lena n-áirítear infheistíocht leanúnach i gcainéil dhigiteacha agus shóisialta. Léirítear leis an gcur chuige sin tábhacht, fairsinge agus raon feidhme fheachtais faisnéise poiblí na Roinne, agus an tábhacht atá leo ó thaobh sochaí fhorásach, ómósach agus chothrom a chur chun cinn.

Thug an Roinn tuairisc freisin don Choimisinéir Teanga maidir le húsáid na Gaeilge i bhfógraíocht íoctha den chéad uair in 2024, i gcomhréir lenár gceanglais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Teicneolaíocht Chúnta Dhigiteach

Rinne Rialtas na hÉireann comhaontú maoinithe leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscnaimh Teicneolaíochta Cúnta Digití, ina measc treoir fhianaisebhunaithe a fhorbairt do na Ballstáit maidir le rochtain ar theicneolaíocht chúnta a neartú agus rochtain chothrom a fheabhsú.

Anuas ar an bPríomhchomhaontú Domhanda, forbraíodh Comhoibriú Tionscadail intíre ar leithligh idir an Roinn agus an EDT chun dul chun cinn a dhéanamh ar thrí phríomhchuspóir arb iad:

- Eagraíocht Lucht Saothair trí Theicneolaíocht Chúnta Dhigiteach a scálú
- Measúnú Tíre a dhéanamh ar Acmhainneacht na Teicneolaíochta Cúnta intíre (ATA-C)
- Ceann de dhá Thaispeántas ar Lucht Saothair Domhanda agus Teicneolaíocht Chúnta Dhigiteach a bhrú chun cinn in Éirinn

Tá an Roinn ag obair faoi láthair le hOifig Réigiúnach EDT don Eoraip chun an measúnú ar acmhainneacht Theicneolaíocht Chúnta na hÉireann a chur ar aghaidh. Leis sin sainaithneofar acmhainneacht sheirbhís sláinte na hÉireann sa teicneolaíocht chúnta, a thacóidh le treo an Rialtais agus FSS maidir leis an infheistíocht i dteicneolaíocht chúnta.

Ciste Rannpháirtíochta agus Feasachta Míchumais

Ar an 26 Feabhra 2024, fógraíodh agus osclaíodh an ***Ciste Rannpháirtíochta agus Feasachta Míchumais,*** ar fiú €3.5 milliún é. Cuireadh fáilte roimh iarratais ar thionscadail lena dtacaítear le daoine atá faoi mhíchumas chun a bheith rannpháirteach sa phobal trí chuidiú chun feasacht agus oiliúint mhíchumais a chur chun cinn i bpobail áitiúla, agus rannpháirtíocht i measc daoine atá faoi mhíchumas i ngníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha, ealaíon agus spóirt a mhéadú, agus tacú le conairí do dhaoine óga faoi mhíchumas chun an t-aistriú a dhéanamh trí oideachas. Leithdháileadh an maoiniú i gcomhpháirtíocht le Rethink Ireland, agus fógraíodh na daoine ar éirigh leo maoiniú a fháil i mí Lúnasa 2024.

Fógraíodh agus osclaíodh leagan eile den Chiste i mí Mheán Fómhair 2024, inar cuireadh fáilte roimh iarratais ar thionscadail faoi cheithre shnáithe théamacha:

- Rannpháirtíocht phobail, spóirt agus fhisiceach
- Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha
- Fostaíocht agus printíseachtaí
- Tionscadail agus tionscnaimh i réimse na néara-éagsúlachta.

> Chomhoibrigh an tAonad Cumarsáide le comhghleacaithe i rannóga ar fud na Roinne chun tacú le seachadadh sé fheachtas faisnéise poiblí móra i rith 2024.

Sprioc Straitéiseach 5

Oibreoimid i gcomhpháirt leis na daoine a bhfuilimid ag freastal orthu agus ar fud Ranna Rialtais, comhlachtaí poiblí agus na sochaí sibhialta chun torthaí níos fearr a bhaint amach.

Gníomh Straitéiseach 5.1

Beimid ar an stiúir in iarracht na hÉireann chun an ceart atá ag leanaí agus daoine óga deis chainte a bheith acu i gcinntí a dhéanann difear dá saol féin agus saol a chéile trí reachtaíocht, beartas agus soláthar seirbhíse éifeachtach.

Rannpháirtíocht, Súgradh agus Áineas

Foilsíodh ***An Plean Gníomhaíochta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2024-2028*** i mí Aibreáin 2024. Leis an bPlean Gníomhaíochta tugtar fócas as an nua ar dhul i gcion ar leanaí agus ar dhaoine ar annamh a chloistear a nglór agus iad a chur san áireamh i struchtúir rannpháirtíochta náisiúnta agus acmhainn na gcinnteoirí a fhorbairt chun dul i gcomhairle leo ar bhealach bríoch. Is é aidhm fhoriomlán an Phlean Gníomhaíochta cuimsiú leanaí agus daoine i gcinnteoireacht a neartú agus a chur chun cinn ar gach leibhéal: sa bhaile, ar scoil, ina bpobal, ar an leibhéal náisiúnta, agus sa saol digiteach.

Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar chur i bhfeidhm ***Phlean Forbartha Cúig Bliana Chomhairle na nÓg,*** rud a léiríonn go bhfuil 62% de na gníomhartha tugtha i gcrích go hiomlán nó go bhfuil siad ar sceideal a bheag nó a mhór lena gcur i gcrích tráth a bhfuilimid leathbhealach tríd. Cuireadh athbhreithniú ar bun freisin ar shamhail mhaoinithe Chomhairle na nÓg.

Tionóladh ***Tionól Náisiúnta na nÓg*** trí huaire, le tacaíocht ón Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta, agus thug sé ionchur do Phlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann agus don Phlean Gníomhaíochta dár dTodhchaíochtaí Tuaithe, agus don Straitéis um Chomhionannas Inscne atá ar na bacáin.

D'fhoilsigh Mol na nÓg, an lárionad barrmhaitheasa don rannpháirtíocht, an chéad cheann i sraith uirlisí praiticiúla, fianaisebhunaithe le haghaidh rannpháirtíocht leanaí agus na hóige. Dírítear leis an mBosca Uirlisí ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine fásta chun guth leanaí an-óg a chloisteáil (ó bhreith go 5 bliana d'aois) i bpróisis chinnteoireachta.

Tugadh faoi thionscnaimh rannpháirtíochta le leanaí agus daoine óga agus tugadh oiliúint spriocdhírithe chun tacú le hobair Roinn an Taoisigh, na Ranna Oideachais, Sláinte, Tuaithe agus Gnóthaí Pobail, Caiteachais Phoiblí, Tithíochta, Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, Údaráis Áitiúla, agus Státseirbhísigh agus fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí.

Tionóladh ***Dáil na nÓg,*** an Pharlaimint dhébhliantúil don óige, den chéad uair in 2024 i dTithe an Oireachtais, agus bhí 157 toscaire i láthair ó gach ceann de na 31 Comhairle na nÓg a d'fhreastail ar an ócáid.

Tionól Náisiúnta na nÓg maidir le Comhionannas Inscne

Thionóil an Roinn i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta agus Grúpa Comhairleach tiomnaithe don Óige ***Tionól Náisiúnta na nÓg maidir le Comhionannas Inscne*** ar an 24 Meán Fómhair 2024. Chruinnigh 45 toscaire óg ó cheann ceann na tíre le chéile ag an tionól chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leanúnacha maidir le comhionannas inscne. Bhí an tionól deartha go sonrach chun deis a thabhairt do dhaoine óga plé a dhéanamh ar an difear a dhéanann neamhionannas inscne dá saol, chun réitigh a fhiosrú, agus moltaí a dhéanamh a d'fhéadfaí a chomhtháthú i mbeartas náisiúnta, go háirithe an chéad Straitéis Náisiúnta eile do Mhná agus do Chailíní.

Fóram Páirtithe Leasmhara don Oideachas Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe

Le linn 2024, d'eagraigh an Roinn an ***Fóram Páirtithe Leasmhara*** bliantúil don ***Oideachas Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe.*** Éascaíodh leis an ócáid an cur is cúiteamh le príomhpháirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe san Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe.

Cé go ndíríonn an Fóram go hiondúil ar oideoirí, bíonn baint ag daoine óga i bhformhór réimsí den oideachas. Bhunaigh ár nOifig Rannpháirtíochta Náisiúnta ***Grúpa Comhairleach Óige don Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe*** chun ionadaíocht na hóige ag an imeacht a mhéadú. Bhí sraith treoirphrionsabal bunaithe ag an ngrúpa i gcomhréir leis na naoi mbuncheanglas a leag Coiste na NA um Chearta an Linbh amach.

Thug an Grúpa comhairle maidir le cainteoir ar son na hóige a roghnú, téama ceardlainne idirghlúine, eagraíochtaí a bhféadfaí ionadaíocht a dhéanamh orthu ag seastáin sa phríomh-halla, agus ionadaíocht daoine óga ag an imeacht lena n-áirítear painéal idirghlúine. I measc an Ghrúpa bhí 12 bhall a tógadh ó Thionól Náisiúnta na nÓg agus ó Chomhairlí éagsúla ar fud na hÉireann. Ba thionscnamh nua de chuid an Fhóraim a bhí i gcruthú Ghrúpa Comhairleach na nÓg agus é mar bhuaicphointe den imeacht.

Súgradh agus Áineas

Lean an Roinn ag tabhairt maoiniú in 2024 chun tacú leis an gceart atá ag gach leanbh agus duine óg chun súgartha agus áineasa, mar atá daingnithe in Airteagal 31 den UNCRC.

- Faoin scéim deontais caipitil bhliantúil le haghaidh súgartha agus áineasa, leithdháileadh €500,000 ar fud na tíre d'Údaráis Áitiúla chun athchóiriú agus forbairt a dhéanamh ar chlóis súgartha agus ar limistéir spraoi.
- ***Lá Náisiúnta Súgartha 2024*** (a bhí ar bun ar aon lá nó ar mheascán laethanta idir an 13-21 Iúil) lena bhfuair 30 Údarás Áitiúil maoiniú €3,000 chun deiseanna súgartha a chur chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga ar fud na tíre. Ba é an téama le haghaidh 2024 'Am chun Súgartha!', lenar aithníodh an tábhacht atá le deiseanna spraiúla a dhéanamh agus a ghlacadh i do lá.
- Rinne an Roinn óstáil ar sheimineár ar ***Rannpháirtíocht, Súgradh agus Áineas*** ar an 30 Deireadh Fómhair 2024, a thug raon gairmithe, cleachtóirí, agus rannpháirtithe óga le chéile, ag déanamh ionadaíochta ar a nÚdarás Áitiúil, chun comóradh agus iniúchadh a dhéanamh ar chumhacht chlaochlaitheach an tsúgartha, an tábhacht atá le háineas, agus an fiúntas a bhaineann le rannpháirtíocht a bheith ag leanaí agus ag daoine óga sa chinnteoireacht.

Choimisiúnaigh an Roinn sraith tuarascálacha, a seoladh ag an ócáid agus úsáidfear iad le bheith mar bhonn eolais ag aon phleananna amach anseo i dtaca le súgradh agus áineas:

- ***Athbhreithniú Scópála - Soláthar Súgartha agus Áineasa Faoin Aer do Leanaí agus d'Ógánaigh***
- ***Soláthar Súgartha agus Áineasa Faoin Aer do Leanaí agus d'Ógánaigh: Athbhreithniú Náisiúnta d'Éirinn***
- ***Samplaí Dea-Chleachtais: Súgradh agus Áineas - an tÚdarás Áitiúil agus go hIdirnáisiúnta***

Gníomh Straitéiseach 5.2

Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh maoirseachta ar chur chun feidhme Na Chéad 5 agus ag cur le forbairt an bheartais tras-Rialtais trí ghlacadh le freagracht chomhroinnte as an seachadadh. Úsáidfimid ár gcreat rannpháirtíochta cuimsitheach páirtithe leasmhara chun dul i gcomhairle le leanaí, teaghlaigh, soláthraithe agus foireann Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile, agus páirtithe leasmhara eile chun beartas a fhorbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme.

Na Chéad 5 - Tuarascáil ar Chur Chun Feidhme

Foilsíodh ***Na Chéad 5 - Tuarascáil ar Chur Chun Feidhme*** 2023 i mí Iúil 2024. Sonraítear sa tuarascáil sin an dul chun cinn a rinneadh in 2023 ar bhreis is 125 gníomh a bhfuiltear ag obair orthu i 10 Roinn Rialtais, FSS agus Tusla chomh maith le 31 comhpháirtí seachadta mar chuid de Phlean Cur Chun Feidhme na Chéad 5 2023-2025. Comhlíonadh 80% de ghealltanais uile 2023 tráth fhoilsithe na tuarascála.

Gradaim Wild Child

Rinne na Chéad 5 urraíocht ar Ghradaim Wild Child 2024. Bronntar an gradam Wild Child ar an imeacht nó ar an tionscadal is fearr a n-éiríonn leis leanaí agus teaghlaigh a chur amach faoin aer chun iniúchadh a dhéanamh ar a n-oidhreacht áitiúil agus foghlaim faoin mbithéagsúlacht. Rinne an Roinn urraíocht ar thaighde freisin maidir le hOideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe sna Luathbhlianta a leabú trí Scéim Taighde Bunúis Nua 2024. Dírítear ar thacaíocht a thabhairt do thaighde, líonrú agus comhoibriú ar mhaithe le tuiscint a fheabhsú agus tionchar a imirt ar dhearcthaí, iompair, agus creidimh chun Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4.7 a bhaint amach. Ina measc sin tá saincheisteanna mar chothromas, laghdú na bochtaineachta, fás eacnamaíoch, eisiamh sóisialta, ocras, agus athrú aeráide.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Le linn 2024, bhí 4 chruinniú den ***Fhóram Páirtithe Leasmhara Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí*** ann, bhí 9 gcruinniú den ***Fhoghrúpa Simpliúcháin Riaracháin agus Rialála,*** 6 chruinniú de ***Earcaíocht agus Coimeád Lucht Saothair*** agus 5 chruinniú den ***Ghrúpa Páirtithe Leasmhara um Thuairisciú Airgeadais maidir le Bunmhaoiniú.*** Tugadh faoi raon comhairliúchán freisin, ina measc comhairliúchán maidir leis na dréacht-rialacháin ar fheighlíocht leanaí agus an Plean Náisiúnta um Sholáthar na Gaeilge sa Luathfhoghlaim agus Luathchúram / Cúram Leanaí ar Aois Scoile.

An Tionscnamh Lár Cathrach Thoir Thuaidh (NEIC)

Rannchuidigh an Roinn go gníomhach le tionscnamh NEIC an Rialtais, agus faoin Straitéis nua NEIC, tá sí ina cathaoirleach ar ghrúpa atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do leanaí, daoine óga, agus folláine teaghlaigh sa réimse. Bhí an Roinn ag gabháil ar feadh 2024 d'obair NEIC ar thionscadail a bhain le hiar-scoileanna, clubanna óige agus tacaíochtaí tuismitheoireachta.

Gníomh Straitéiseach 5.3

Cuirfimid straitéisí comhionannais chun feidhme trí chomhpháirtíocht réamhghníomhach le príomhpháirtithe leasmhara, agus déanfar sin trí chomhoibriú trasrialtais.

An Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh 2024-2028 (NTRIS II)

D'fhaomh an Rialtas ***Straitéis*** nua ***Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh 2024 – 2028*** (NTRIS II) agus an chéad ***Phlean Gníomhaíochta 2 bhliain 2024 – 2026*** dá cuid agus fógraíodh iad ar an 31 Iúil 2024.

Is cur chuige uile-Rialtais atá i gceist le NTRIS II chun cuimsiú iomlán agus rannpháirtíocht ghníomhach an Lucht Siúil agus na Romach a chinntiú agus a éascú i saol sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha, agus polaitiúil na hÉireann. Is é fís na straitéise go mbeidh Éire againn atá sábháilte, cothrom, agus cuimsitheach áit ina bhfaigheann an Lucht Siúil agus na Romaigh tacaíocht chun saol cuimsitheach, folláin, agus sásúil a chaitheamh. Forbraíodh NTRIS II bunaithe ar chomhairliúcháin fhorleithne le hionadaithe phobail an Lucht Siúil agus na Romach, Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, agus grúpaí na sochaí sibhialta.

LADTIA+

In 2024 rinneadh ***athbhreithniú neamhspleách ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTIA+ 2019-2021*** agus foilsíodh an tuarascáil deiridh i mí an Mheithimh 2024. Díríodh aird san Athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh ar chuid mhaith de spriocanna na Straitéise.

Mar atá leagtha amach cheana féin faoi Ghníomh Straitéiseach 1.12 thuas, d'fhorbair an Rialtas an ***Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTIA+ 2024 - 2028*** agus cheadaigh sé i mí Dheireadh Fómhair 2024 í. Soláthraítear treochlár sa Straitéis chun comhionannas a bhaint amach do dhaoine LADTIA+ in Éirinn as seo go ceann roinnt blianta. Táthar ag féachaint le tír shábháilte, chothrom, agus ionchuimsitheach a dhéanamh d'Éirinn, áit ina bhfaighidh daoine tacaíocht chun maireachtáil ar bhonn cuimsithe, sláintiúil, agus sásúil, gan beann ar a gclaonadh gnéis, ar a bhféiniúlacht inscne ná a léiriú inscne, nó a dtréithe gnéis. Féachann na gníomhartha faoi na ceithre cholún atá mar bhonn faoin Straitéis - Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine, Rannpháirtíocht agus Cuimsiú agus Comhionannas agus Neamh-idirdhealú, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn os comhair daoine LADTIA+ ina saol ó lá go lá.

Tar éis ***Glao Maoinithe*** rathúil ***ar Sheirbhísí Pobail LADTA+*** in 2024, fuair 15 thionscadal maoiniú arbh fhiú os cionn €998,916 san iomlán iad. Tá sé mar aidhm ag na tionscadail sin aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i seirbhísí LADTA+, lena n-áirítear i bpobail tuaithe, agus tacú le tionscnaimh LADTA+ atá ann cheana chun seirbhísí a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, ag cinntiú go bhfaigheann daoine LADTA+ tacaíocht chun a gcearta a bhaint amach. I measc na dtionscadal sin tá siad seo a leanas:

- Seirbhís Líne Chabhrach LADTA+ náisiúnta saorghlao laethúil
- Ceardlanna oideachais náisiúnta a sholáthar ar chuimsiú LADTA+ i scoileanna, in ionaid óige agus in áiteanna oibre
- Cuimsiú grúpaí LADTA+ atá i mbaol a n-imeallaithe i bhFéile Scannán GAZE LGBTQIA+
- Rolladh amach leanúnach an Mhairc Cáilíochta LADTA+ le haghaidh Iar-bhunscoileanna agus Ionad Oideachais Malartach
- Grúpaí piarthacaíochta a chruthú nó leanúint dóibh do dhídeanaithe LADTA+ agus iad sin a bhíonn ar thóir cosaint idirnáisiúnta, mná LADTA+, daoine LADTA+ níos sine, daoine LADTA+ ó chúlra imirceach agus daoine atá idirghnéasach

Faoin gclár taighde LADTA+, foilsíodh iad seo a leanas in 2024:

- ***'Being LGBTQI+ in Ireland: The National Study on the Mental Health and Wellbeing of the LGBTQI+ Communities in Ireland'***. (Higgins, A., Downes, C., O'Sullivan, K., de Vries, J., Molloy, R., Monaghan, M., Keogh, B., Doyle, L., Begley, T. agus Corcoran, Lch. (2024))
- Cuireadh an taighde seo a leanas chun cinn in 2024:
    - ***Wellbeing and Mental Health in the Older LGBTQI+ Population in Ireland***. Baile Átha Cliath: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. (Higgins A; Downes C; O'Sullivan K; de Vries J; Molloy R; Keogh B; Doyle L; Begley T; Monahan M.)

- ***Mental Health in the Irish LGBTQI+ Population with Disabilities***. Baile Átha Cliath: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. (Higgins A; Downes C; O'Sullivan K; de Vries J; Molloy R; Monahan M; Keogh B; Doyle L; Begley T; Corcoran P.)
- ***Not Being Out on Your Own: Research on the Needs and Experiences of Parents of LGBTQI+ Children and Young People***. An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. (Hurley, E. & Garner)
- ***Recognising Preferred Gender for Under 16s in Ireland***. (Fenton-Glynn C; Martin S; Ryan F.)
- ***Strategies for Promoting Non-LGBTI+ Youth Allyship with LGBTI+ Young People in Ireland***. (Singleton S; Pachowicz M; Ó Críodáin R, Murphy E.)

Thug an Roinn tacaíocht freisin don Phríomhoifig Staidrimh ina cuid oibre maidir le ceisteanna a fhorbairt ar chlaonadh gnéis agus ar fhéiniúlacht inscne don Treoirshuirbhé ar an Daonáireamh, a bhí ar siúl i mí Mheán Fómhair 2024. Bhí an Treoirshuirbhé ar an Daonáireamh ar siúl i 44 ionad i sé chontae ar feadh mhí Mheán Fómhair. Tástáladh ceisteanna nua ar inscne agus ar chlaonadh gnéis mar chuid den treoirshuirbhé seo.

Dul chun cinn ar reachtaíocht chun cosc a chur ar Chleachtais Tiontaithe

In 2024, rinneadh dul chun cinn ar obair chun reachtaíocht a bhrú chun cinn chun cosc a chur ar chleachtais tiontaithe in Éirinn. Mar gheall ar chomh casta agus chomh híogair atá an reachtaíocht atá beartaithe breithníodh príomhphrionsabail bheartais go cúramach agus beidh siad mar bhonn eolais don reachtaíocht chun a chinntiú go bhfaighidh daoine cosaint ó chleachtais tiontaithe dhíobhálacha agus ní dhéanfar difear do na seirbhísí riachtanacha agus iomchuí dóibh siúd a bhfuil imní orthu i réimsí a bhaineann le claonadh gnéis agus féiniúlacht inscne.

An Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní

Áiríodh i gClár an Rialtais, "Ár dTodhchaí Comhroinnte" (2020), gealltanas chun Straitéis Náisiúnta nua do Mhná agus do Chailíní a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Sa bhliain 2024, rinne an Roinn conradh le IPSOS B&A don chéim chomhairliúcháin maidir le forbairt na Straitéise comharba.

Mar chuid den chéim chomhairliúcháin tionóladh Tionól Náisiúnta na nÓg maidir le Comhionannas Inscne i mí Mheán Fómhair 2024 chun tuairimí daoine óga a fháil ar chomhionannas inscne agus ar thosaíochtaí don chéad Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní eile.

Comhairliúcháin agus Rannpháirtíocht le haghaidh Oibleagáidí Tuairiscithe na NA

Le linn 2024, bhí roinnt comhairliúcháin thiomnaithe ag an Roinn le páirtithe leasmhara ábhartha ar chomhionannas inscne chun bonn eolais a thabhairt do ***8ú Tuarascáil an Stáit faoin gCoinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú*** (CEDAW) agus Athbhreithniú na hÉireann ar chomóradh deich mbliana fichead Dhearbhú Bhéising agus an Ardáin Gníomhaíochta agus ***10-12ú Tuarascáil an Stáit faoin gCoinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú*** (CERD).

Cuireadh isteach Tuarascáil na hÉireann le haghaidh ***Beijing+30***[10] chuig na Náisiúin Aontaithe i mí Lúnasa 2024 lena cuimsiú sa phróiseas athbhreithnithe atá ar na bacáin in 2025, ag an 69ú Coimisiún um Stádas na mBan. Cuireadh ***8ú Tuarascáil Stáit faoi CEDAW*** faoi bhráid Choiste CEDAW i mí na Samhna 2024, agus cuireadh an ***10-12ú Tuarascáil Stáit faoi bhráid Choiste na NA maidir le hIdirdhealú Ciníoch a Dhíothú*** (CERD) i mí Feabhra 2025.

Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht

In 2024 thug an Roinn, in éineacht leis an Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta tacaíocht do dhaoine óga oibriú le príomhchinnteoirí trí fhóraim rialtais ar leibhéal náisiúnta lena n-áirítear an tIdirphlé Eacnamaíoch Náisiúnta, an Fóram Náisiúnta Aeráide le Páirtithe Leasmhara, an Fóram um Iompar Soghluaisteachta Inbhuanaithe, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus dreamanna eile. Ainmníodh daoine óga freisin le bheith mar chomhaltaí ar an Tascfhórsa Sláinte Ar Líne agus ar Chomhairle Chomhairleach Éire Óg.

Gníomh Straitéiseach 5.4

Oibreoimid le hinstitiúidí AE, agus stiúrfaimid agus comhordóimid cur i bhfeidhm na hÉireann ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh agus tabharfaimid freagra ar Bhreithnithe Deiridh Choiste na NA.

Bhí an Roinn rannpháirteach sa chuairt a thug Coiste Chomhairle na hEorpa chun Céastóireacht a Chosc ar Éirinn i mí Bealtaine 2024. Thug an Coiste cuairt ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus ar Aonad Cúraim Speisialta Bhaile Uí Dhúda, atá á fheidhmiú ag Tusla.

10 Tagraíonn **Beijing+30** don chomóradh 30 bliain ar an gCeathrú Comhdháil Dhomhanda maidir le Mná, a bhí ar siúl i mBéising in 1995. Is plean cuimsitheach é Dearbhú Bhéising agus Ardán Gníomhaíochta chun cearta comhionanna a bhaint amach do gach bean agus cailín. Tháinig 189 rialtas ar chomhaontú maidir leis an Ardán in 1995, ag an gCeathrú Comhdháil Dhomhanda ar Mhná, díríonn sé ar 12 réimse gníomhaíochta - dá dtagraítear mar "réimsí ríthábhachtacha imní", lena n-áirítear poist agus an geilleagar, rannpháirtíocht pholaitiúil, síocháin, an comhshaol, agus deireadh a chur le foréigean in aghaidh na mban.

Oibreoimid go gníomhach ar leibhéil ábhartha den Aontas Eorpach agus go hIdirnáisiúnta chun leasanna agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn, agus le bheith mar bhonn eolais ag beartas, rialacháin agus straitéisí agus tionchar a imirt orthu.

Sna breithnithe deiridh a thug Coiste na NA um Chearta an Linbh ar chúigiú agus séú comhthuarascáil thréimhsiúil na hÉireann mhol sé go "ndéanfadh Éire athbhreithniú cuimsitheach ar a reachtaíocht ar fad chun í a ailíniú leis an gCoinbhinsiún". I mí an Mhárta 2024, d'fhostaigh an Roinn an tOllamh Ursula Kilkelly san Ionad um Chearta an Linbh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus a foireann chun an t-athbhreithniú reachtúil sin a dhéanamh agus cuireadh tús leis an obair sin i bhFómhar 2024. Is é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a rinne an dá phíosa saothair a bhí mar bhonn taca ag an obair sin agus rinne an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais athbhreithniú orthu in 2024, athbhreithniú ar raon leathan na litríochta idirnáisiúnta, chomh maith le tuarascáil ar anailís bearnaí maidir le beartas reatha agus cur i bhfeidhm chomh maith leis an raon iomlán de reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach. Ionchorprófar torthaí na n-athbhreithnithe sin sa tuarascáil deiridh.

Bhí feachtas feasachta poiblí maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) ar siúl ar feadh ceithre seachtaine idir mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair 2024.

Gníomh Straitéiseach 5.5

Oibreoimid go gníomhach ar leibhéil ábhartha den Aontas Eorpach agus go hIdirnáisiúnta chun leasanna agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn, agus le bheith mar bhonn eolais ag beartas, rialacháin agus straitéisí agus tionchar a imirt orthu.

Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh

Thosaigh an Roinn ag pleanáil do na freagrachtaí a bheidh uirthi mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach a bheidh ar siúl idir Iúil-Nollaig 2026. Mar chuid de sin beidh cruinnithe ar leibhéal Aireachta, cruinnithe meithle agus comhdhálacha agus imeachtaí de chuid an Aontais in Éirinn agus sa Bhruiséil. Bhí an Roinn rannpháirteach go gníomhach sna struchtúir phleanála Idir-Roinne a bunaíodh chun pleanáil d'Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh.

An tAontas Eorpach

Lean an Roinn lena rannpháirtíocht i meithleacha agus i gcoistí oibre an Aontais Eorpaigh chun réimsí atá faoin sainchúram a chaibidliú. Thángthas ar chomhaontú in 2024 maidir le Treoir chun ***Cárta Míchumais AE*** a bhunú den chéad uair. Tá sé i gceist go mbeidh feidhm leis na cártaí sin in 2028, mar chruthúnas ar mhíchumas ar fud an Aontais, ina gcumhdófar coinníollacha speisialta cosúil le rochtain tosaíochta nó iontráil saor in aisce chuig músaeim agus saoráidí eile, nó táillí níos ísle ar sheirbhísí iompair.

Bhí an Roinn i gceannas ar na caibidlíochtaí ar son na hÉireann maidir leis an ***Treoir maidir le Caighdeáin le haghaidh Comhlachtaí Comhionannais,*** a bhfuil an obair ar trasuí na treorach curtha ar bun anois. Bhí cúram beartais uirthi freisin, leis an Roinn Dlí agus Cirt, as an Treoir maidir le Dálaí Glactha agus Creat Athlonnaithe an Aontais, a tháinig i bhfeidhm i Meitheamh 2024 mar chuid den Chomhshocrú maidir le hImirce.

An Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas:

Le linn 2024, lean oifigigh na Roinne ag bualadh le comhghleacaithe as Tuaisceart Éireann faoi shainchúram na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas maidir leis an gclár oibre um Chosaint Leanaí. Cumhdaíonn an grúpa oifigeach sin réimsí comhleasa, agus déanann sé dul chun cinn maidir le Clár oibre, ina gcuimsítear malartú Faisnéise/eolais, monatóireacht ar shaincheisteanna a thagann chun cinn a bhaineann le grúpaí leochaileacha leanaí, cleachtas oibre sóisialta, agus comhoibriú trasteorann ar thionscnaimh shonracha a bhaineann le leas agus cosaint leanaí. Bhí an clár trí bliana ar siúl go dtí an 31 Nollaig 2024. D'oibrigh comhghleacaithe sa dá dhlínse i gcomhar chun an chéad chlár oibre trí bliana eile a dhréachtú.

Chuaigh an Roinn ag obair i gcomhar freisin leis an NSMC ar bheartas luathbhlianta agus ar mhalartuithe ógra. Tionóladh cruinniú iomlánach idir Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag 2024, agus pléadh an tsaincheist a bhaineann le comhar ar shaincheisteanna comónta a bhaineann le hoidhreacht na bhforas Máthar agus Naíonán.

Comhairle na hEorpa

Lean an Roinn dá rannpháirtíocht i bhfóraim Chomhairle na hEorpa atá faoin sainchúram. Ina measc sin bhí na Coistí Stiúrtha in aghaidh Idirdhealú, Éagsúlacht, agus Cuimsiú (CDADI) agus um Chearta an Linbh (CDENF). Rannchuidigh an Roinn freisin leis an obair atá ar bun ag Comhairle na hEorpa trína Coiste Saineolaithe ar an Intleacht Shaorga, Comhionannas agus Idirdhealú agus an Grúpa Comhairliúcháin ar Leanaí de chuid na hÚcráine.

Thug an Roinn tacaíocht don chuairt a thug an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe go hÉirinn ón 4-7 Samhain 2024 mar chuid dá Shéú Timthriall Monatóireachta chun measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá á nglacadh ag Éirinn chun dul i ngleic leis an gciníochas agus leis an éadulaingt.

An Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint

I mí Dheireadh Fómhair 2024, fuair an Rialtas an 5ú Tuairim maidir le hÉirinn faoin gCreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint (FCNM). Sa Ráithe dheiridh de 2024, chuir an Roinn tús le hullmhú na freagartha ar an 5ú Tuairim ar Éirinn i gcomhar le gach Roinn Rialtais ábhartha chun an spriocdháta lena cur isteach chuig Comhairle na hEorpa i mí Feabhra 2025 a chomhlíonadh.

Cairt Shóisialta Athbhreithnithe na hEorpa chuig an Rialtas

I mí Iúil 2024, thug an Roinn Airteagail 8§3 and 27§1(c) de Chairt Shóisialta Athbhreithnithe na hEorpa chuig an Rialtas lena daingniú. Is é is aidhm d'Airteagal 8§3 a chinntiú go bhfuil máithreacha atá ag beathú a gcuid naíonán ar an gcíoch i dteideal dóthain ama a thógáil ón obair chun déanamh amhlaidh. Is é is aidhm d'Airteagal 27§1(c) a chinntiú go nglactar bearta chun seirbhísí cúraim lae leanaí agus socruithe eile cúraim a chur chun cinn.

Léiríonn an daingniú a rinne Éire ar na hAirteagail sin an tiomantas do thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a bhfuil freagrachtaí clainne agus cúraim orthu, chomh maith leis an luathfhoghlaim agus an luathchúram d'ardchaighdeán a dhéanamh níos inacmhainne agus níos inrochtana. Go háirithe, léirítear leis an daingniú an dul chun cinn an-láidir atá déanta maidir le seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí, go háirithe i réimsí cosúil le cáilíocht, inacmhainneacht, agus tacú le cuimsiú leanaí ó ghrúpaí leochaileacha. Cuideoidh daingniú na nAirteagal sin den Chairt Athbhreithnithe freisin chun comhionannas inscne a spreagadh i margadh saothair na hÉireann, toisc gur aithníodh easpa rochtana ar na seirbhísí sin roimhe seo mar bhac ar chomhionannas san áit oibre.

Cúnant Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe (NA) maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha

I mí Feabhra 2024, chuaigh oifigigh de chuid na Roinne in éineacht le toscaireacht Stáit sa Ghinéiv le haghaidh ***an 4ú athbhreithniú ar an gCúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha*** (ICESCR). Thug siad tuairisc ar raon éachtaí atá bainte amach ó athbhreithniú na hÉireann in 2015, ina measc an tAcht um an Bhearna Phá idir na hInscní, lenar feabhsaíodh an rochtain ar chúram leanaí agus inacmhainneacht an chúraim leanaí, agus forbairt na Straitéise nua maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach.

Thug an Roinn tacaíocht freisin don tsochaí shibhialta chun a bheith rannpháirteach ag éisteacht ICESCR na NA. Lean breathnuithe agus moltaí Choiste na NA é sin i Márta 2024 agus tá an Roinn ag obair anois chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar mholtaí atá faoina sainchúram.

Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilíoch (UPR) na NA

I mí Iúil 2024, d'ullmhaigh agus thíolaic an Roinn ***tuarascáil mheántéarmach thar ceann an Stáit faoin Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilíoch*** (UPR), an t-athbhreithniú piaraí de thaifid uile um chearta an duine i ngach tír de chuid na Náisiún Aontaithe. Tugadh achoimre sa tuarascáil ar an dul chun cinn ar mholtaí ón athbhreithniú deiridh a rinne Éire in 2021. Beidh an cleachtadh sin mar bhonn eolais ag na hullmhúcháin do thuarascáil iomlán an Stáit atá ar na bacáin le haghaidh mhí Iúil 2026, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ina measc.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD)

I mí na Samhna, d'fhógair an tAire ***aontachas foirmiúil na hÉireann chuig an bPrótacal Roghnach chuig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas,*** chun cuntasacht a neartú maidir leis an gcaoi a seasaimid le cearta faoin gCoinbhinsiún.

An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD)

Tugadh cuireadh d'Éirinn chun comhchathaoirleacht a dhéanamh ar chéad Fhóram OECD ar Chomhionannas Inscne a bhí ar siúl i bPáras ar an 10-11 Meitheamh 2024. Rinne an tAire Stáit Joe O'Brien a bhí ann ag an am ionadaíocht ar Éirinn mar chomhchathaoirleach ar an bhFóram agus labhair sé ag an ócáid.

D'fhoilsigh OECD tuarascáil nua i mí Aibreáin 2024 maidir le cur chuige uile-Rialtais maidir le dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus torthaí a fheabhsú do leanaí agus daoine óga in Éirinn. ***Together for Children and Young People in Ireland: Towards a New Governance Framework*** [Le Chéile do Leanaí agus Daoine Óga in Éirinn: I dTreo Creat Nua Rialachais] arb é an toradh deiridh é ó chomhthionscadal idir an Roinn agus OECD, a maoiníodh faoi Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil an Choimisiúin Eorpaigh.

Ó foilsíodh an Páipéar Bán, tháinig fás as cuimse ar líon na n-iarratas ar Chosaint Idirnáisiúnta le breis is 30,000 duine nua tagtha isteach ó Eanáir 2022.

Seoladh an tuarascáil i gcomhthreo le ceardlann do chinnteoirí chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr leis na moltaí sa tuarascáil a chur i bhfeidhm.

Lean an Roinn ag obair le OECD chun acmhainneacht institiúideach a fhorbairt i dtaca le príomhshruthú inscne agus buiséadú comhionannais. Bhí an Roinn rannpháirteach ar Choiste um Príomhshruthú agus Rialachas Inscne ECFE agus ar a Líonra um Buiséadú Inscne, an ceann sin i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe.

Gníomh Straitéiseach 5.6

Déanfaimid athbhreithniú ar an gcaoi a ndéanaimid cumarsáid lenár bpáirtithe leasmhara agus forbróimid agus cuirfimid chun feidhme Straitéis Chumarsáide chuimsitheach chun tacú le seachadadh cuspóirí straitéiseacha na Roinne.

Straitéis Chumarsáide Nua na Roinne

Rinneadh athbhreithniú in 2024 ar an Straitéis Chumarsáide atá ag an Roinn cheana féin a ritheann ó 2022-2025. Thug an t-athbhreithniú sin treoir maidir le gnéithe rathúla sa straitéis, chomh maith le réimsí feabhsúcháin. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, glacadh cinneadh chun Straitéis Chumarsáide nua a dhréachtú don Roinn.

D'oibrigh foireann Cumarsáide na Roinne le comhghleacaithe ar fud na Roinne chun roinnt feachtais chumarsáide ilardáin a sheachadadh ar feadh 2024. Rinneadh iniúchadh ar chainéil agus ar uirlisí nua a chruthú agus cuireadh i bhfeidhm iad thar fheachtais chumarsáide éagsúla. Lean an Roinn ag cur leis an úsáid éifeachtach atá sí a bhaint as cainéil dhigiteacha agus shóisialta ag cinntiú gur lean teachtaireachtaí na Roinne ag dul i gcion ar spriocphobail.

Lean an tAonad Cumarsáide air ag tacú le hAirí agus leis an Roinn ach preasoifig shofhreagrúil a chur ar fáil, a phléigh le breis agus 2,446 fiosrúchán ó na meáin in 2024 agus a d'eisigh 101 preasráiteas.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara: Samhail Oibriúcháin Nua

Reáchtáladh imeachtaí comhairliúcháin tosaigh chun fís, misean agus luachanna na gníomhaireachta tiomnaithe atá beartaithe le haghaidh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) a fhorbairt.

Ullmhaíodh tuarascáil ar an gcleachtadh sin, scaipeadh ar na páirtithe leasmhara rannpháirteacha í agus foilsíodh ar shuíomh gréasáin tiomnaithe na gníomhaireachta í[11]. Reáchtáladh imeachtaí comhairliúcháin sa dara ráithe de 2024 freisin inar díríodh ar mhapáil feidhme ar fud na samhla oibriúcháin atá ann faoi láthair. Sna seisiúin chomhairliúcháin is déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2024 díríodh ar mhapáil an lucht saothair ar fud na samhla oibriúcháin. Leanfar den rannpháirtíocht le raon leathan páirtithe leasmhara mar phríomhghné den chlár athchóirithe sin agus muid ag obair le chéile chun samhail oibriúcháin nua a dhearadh ar mhaithe le leanaí agus a dteaghlaigh, soláthraithe, oideoirí agus cleachtóirí.

An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí

Cuireadh an ***Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí*** chun cinn trí phreasráitis áitiúla agus náisiúnta, feachtais sna meáin shóisialta agus stainníní ag Bord Bia Bloom agus ag an Aonach um Thoircheas agus Leanaí. Cuireadh ábhair chumarsáide i mBéarla simplí amach chuig soláthraithe maidir leis an gcreat comhlíontachta nua. Reáchtáladh comhairliúcháin freisin i dtaobh rialacháin maidir le feighlíocht leanaí agus i dtaobh sholáthar na Gaeilge i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus i gCúram Leanaí in Aois Scoile.

An Rannán um Chosaint Idirnáisiúnta agus Imeascadh

Cuireadh tús leis an obair ar Straitéis Chumarsáide agus plean gníomhaíochta cuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don Rannán um Chosaint Idirnáisiúnta agus Imeascadh. Cuireadh sainghrúpa comhpháirtíochta ENR ar bun in 2024 agus tá a chuid oibre fós ar bun. D'eagraigh an Roinn cruinnithe leis na saineagraíochtaí comhpháirtíochta chun:

- Faisnéis a chur ar fáil agus nuashonruithe a roinnt
- Cloisteáil ó eagraíochtaí comhpháirtíochta agus aiseolas a fháil
- Bealaí a shainaithint le dul i mbun comhair agus feabhsuithe a bhaint amach

Gníomh Straitéiseach 5.7

Forbróimid struchtúir chomhpháirtíochta le príomhpháirtithe leasmhara, chun straitéisí comhionannais comharba agus an chéad Straitéis Náisiúnta Míchumais eile a fhorbairt trí chomhpháirtíocht réamhghníomhach le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear trí chomhar Trasrialtais.

11 https://www.gov.ie/ga/an-roinn-leana%C3%AD-m%C3%ADchumais-agus-comhionannais/feachtais/national-early-learning-and-childcare-agency/ Is oth linn nach bhfuil leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.

Chuir an Roinn feabhas ar an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara san earnáil míchumais, rud a neartaíonn cuntasacht, trédhearcacht agus a tiomantas do chomhdhearadh maidir leis an mbeartas míchumais agus soláthar seirbhísí míchumais a mhúnlú.

Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Míchumais

I mí Bealtaine 2024, d'óstáil an Roinn imeacht a raibh an ***Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Míchumais*** mar théama leis. D'fhreastail Airí ar an ócáid seo agus tugadh le chéile comhaltaí d'Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPOnna), soláthraithe seirbhísí agus páirtithe leasmhara míchumais eile chun cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Míchumais 2024-2026 a phlé. Rinneadh éascaíocht ar phlé grúpa ag an ócáid inar díríodh ar spriocanna an Phlean Gníomhaíochta a bhaint amach, ar shamhlacha seirbhíse malartacha a fhiosrú, agus ar dheiseanna nuálaíochta agus feabhsúcháin a shainaithint chun éifeachtúlacht, cothromas agus ailíniú le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD) a chur chun feabhais.

Grúpa Comhairleach Straitéiseach na bPáirtithe Leasmhara Míchumais

Tháinig ***Grúpa Comhairleach Straitéiseach na bPáirtithe Leasmhara Míchumais*** (DSSAG) le chéile roinnt uaireanta i rith 2024. Tá comhaltaí d'eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, grúpaí abhcóideachta, brateagraíochtaí soláthraithe seirbhísí agus eagraíochtaí reachtúla mar chuid de DSSAG, agus chuir siad comhairle agus ionchur straitéiseach ar fáil don Roinn maidir le nithe a bhaineann le beartas agus straitéis ardleibhéil maidir le míchumas.

An Straitéis Nuálaíochta um Uathachas

Ceapadh ***an Grúpa Maoirseachta agus Comhairleach maidir leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas*** tar éis próiseas iarratais, agus tá daoine uathacha, tuismitheoirí, gairmithe agus eagraíochtaí a thacaíonn le daoine uathacha ina mbaill de. Bhí ról ríthábhachtach ag an ngrúpa sin chun an Straitéis a fhorbairt agus beidh ról lárnach aige maidir le monatóireacht a dhéanamh uirthi de réir mar a leantar dá cur i bhfeidhm.

Páirtithe Leasmhara

Mar ullmhú le haghaidh Bhuiséad 2025, thionóil an Roinn an ***chéad fhóram réamh-Mheastachán bliantúil maidir le seirbhísí míchumais.*** Tugadh raon leathan páirtithe leasmhara míchumais éagsúla le chéile san imeacht. Cinntíodh leis an gcomhairliúchán sin go raibh dearcthaí na bpáirtithe leasmhara le sonrú in ábhair bhreithniúcháin an Bhuiséid, rud a threisigh cur chuige beartais níos ionchuimsithí agus níos freagrúla.

Chuir an Roinn feabhas ar an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara san earnáil míchumais, rud a neartaíonn cuntasacht, trédhearcacht agus a tiomantas do chomhdhearadh maidir leis an mbeartas míchumais agus soláthar seirbhísí míchumais a mhúnlú.

Sprioc Straitéiseach 6

Coinneoimid ardchaighdeáin feidhmíochta agus rialachais chorparáidigh le baill foirne atá rannpháirteach, spreagtha agus tacaithe in eagraíocht atá réidh don todhchaí.

Gníomh Straitéiseach 6.1

Tabharfaimid rannpháirt dár ndaoine maidir le hathbhreithniú a chur i gcrích ar Struchtúir, Soláthar Foirne, Próisis agus Córais na Roinne agus forbróimid plean cur i bhfeidhm chun tacú le forbairt leanúnach na hacmhainneachta agus na gcumas is gá chun aghaidh a thabhairt ar an raon dúshlán a bheidh ann amach anseo.

Plean Forbartha Eagraíochta

Chuir an Roinn ***Plean Forbartha Eagraíochta*** ceannródaíoch i bhfeidhm le tacaíocht ó bhaill foirne dheonacha ar fud na heagraíochta. Forbraíodh an Plean Forbartha Eagraíochta mar fhreagairt ar Shuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Roinne in 2023 agus le comhoibriú os cionn 100 ball foirne. Ba é ab aidhm dó 50 gníomh a bhaint amach lena gcoinneofaí dul chun cinn ar bun, in éindí a chéile, i réimsí ina raibh ag éirí go maith leis an Roinn agus lena gcuirfí feabhas ar réimsí ina raibh gá le hathrú.

Tugadh an Plean Forbartha Eagraíochta chun críche mí Dheireadh Fómhair 2024. Cuireadh formhór na ngníomhartha i gcrích agus rinneadh cinn eile a phríomhshruthú. I measc na mbuaicphointí bhí feabhsuithe ar na háiseanna i gceann d'oifigí na Roinne i gCúirt Montague, suiteáil taisceadán agus bothanna príobháideachta, clár meantóireachta nua agus nuachtlitir nua do bhaill foirne, feabhsuithe ar inlíon na Roinne agus tabhairt isteach agallamh fágála foirmiúil do bhaill foirne. Dá bharr sin freisin rinneadh athstruchtúrú ar an Roinn chun Rannán nua Eagraíochta agus Straitéise a chruthú ann, ina bhfuil acmhainní ar fáil lena chinntiú go ndírítear ar fhorbairt eagraíochta ar bhonn leanúnach, agus tús curtha le dhá mhórthionscnamh straitéiseacha:

1. Beartú tosaíochta straitéiseach agus pleanáil straitéiseach a leabú ar fud na Roinne agus
2. Straitéis nua i leith Daoine a sheoladh.

Straitéis i leith Daoine

I mí Dheireadh Fómhair 2024, seoladh Straitéis nua i leith Daoine agus é mar uaillmhian léi go dtacófaí leis an Roinn mar "fhostóir ardfheidhmíochta den scoth, ina n-aithnítear luach na ndaoine agus ina dtacaítear leo barr a bhfeabhais a bhaint amach agus ár bhfís a chur i gcrích." Agus í ag díriú ar chultúr agus ceannaireacht na Roinne a anailísiú agus a chothú, an Roinn a fhorbairt mar eagraíocht don todhchaí, agus ag tacú le baill foirne agus le forbairt, leagtar amach leis an Straitéis i leith Daoine 20 gníomh a chuirfear i bhfeidhm faoi dheireadh 2026.

Gníomh Straitéiseach 6.2

Cinnteoimid go bhfuil creat rialachais chorparáidigh láidir agus éifeachtach in úsáid laistigh den Roinn, lena n-áirítear rialachas struchtúrtha agus maoirseacht feidhmíochta, á threorú ag an mbainistíocht shinsearach, comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus idirghabhálaithe maoinithe.

Lean an Roinn dá cuid córas, beartas, próiseas agus socruithe a fhorbairt in 2024 ionas go raibh sí ag tacú leis na baill foirne ina bhfeidhmíocht oibre agus é á chinntiú an tráth céanna go raibh siad ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí agus ionchas. ***An Creat Rialachais Chorparáidigh,*** ina leagtar amach an chaoi a leagann an Roinn síos na caighdeáin riachtanacha agus a chomhlíonann sí iad, rinneadh athbhreithniú air agus foilsíodh é i mí Mheán Fómhair 2024.

Bhí na gealltanais i gClár an Rialtais chomh maith leis na spriocanna agus na cuspóirí a leagadh amach i Ráiteas Straitéise na Roinne mar bhonn taca faoina Pleanáil Gnó in 2024.

Leag an Bord Bainistíochta príomhthosaíochtaí síos ag tús na bliana. Agus na príomhthosaíochtaí á sainaithint, cuireadh bonn eolais faoi chinntí pleanála don lucht saothair agus, go háirithe, faoi chinntí maidir le hacmhainní ganna foirne a leithdháileadh chun folúntais a líonadh in aonaid ghnó éagsúla. Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir leis na príomhthosaíochtaí sin a bhaint amach ag deireadh gach ráithe agus rinne sé na bearta ba ghá chun aghaidh a thabhairt ar na dhúshláin a tháinig chun cinn, rud nár féadadh a sheachaint, ar ndóigh.

Tháinig ***Coiste Riosca*** na Roinne le chéile ceithre huaire le linn na bliana. Rinne sé athbhreithniú ar Ráiteas Inghlacthachta Riosca arna thabhairt cothrom le dáta agus d'fhoilsigh an ráiteas céanna. D'ullmhaigh sé Clár Rannach Rioscaí inar léiríodh éiginnteachtaí méadaitheacha, a bhfuil cuid mhaith díobh sainaitheanta leis an Measúnú Riosca Náisiúnta agus inar leagadh amach bearta ba ghá don Roinn a dhéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí agus a cuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Chuir an Roinn ***Fóram Rialachais Earnála*** ar bun. Is é príomhchuspóir an fhóraim ná cur i bhfeidhm éifeachtúil comhsheasmhach an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chinntiú. Féachann sé freisin le dul i mbun oibre leis na foirne ábhartha lena chinntiú go bhfuil ailíniú, i dtéarmaí ginearálta, idir treo na gcomhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus comhlachtaí arna maoiniú aici agus cinn an Aire, agus neamhspleáchas reachtúil na gcomhlachtaí sin á chur san áireamh.

Lean an tAonad um Rialachas Seachtrach AD agus Anailís ar an Lucht Oibre Earnála de Mheabhráin Tuisceana dírithe ar AD a chur chun cinn le comhlachtaí faoi choimirce na Roinne, chun a chuid idirghníomhaíochtaí agus socruithe acmhainní daonna/caidrimh thionsclaíoch leo maidir le ceadú a dhoiciméadú agus a chur ar bonn foirmiúil.

An tAonad um Maoiniú don Úcráin agus Gnóthú Costas

Cuireadh Aonad um Maoiniú agus Gnóthú Costas i leith na hÚcráine ar bun i mí an Mheithimh 2024 agus chuir sé le maoirseacht fheabhsaithe ar rialachas corparáideach laistigh den Roinn. D'fhág an fhoireann airgeadais nua, lena n-áirítear 3 chuntasóir cháilithe, go rabhthas in ann dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas an chláir, tuairisciú tráthúil a dhéanamh do phríomhpháirtithe leasmhara, agus dul i mbun rannpháirtíocht éifeachtach i bpróiseas Meastacháin 2025, rud a d'urraigh maoiniú cuí le haghaidh 2025. Leis sin cinntíodh go raibh luach leanúnach ar airgead ann agus gur baineadh úsáid éifeachtúil as maoiniú an Státchiste. Gabhann sé sin in éineacht le foireann nuabhunaithe um Chomhlíonadh Airgeadais laistigh den aonad, foireann a chuaigh i mbun gnóthú costas de réir mar ba chuí agus a chosain maoiniú ón Státchiste ar an mbealach sin.

Bainistiú Faisnéise

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur lena cumas maidir le cosaint sonraí in 2024 lena chinntiú go gcomhlíontar a cuid oibleagáidí faoi RGCS agus chun bainistíocht taifead dea-chleachtais a chur chun feidhme. I measc a cuid gníomhaíochtaí bhí réamhchainteanna ar bhainistíocht taifead agus ar chosaint sonraí araon ag céim an ionduchtúcháin do bhaill foirne nua, tacaíochtaí feabhsaithe chun eDocs a leabú mar chóras bainistithe doiciméad agus taifead na Roinne, deiseanna éagsúla foghlama maidir le cosaint sonraí agus imeachtaí líonra lena n-áirítear seachtain um chosaint sonraí chun feasacht a mhúscailt agus nuachtlitir mhíosúil maidir le cosaint sonraí.

Gníomh Straitéiseach 6.3

Déanfaimid Plean Lucht Saothair oibríochtúil atá solúbtha agus dinimiciúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir le AD freagairt do riachtanais ghnó na Roinne atá de shíor ag forbairt.

Rinne foireann AD na Roinne ***Plean Lucht Saothair*** oibríochtúil bliantúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le príomhthionscnaimh bheartais an Rialtais a bhaint amach ar fud shainchúram ilghnéitheach na Roinne, lena n-áirítear Cosaint Idirnáisiúnta agus Imeascadh, Sainseirbhísí Míchumais Pobalbhunaithe agus Oifig na Scéime Íocaíochta d'Árais Máithreacha is Leanaí, fad is a bhí sí ag freagairt do riachtanais éabhlóideacha ghnó na Roinne. I measc na bpríomhéachtaí, tá an méid seo a leanas:

- Earcaíodh 327 ball foirne sa Roinn i rith na bliana trí shruthanna éagsúla earcaíochta, is é sin 27 duine in aghaidh na míosa ar an meán
- Tháinig méadú ar líon na mball foirne ó 778 go 986 faoi dheireadh na bliana, líon is ionann le méadú 27% ar bhaill foirne i rith 2024
- Rinneadh bainistíocht chuí ar an bpróiseas fágála le haghaidh 104 ball foirne
- Sainchomórtais arna reáchtáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) le tacaíocht ón Roinn
- Baineadh úsáid as ceadúnas earcaíochta dírí na Roinne chun baill foirne a earcú ar ghrád an oifigigh feidhmiúcháin agus i bpoist speisialtóra
- Reáchtáladh comórtas inmheánach ardaithe céime ar ghrád AOF

Gníomh Straitéiseach 6.4

Cinnteoimid go mbeidh na scileanna is gá ag fostaithe na Roinne chun riachtanais a ról a chomhlíonadh.

Foghlaim agus Forbairt

Chun tacú le cur chun feidhme na ***Straitéise i leith Daoine 2024-2027***, chuir an tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt tús le forbairt Straitéise Foghlama agus Forbartha arb é is aidhm di forbairt fostaithe a ailíniú le cuspóirí eagraíochtúla. Ar cheann de na príomhspriocanna faoin straitéis, tá Foghlaim agus Forbairt a shuí mar chomhpháirtí gnó straitéiseach agus a fheidhm a neartú ach aistriú ó fhócas oibríochtúil go cur chuige níos straitéisí, dírithe ar an gcomhpháirtíocht agus spreagtha ag an gcomhoibriú.

I gcomhréir le cur chuige straitéiseach an Rialtais chun acmhainneacht a fhorbairt ar an leibhéal sinsearach ach eolas straitéiseach agus scileanna straitéiseacha a thabhairt do cheannairí atá ann faoi láthair, arb iad an t-eolas agus na scileanna iad a bhfuil gá leo le bheith in ann oibriú i dtimpeallacht chasta atá ag forbairt go sciobtha, d'éirigh le ceathrar oifigeach sinsearach sa Roinn (an príomhoifigeach agus os a chionn) an Clár um Cheannaireacht Straitéiseach sa tSeirbhís Phoiblí Shinsearach a chur i gcrích in 2024. D'fhreastail seachtar ball foirne sa bhreis ar an gClár um Máistreacht a fháil ar Cheannaireacht sa tSeirbhís Phoiblí Shinsearach, 2024.

I mí Mheán Fómhair 2024, sheol an fhoireann Foghlama agus Forbartha clár meantóireachta píolótach 9 mí a bhí deartha chun tacú le baill foirne nua agus leo siúd a bhí ar promhadh. Mar chuid den chlár, cuireadh na meantaithe i bpéire le comhghleacaithe a bhfuil taithí acu ar an bpost, taithí a bhaineann go sonrach leis an ngrád, agus a bhfuil eolas tréan acu ar an Roinn seo. Tá sé d'aidhm ag an gclár meantóireachta cuidiú le meantaithe a mbealach a dhéanamh tríd an Roinn, trína ngrád agus trína róil agus díriú ar a gcuid forbartha gairmiúla.

Tá an Roinn meáite ar a chinntiú go bhfuil na scileanna ag na baill foirne uile le tabhairt faoina róil go héifeachtach.

Tá plean forbartha ionduchtúcháin nua ar fáil don fhoireann uile. Shainaithin an fhoireann L&D na croíscileanna atá ag teastáil ar bhonn réamhghníomhach agus chinntigh siad go gcuirtear oiliúint ar fáil chun na scileanna sin a fhorbairt. Le linn 2024, reáchtáladh 50 seisiún oiliúna agus ghlac os cionn 840 ball foirne páirt iontu.

Gníomh Straitéiseach 6.5

I measc na bpríomhréimsí scileanna a sainaithníodh mar réimsí tábhachtacha chun tacú le gníomhaíochtaí gnó na Roinne, bhí bainistíocht taifead dea-chleachtais a chur chun feidhme agus é a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí faoi RGCS. Sa chomhthéacs sin, chuir an Roinn clár cuimsitheach eolais agus cothaithe feasachta ar fáil maidir le bainistíocht taifead agus cosaint sonraí.

Táimid meáite ar a chinntiú go dtacaítear lenár bhfostaithe mar is cuí chun eispéireas dearfach fostaithe a chinntiú.

Cultúr láidir feidhmíochta

Rinne an Roinn forbairt ar a cumas digiteach ionas go mbeadh rochtain ag na baill foirne dá cuid ar acmhainní teicneolaíochta faisnéise atá nua-aimseartha agus éifeachtach. Agus an ceanglas sin á chomhlíonadh acu in 2024, rinne an tAonad TFC agus Soláthair an méid seo a leanas:

- Clár feabhsuithe agus feidhmiúlachta gnó nuaí a chur ar fáil don fheidhmchlár maidir le soláthar cóiríochta gearrthéarmaí do Thairbhithe Cosanta Sealadaí (BOTPanna) a bhainistiú, agus don chóras ar líne chun conarthaí agus na híocaíochtaí gaolmhara le soláthraithe cóiríochta gearrthéarmaí do BOTPanna a bhainistiú. Leis na gnéithe nua sin tugadh tuilleadh éifeachtúlachtaí isteach le haghaidh próisis ghnó, rud a léiríonn cuspóirí gnó nua, agus ar an mbealach sin tacaítear leis an bhfoireann chun seirbhísí éifeachtacha a sholáthar

- Tionscnaíodh an tionscadal don ***Fhoirm Údaraithe Íocaíochta Digití*** (DPAF) i R3 2024 chun próiseas caighdeánach na Roinne ón ordú ceannaigh chuig an bhfoirm údaraithe íocaíochta, a bhfuil cuid mhór obair láimhe i gceist leis, a dhigitiú agus a uathoibriú. Le tionscadal DPAF úsáideadh comhpháirteanna bogearraí a forbraíodh mar chuid de thionscadal P2P lenar soláthraíodh éifeachtúlachtaí eisceachtúla don Fhoireann Íocaíochta um an bhFreagairt don Úcráin. Bhí an cur chuige sin ar aon dul leis an gcuspóir níos leithne i leith ríomhsheirbhísí Rialtais maidir le 'Tógáil le Comhroinnt' lena gcuirtear chun cinn teicneolaíocht atá ann cheana a úsáid agus/nó athearraíocht a bhaint aisti. Le feidhmchlár DPAF bainfear amach éifeachtúlachtaí nach beag i dtaobh costais agus ama don Roinn. Ina theannta sin, déanfar próisis agus sonraí na Roinne a chuíchóiriú leis agus déanfar éascaíocht ar aistriú na Roinne nuair a bhogann sí anonn chuig Córas Bainistíochta Airgeadais ONSC. Soláthrófar feidhmchlár DPAF ag deireadh R1 2025
- Leis an Straitéis Dhigiteach 2024-2028 dar teideal ***Ár dTodhchaí Dhigiteach*** a foilsíodh i mí an Mhárta 2024, leagtar amach roinnt míreanna Gnímh maidir le todhchaí an tsoláthair dhigitigh amach anseo laistigh den Roinn. Faoi mhí na Nollag 2024, bhí os cionn 75% de na gníomhartha sin Idir Lámha, Ar Bun, nó Curtha i gCrích

Cumarsáid

Sholáthair Aonad Cumarsáide na Roinne clár cumarsáide inmheánaí claochlaithí i gcaitheamh 2024. Cuimsíodh ann nuashonruithe rialta ar inlíon na Roinne mar aon le cruthú agus soláthar nuachtlitreach foirne a raibh an-rath uirthi dar teideal ***The Voice***, a seoladh i mí Lúnasa 2024.

I rith na bliana, reáchtáil an Roinn trí sheisiún uile-fhoirne – 2 chruinniú fhíorúla agus 1 Lá Uile-Fhoirne i láthair go pearsanta, agus d'fhreastail 550, 679 agus 780 comhghleacaí ó thrí shuíomh ar fad orthu – is é sin an méid is mó riamh. Reáchtáil an Roinn an chéad imeacht Aitheantais Foirne riamh freisin chun aitheantas a thabhairt do ghnóthachtálacha, lena n-áirítear iontrálacha na Roinne do Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse. Seolfar Straitéis Cumarsáide Inmheánaí nua don Roinn in 2025, is é sin straitéis atá deartha chun feabhsuithe leanúnacha sa réimse seo a bhrú chun cinn.

Acmhainní Daonna

I measc na bpríomhéachtaí, tá an méid seo a leanas:

- Foilsiú Straitéis na Roinne i leith Daoine – Is Mór Againn ár bPobal, Soláthar le Chéile 2024-2026 ina n-aithnítear an fhoireann mar an tsócmhainn is mó dá bhfuil ag an Roinn agus a misean á chur i gcrích aici
- Cuireadh an clár um fholláine na bhfostaithe i bhfeidhm agus reáchtáladh imeachtaí folláine i gcaitheamh na bliana – imeachtaí sóisialta, seimineáir folláine, cuir i láthair agus dúshláin sláinte ina measc
- Bhí an clár um Fholláine Airgeadais ar fáil don fhoireann, lena n-áirítear glaonna treorach duine le duine, seisiúin theoiriciúla agus máistir-ranganna
- Cuireadh scrúduithe sláinte agus vacsaíní fliú ar fáil don fhoireann uile
- Bronnadh Scálaí Níos Airde ar na gráid ábhartha uile
- Thug an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas tacaíocht do bhaill foirne faoi mhíchumas, agus ghníomhaigh sé mar phointe teagmhála maidir le freastal réasúnta agus riachtanais inrochtaineachta
- Tacaíodh le baill foirne agus bainisteoirí le linn an phróisis promhaidh chun torthaí rathúla promhaidh a chinntiú. Bhí 538 ball foirne ar promhadh in 2024, arb ionann an méid sin agus baill foirne a tháinig isteach sa Státseirbhís nó sa ghrád s'acu le gairid

Gníomh Straitéiseach 6.6

Táimid meáite ar a chinntiú go leabaítear Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI) ar fud ár mbeartas agus ár gcleachtas agus go léirítear iontu iad.

Cuireadh tús leis an obair maidir le Beartas, Straitéis agus plean gníomhaíochta CÉI. Cuireadh tús leis an obair freisin chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn ar fud na Roinne agus cultúr ina mothaíonn an fhoireann go bhfuil luach leo, go bhfuil meas orthu agus go bhfuil cumhacht acu a chothú.

Gníomh Straitéiseach 6.7

Cinnteoimid go bhfuil socruithe láidre agus éifeachtacha bainistíochta Vóta bunaithe laistigh den Roinn chun bheith cuntasach don Rialtas, don Oireachtas agus don phobal i ndáil leis an gcaiteachas tabhaithe ar fad.

Tá próiseas struchtúrtha déabhlóidithe buiséid airgeadais i bhfeidhm ag an Roinn agus is ar an sealbhóir buiséid in aonaid líne a bhíonn an fhreagracht as bainistiú buiséid ó lá go lá. Déanann an tAonad Airgeadais bainistiú agus comhordú ar chúrsaí a bhaineann le caiteachas iomlán ar Vóta 40. I measc gníomhaíochtaí bainistithe buiséid, tá obair a dhéanamh i gcomhar le haonaid líne chun tuairisciú go rialta ar chaiteachas do raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Rialtas, an tAire, an Bord Bainistíochta agus DPENDR.

In 2024, leanadh leis an gcóras faireacháin Vóta forleathan a bhí i bhfeidhm. Cuimsíodh leis sin cruinnithe monatóireachta rialta le DPENDR, Meamraim chaiteachais ráithiúil a chur faoi bhráid an Rialtais maidir le nuashonruithe ar chaiteachas reatha agus caipitil araon chomh maith le socruithe foirmiúla monatóireachta agus tuairiscithe reatha.

Chuaigh an tAonad Airgeadais (bainistíocht Vóta) chun tosaigh agus fuair sé maoiniú forlíontach don Vóta in 2024. Ina theannta sin, rinne an tAonad Airgeadais (Bainistíocht Vóta) mar aon leis na haonaid líne bainistiú réamhghníomhach ar an gcaiteachas i rith na bliana laistigh de na leithdháiltí comhaontaithe bunaidh agus athbhreithnithe.

Ullmhaíodh Cuntas Leithreasa 2023 le haghaidh Vóta 40 agus leagadh faoi bhráid an Oireachtais é. Tugtar mionsonraí ann faoi olltoradh na Roinne don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthair Dáil Éireann. Mar chuid de chlár athchóirithe chun bogadh i dtreo modhanna cuntasaíochta níos nua-aimseartha agus níos trédhearcaí, glacadh roinnt ceanglais chuntasaíochta rialtais nua in 2024.

Sholáthair Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste dearbhú neamhspleách gur úsáideadh cistí agus acmhainní na Roinne i gcomhréir leis an dlí, gur tugadh cuntas cuí iontu agus gur bainistíodh ar bhealach éifeachtach iad.

Rinneadh córas nua ***Soláthar chun Íoc*** (P2P) a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú leis an méid mór sonrasc chun cóiríocht tráchtála a chur ar fáil do Thairbhithe Cosanta Sealadaí. Foilsíodh tuarascálacha ar chaiteachas ábhartha agus ar ús a bhaineann le híocaíocht phras go tréimhsiúil ar mhaithe le trédhearcacht.

Tugadh cuireadh don Ard-Rúnaí, mar Oifigeach Cuntasaíochta, freastal ar chruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i mí Aibreáin 2024 chun cuntas leithreasa 2022 a chur i láthair a thuilleadh agus d'fhreagair siad ceisteanna ó chomhaltaí den Choiste ar raon ábhar tráthúil a bhain le vóta na Roinne.

Gníomh Straitéiseach 6.8

Cinnteoimid go mbeidh socruithe rialachais oiriúnacha bunaithe don bhuiséad d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus do Chúram Leanaí in Aois Scoile chun na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach agus luach ar airgead a chinntiú.

Bunmhaoiniú

Ba mholadh ón Sainghrúpa ina thuarascáil Comhpháirtíocht ar mhaithe le Leas an Phobail iad na ceanglais tuairiscithe airgeadais faoi Bhunmhaoiniú. Ceanglaíodh ar na Seirbhísí Comhpháirtíochta uile a raibh conradh gníomhach Bunmhaoinithe acu le linn na clárbhliana 2022/23 na Tuairisceáin Airgeadais bhailíochtaithe sin a sholáthar i gcás Bhliain 1 de Bhunmhaoiniú (an 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023). Ba é an spriocam lena gcur isteach le haghaidh na clárbhliana 2022/2023 ná an 26 Meitheamh 2024. Socrú idirthréimhseach a bhí sa tuairisciú airgeadais a rinneadh in 2024 agus is éard a bhí ann ná tuarascáil ioncaim agus chaiteachais. Ceanglaíodh go ndéanfadh cuntasóir ó chleachtas cláraithe nó comhlacht gairmiúil cláraithe (ACCA, CAI, CPA agus CIMA) an Tuarascáil Ioncaim agus Chaiteachais a chomhlánú agus a chur isteach thar ceann gach Seirbhíse Comhpháirtíochta.

Leis na tuairisceáin airgeadais cuirfear bonn eolais faoi fhorbairt leanúnach an Bhunmhaoinithe, lena n-áirítear an tsamhail leithdháileacháin le haghaidh Bhliain 4 den Scéim agus cuirfear bonn eolais faoi na hullmhúcháin le haghaidh Bhuiséad 2026. Agus an Roinn ag tiomsú sonraí iontaofa ar an mbealach sin, cuirfear ar a cumas forbairtí agus feabhsuithe nua ar an tsamhail Bhunmhaoinithe a dhearadh agus anailís a dhéanamh ar éifeachtúlacht an mhaoinithe a sholáthraítear ar leibhéil na seirbhíse agus na hearnála.

Samhail Oibriúcháin Nua

Faomhadh creat rialachais maidir leis an gcéim dhearaidh agus phleanála do ghníomhaireacht stáit nua le haghaidh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí in Aois Scoile in 2023. Ceapadh ***Bord Maoirseachta Cláir*** ar a bhfuil ionadaithe idir-Rannacha agus saineolaithe seachtracha a bhfuil taithí acu ar leibhéal sinsearach i mbainistíocht athraithe agus athchóiriú mórscála, ceannaireacht, rialachas, beartas poiblí agus eolas ar an earnáil chun an chéim sin a mhaoirsiú. Tá Údarás Deartha inmheánach ceaptha freisin ar a bhfuil oifigigh na Roinne chun gníomhú i gcáil chomhairleach chun cabhrú leis an mBord. Comhaontaíodh agus síníodh Meabhráin Tuisceana chun an clár chun an ghníomhaireacht a bhunú idir an Roinn agus Pobal/Tús Níos Fearr agus boird de gach ceann de na 30 Coiste Contae/Cathrach i gCúram Leanaí a chlúdach. Leanadh leis an obair sin in 2024.

Maoirseacht ar Eagraíochtaí Maoinithe um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí in Aois Scoile

Lean an Roinn ar aghaidh le maoirseacht ar Pobal agus ar 30 Coiste Contae/Cathrach i gCúram Leanaí a chinntiú agus mhaoinigh sí Eagraíochtaí Tacaíochta (dá ngairtí Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí roimhe seo) i rith na bliana 2024. Comhaontú Leibhéal Seirbhíse uileghabhálach idir an Roinn agus Pobal/Tús Níos Fearr, Clár Oibre bliantúil agus sraith Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta, in éineacht le ceanglais tuairiscithe ráithiúla, rinneadh iad a cheapadh, a aontú agus a chur chun feidhme. Maidir leis na Coistí Contae/Cathrach i gCúram Leanaí agus Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí, tá ráitis bhliantúla oibre comhaontaithe in éineacht le ceanglais tuairiscithe ráithiúla a ceapadh, a aontaíodh agus a cuireadh chun feidhme.

Gníomh Straitéiseach 6.9

Leanfaimid de bheith ag oibriú córais a sholáthraíonn cóiríocht do dhaoine atá ag iarraidh Cosaint Idirnáisiúnta, a chomhlíonann na Caighdeáin Náisiúnta agus a chinntíonn go ndéanann córais iniúchta monatóireacht éifeachtach ar an gcomhlíonadh sin.

Cosaint Idirnáisiúnta

Le hacmhainní feabhsaithe cumasaíodh córas iniúchta níos láidre chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán atá riachtanach le gur féidir leis na hionaid oibriú. Leis an gcóras iniúchta réamháitíochta cinntíodh go mbíonn caighdeáin i bhfeidhm sula ndéantar conarthaí le hionaid nua.

Gníomh Straitéiseach 6.10

Cinnteoimid go soláthraítear cláir mhaoiniúcháin de réir na gcuspóirí agus na gceanglas a luaitear.

Tacaíochtaí Iniúchta

Is é Pobal a riarann an Fheidhm Chomhlíontachta maidir le cláir/scéimeanna um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí in Aois Scoile ar son na Roinne, agus déanann sé iniúchtaí gan réamhfhógra ar sheirbhísí ELC agus SAC chun a dheimhniú go bhfuil siad ag cloí leis na príomhrialacha a bhaineann le cláir/scéimeanna ábhartha (ECCE, CCSP, NCS agus AIM). Riartar acmhainní comhlíontachta go héifeachtúil, chun clúdach 945 seirbhís in 2024, agus 1,377 conradh scéime/cláir a chinntiú. Thug Pobal faoi fhioruithe ar scéimeanna deontais freisin. Fuair an Roinn caiteachas neamh-incháilithe a aimsíodh le linn iniúchtaí comhlíonta nó fioruithe scéime deontais ar ais.

Gníomh Straitéiseach 6.11

Cinnteoimid go mbeidh oibleagáidí na Roinne faoin bPlean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide á soláthar mar aon le haon tionscnamh eile sa réimse sin amach anseo. Beidh comhlachtaí faoi choimirce na Roinne san áireamh ansin.

Le Sainordú na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide ceanglaítear ar ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla maidir le spriocanna a bhaineann leis an aeráid a chur chun feidhme. D'fhoilsigh an Roinn a ***Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide*** in 2024 ina leagtar amach a cuid spriocanna agus gnóthachtálacha maidir le hastaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a laghdú agus éifeachtúlachtaí fuinnimh a chur chun feabhais. Chuige seo, rianaíonn an Roinn dul chun cinn i dtéarmaí a spriocanna trí chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe SEAI agus leanann sí d'astaíochtaí carbóin ó aerthaisteal oifigiúil a sheach-chur trínár n-íocaíocht bhliantúil leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Déantar machnamh sa Treochlár ar an ról atá ag an Roinn maidir le forbairt agus soláthar beartas agus seirbhísí a chuireann eolas ar fáil don tsochaí agus a théann i gcion uirthi, agus leagtar amach ann freisin na bearta atá á ndéanamh ag an Roinn chun feasacht a mhúscailt agus bonn eolais a chur ar fáil d'iompraíochtaí bhaill foirne na Roinne ionas go mbeidh gníomhú ar son na haeráide agus an inbhuanaitheacht leabaithe sa bhealach a mbímid ag obair.

In 2024, thug Foireann Ghlas na Roinne ceannaireacht ar na tionscnaimh seo a leanas:

- Bhí sí rannpháirteach sna dúshláin bhliantúla coiscéimeanna, Marchathon agus Walktober, a bhí ar siúl i mí an Mhárta agus i mí Dheireadh Fómhair faoi seach
- Tugadh isteach pointe bailiúcháin mar chuid den Scéim Éarlaise agus Aisíoca in Plaza Miesach. Tá sé sin i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte chun tacú le roinnt carthanachtaí do leanaí
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar phróisis pháipéarbhunaithe sa Roinn, agus tá an mheastóireacht ar chleachtais digitiúcháin agus oiriúnú na gcleachtas céanna ag teacht chun bheith ina chur chuige réamhshocraithe ar fud na Roinne

Gníomh Straitéiseach 6.13

Leanfaimid d'fheabhas a chur ar ár n-acmhainneacht i sonraí, anailísíocht, taighde agus meastóireacht.

Taighde

Le linn 2024, d'óstáil an Roinn cúig chlub taighde agus d'fhreastail baill foirne den Roinn agus páirtithe leasmhara seachtracha orthu. Bhí trí cinn díobh sin ina n-imeachtaí pearsanta ar an láthair, agus reáchtáladh i Halla an Bhaile, Plaza Miesach iad.

Cuireadh raon tacaíochtaí meastóireachta ar fáil d'aonaid bheartais ar fud na Roinne. Foilsíodh athbhreithniú lár téarma ar Phlean Forbartha Cúig Bliana Chomhairle na nÓg agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar shamhail chistithe Chomhairle na nÓg, chomh maith le hAthbhreithniú Caiteachais ar Sheirbhísí Cónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Cuireadh tacaíocht taighde ar fáil ar fud na Roinne, rinneadh agus coimisiúnaíodh taighde príomhúil, agus rinneadh athnuachan ar Chlár Taighde ESRI na Roinne lena n-úsáidtear sonraí de chuid Fás Aníos in Éirinn. Leis na tionscadail agus na páipéir a cuireadh i gcrích in 2024 clúdaíodh raon réimsí téamacha, lena n-áirítear breith anabaí, treoir mhodheolaíoch Fás Aníos in Éirinn, tuismitheoireacht aonair, leitheadúlacht míchumais i measc daoine óga, agus déanamh cúraim i measc aosaigh óga.

Care Experiences: Journeys Through the Irish Care System

Is clár taighde agus sonraí é ***Care Experiences: Journeys Through the Irish Care System*** [Eispéiris Chúraim: Aistir trí Chóras Cúraim na hÉireann] atá á reáchtáil ag an Roinn i ndlúthchomhar le Tusla. Cuireadh tús leis an gclár in 2022, agus úsáidtear meascán de thaighde príomhúil agus bailiú agus anailísiú sonraí riaracháin neartaithe ann chun saol na leanaí atá faoi chúram agus faoi iarchúram agus saol na ndaoine siúd a bhí faoi chúram mar leanaí a iniúchadh agus a thuiscint níos fearr.

Tá an Clár comhdhéanta de roinnt Tionscadail atriallacha:

- Acmhainneacht chóras bainistithe cásanna Tusla a fhorbairt chun tuiscint níos fearr a fháil ar na conairí a ghlacann leanaí agus daoine óga tríd an gcóras cúraim
- Taighde trasearnála le haosaigh a bhfuil taithí acu ar chúram agus a d'fhág an córas cúraim ina ndiaidh
- Taighde fadama le daoine óga atá sa chóras cúraim faoi láthair agus staidéir thaighde agus gníomhaíochtaí saincheaptha ar thopaicí a bhaineann le córas cúraim na hÉireann

Tá trí struchtúr rialachais agus comhairleoireachta sa Chlár lena dtacaítear lena chuid oibre. Bord Cláir, ina bhfuil oifigigh ó Ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí, Grúpa Comhairleach Páirtithe Leasmhara, ina bhfuil ionadaithe ó eagraíochtaí príomhpháirtithe leasmhara, lucht acadúil agus daoine fásta a bhfuil taithí acu ar chúram, agus Painéal Saineolaithe a bhfuil Taithí acu ar Chúram, ina bhfuil 11 aosach a bhfuil taithí acu ar chúram.

In 2024, mar chuid den Chlár, cuireadh tús le hobair i gcomhar le Tusla maidir le húsáid a bhaint as a chuid sonraí maidir le bainistiú cásanna chun tuiscint níos fearr a fháil ar na conairí a ghlacann leanaí agus daoine óga tríd an gcóras cúraim. Leis an gClár freisin coimisiúnaíodh taighde ar choinneáil agus ar laghdú líon na gcúramóirí altrama agus ar eispéiris oideachais agus fostaíochta daoine óga a bhfuil taithí acu ar chúram. In 2024, leanadh ar aghaidh leis an taighde atá ar bun ag Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Sussex ar eispéiris agus torthaí aosach a bhí faoi chúram idir deich agus cúig bliana déag ó shin.

Taighde

In 2024, rinneadh raon príomhthionscadal taighde agus sonraí maidir le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí in Aois Scoile a bhrú chun cinn, lena n-áirítear:

- Rannpháirtíocht tionscnaimh na hÉireann i Suirbhé Idirnáisiúnta Teagaisc agus Foghlama (TALIS) de chuid OECD, Starting Strong
- suirbhé ionadaíoch ar Oideoirí agus Bainisteoirí Luathbhlianta
- suíomh gréasáin nua um Shonraí maidir le Luathfhoghlaim agus Cúram Leanaí a sholáthar – lena gcuimsítear sraith deaiseanna idirghníomhacha arna n-óstáil ag Pobal, sonraí a foilsíodh sa Tuarascáil Bhliantúil ar Phróifíl na hEarnála Luathbhlianta roimhe sin
- an Mheastóireacht ar Tús Níos Fearr arna seoladh ag an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha a chur i gcrích, chomh maith le raon tionscadal taighde i réimse na mionteangacha, na gcáilíochtaí foirne, na riachtanas maidir le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí in Aois Scoile a bhíonn ag teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i gceantair uirbeacha agus/nó a oibríonn uaireanta neamhghnácha agus pobalbhreith feasachta ráithiúil ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí

I rith 2024, chuaigh an Rannán um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí in Aois Scoile (ELC agus SAC) i mbun oibre le OECD freisin ar thionscadal taighde lenar cuireadh ionchur tírshonrach ar fáil maidir le taighde a thiontú ina bheartais ar mhaithe le hOideachas agus Cúram Luath-Óige atá ar ardchaighdeán agus ionchuimsitheach, agus d'oibrigh sí leis na comhlachtaí ábhartha chun táscairí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ELC agus SAC a thabhairt cothrom le dáta agus feabhas a chur orthu ar son na hÉireann.

Gníomh Straitéiseach 6.14

Tacóimid leis na comhlachtaí atá faoinár gcoimirce chun dea-chleachtas i dtaobh bainistiú acmhainní daonna, pleanáil don lucht saothair agus rialachas corparáideach a chinntiú.

Lean an tAonad um Rialachas Seachtrach AD agus Anailís ar an Lucht Oibre Earnála de Mheabhráin Tuisceana dírithe ar AD a chur chun cinn le comhlachtaí faoi choimirce na Roinne, chun a chuid idirghníomhaíochtaí agus socruithe acmhainní daonna/caidrimh thionsclaíoch leo maidir le ceadú a dhoiciméadú agus a chur ar bonn foirmiúil. Chruthaigh an tAonad foirmeacha teimpléid caighdeánaithe le haghaidh iarratais acmhainní daonna/caidrimh thionsclaíoch ar cheadú ó na comhlachtaí faoinár gcoimirce, i gcás iarratais ar phoist a chruthú agus a líonadh níos faide anonn ná leibhéal ceadaithe tarmligthe na gcomhlachtaí faoinár gcoimirce, mar aon le hiarratais chun téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a athrú.

Lean an tAonad ag dul i mbun comhar rialta le contrapháirtithe AD ó chomhlachtaí faoinár gcoimirce agus d'oibrigh sé leis na haonaid bheartais agus airgeadais ábhartha sa Roinn seo agus leis na haonaid bheartais um acmhainní daonna/caidreamh tionsclaíoch sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, lena n-áirítear na rannóga um Beartas Pá Earnála agus Caidrimh Thionsclaíoch agus Pá Shinsearaigh. Chuir sé cruinnithe míosúla tiomnaithe i bhfeidhm le comhghleacaithe sa Roinn Sláinte freisin chun maoirseacht chomhsheasmhach éifeachtach AD ar eagraíochtaí faoi FSS agus eagraíochtaí faoi alt 38 a chinntiú tar éis na feidhmeanna Míchumais a bheith aistrithe chuig an Roinn seo.

D'oibrigh an tAonad um Rialachas Corparáideach agus Gníomhú ar son na hAeráide le haonaid bheartais a bhfuil freagracht acu as comhlachtaí faoi choimirce na Roinne sa phróiseas a bhaineann le Ceapacháin ar an mBord. Gníomhaíonn an tAonad mar idirghabhálaí idir an Roinn agus Publicjobs.ie lena chinntiú go bhfógraítear agus go líontar gach folúntas boird mar is cuí. Déanann an tAonad cathaoirleacht ar an bhFóram Rialachais Earnála freisin chun treoir a chur ar fáil d'aonaid bheartais a bhfuil freagracht acu as comhlachtaí faoi choimirce na Roinne, mar aon le deis dóibh chun acmhainní rialachais úsáideacha a roinnt.

Aguisín I:

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2024

Tuairiscítear ídiú fuinnimh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar bhonn bliantúil agus déantar é a rianú i gcoinne na spriocanna atá leagtha amach sa Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide chun feabhas 50% a bhaint amach ar éifeachtúlacht fuinnimh mar aon le laghdú 51% ar astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (arna dtomhas in kgCO2) faoi 2030.

Bliain dhúshlánach a bhí in 2024 don Roinn, spreag an fhreagairt dhaonnúil ar an gcogadh san Úcráin agus na brúnna leanúnacha ar chóiríocht d'iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta méaduithe móra ar an bhfoireann agus ar oibríochtaí. Ba iad an cohórt foirne níos mó a theastaíonn chun freastal ar na tosaíochtaí sin agus an lorg cóiríochta suntasach feadh Phlaza Miesach, Chúirt Montague agus Mhol Idirthurais Iarthar na Cathrach na spreagthóirí don mhéadú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoinsí breosla iontaise (e.g. Gás), ar tháinig méadú os cionn 21% orthu ó leibhéil 2023. Rinneadh cúiteamh air seo i bpáirt le laghdú 5.1% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2024 ó fhoinsí nach breoslaí iontaise iad, amhail leictreachas.

Ach, in 2024 ba bheag nár shroich an Roinn sprioc na hearnála poiblí maidir le feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh. Is mar gheall ar ardleibhéil áitíochta i bhfoirgnimh na Roinne ar feadh na bliana é seo, a sholáthair barainneachtaí scála i dtéarmaí an fhuinnimh a úsáideadh de réir an bhaill foirne.

Thuairiscigh gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne a n-ídiú fuinnimh go díreach do SEAI, agus mar thoradh air sin, ní chumhdaítear a n-úsáid fuinnimh san fhorbhreathnú seo.

Aguisín II:

Bord Bainistíochta 2024



Aguisín III:

Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne in 2024

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
25 Bóthar Chluaidh
Baile Átha Cliath 4
https://nda.ie/ga/

Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Foirgneamh Brunel
An Ceantar Theas
Bóthar Eoin Thiar
Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8
www.tusla.ie

Údarás Uchtála na hÉireann
Teach Shíol Bhroin
Bóthar Shíol Bhroin
Baile Átha Cliath 4
https://aai.gov.ie/ga/

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas[12]
16-22 An Bóithrín Glas
Baile Átha Cliath 7
https://www.ihrec.ie/ga/

Oifig an Ombudsman do Leanaí[13]
Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór, Baile Átha Cliath 1
https://www.oco.ie/ga/home

Oifig an Stiúrthóra um Idirghabháil Údaraithe, Tuaim
Teach an Chustaim, Sráid Thobar an Iarla,
Gaillimh, H91XV2C
https://odait.ie/

Baile an Oibricigh
Baile an Oibricigh, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath, K45 AY66 www.oberstown.com

Gaisce, Gradam an Uachtaráin
Teach Ráth an tSratha, An Bóthar Thuaidh
Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8
www.gaisce.ie

12 Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas neamhspleách ina fheidhmeanna agus tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas, de réir an Achta fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

13 Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí neamhspleách ina feidhmeanna agus tuairiscíonn sí go díreach don Oireachtas, de réir an Achta um Ombudsman do Leanaí, 2002.

Aguisín IV:

Dualgas na hEarnála Poiblí



Tá dualgas agus freagracht dhlíthiúil ar chomhlachtaí poiblí comhionannas a léiriú, leithcheal a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhísí agus gach duine ar a n-imríonn a mbeartais agus a bpleananna tionchar a chosaint.

Aithníonn an Roinn an dualgas dearfach a fhorchuirtear uirthi le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 aird a thabhairt ar chearta an duine. Faoi alt 42, beidh aird ag comhlacht poiblí, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, ar an ngá atá ann — agus comhionannas i gcomhlíonadh a fheidhmeanna:

(a) deireadh a chur le leithcheal,

(b) comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a bhall foirne agus na ndaoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chur chun cinn, agus

(c) cearta daonna a chomhaltaí, a bhall foirne agus na ndaoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chosaint.

Cuimsíonn obair na Roinne breithniú réamhghníomhach ar chomhionannas agus ar chearta daonna gach duine aonair i bhforbairt beartais agus reachtaíochta.

Leagtar amach sa Phlean Measúnaithe agus Forfheidhmithe um Dhualgas na hEarnála Poiblí de chuid na Roinne bearta éagsúla a bhfuil an Roinn tiomanta dóibh ar mhaithe le caighdeáin dhualgas na hearnála poiblí a choimeád.

Chuir IHREC oiliúint ar fáil do chomhaltaí den Rannán Comhionannais, Óige agus Rannpháirtíochta maidir le dualgas na hearnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine an 6 Feabhra 2024.

D'fhoilsigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) mionsonraí maidir le comhlíonadh in 2024 maille le ceanglais faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tá stádas foilsithe na Roinne taifeadta mar 'Foilsithe' agus comhlíontach faoi láthair.

Aguisín V:

Nochtadh Cosanta

Fuair an Roinn cúig thuairisc ar éagóir faoin reachtaíocht maidir le Nochtadh Cosanta in 2024. Fuarthas ceann amháin ar bhealaí tuairiscithe inmheánacha, agus fuarthas ceithre cinn ar bhealaí tuairiscithe seachtracha. Le linn na bliana, dhún an Roinn an t-aon tuairisc amháin a fuarthas go hinmheánach agus péire de na tuairiscí a fuarthas go seachtrach. Ag deireadh 2024, bhí dhá thuairisc fós le réiteach.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland